

RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA

GAELCHOLÁISTE CHARRAIG UÍ LEIGHIN

Clár

Sainmhínithe **5**
Réamhrá **7**
Riachtanais Dhlíthiúla agus Eile **9**
Cuspóirí Sláinte agus Sábháilteachta **10**
1 9
2 11
3 16
4 17
4.1 Príomhfheidhmeannach 17
4.2 Duine a bhfuil Áit Oibre faoina Rialú 18
4.3 Ionadaithe Sábháilteachta 18
4.4 Coiste Sláinte agus Sábháilteachta 20
4.5 Gach Fostaí 21
4.6 Freagróir Garchabhrach 22
4.7 Maoir Dóiteáin 22
4.8 Conraitheoirí 23
4.9 Cuairteoirí 25
5 27
5.1 Aithint Guaiseacha, Measúnú Riosca 26
5.2 Teimpléad ÚSS le haghaidh Measúnú Riosca 28
5.3 Measúnuithe Riosca Idirghníomhacha ón ÚSS 29
6. 36
6.1 Teagmhais Chriticiúla 36
6.2 Sábháilteacht ar Dhóiteán 39
6.3 Bainistíochta Sábháilteachta ar Dhóiteán 41
6.4 Sceitheadh Gáis Amhrasta 44
6.5 Bagairt Bhuama 44
6.6 Doirteadh Ceimiceán 46
6.7 Garchabhair 47
6.7.1 Suíomh an Trealaimh agus na Soláthairtí Garchabhrach 48
6.7.2 Nós Imeachta maidir le Fearas Garchabhrach a Scrúdú agus a Sheiceáil 48
6.7.3 Ainmneacha na bhFreagróirí Garchabhrach 48
6.6.4 Uath-dhífhibrileoirí Seachtracha 48
6.7 Nós imeachta maidir le Timpiste agus Teagmhais a Imscrúdú 49

6.8 Nós Imeachta maidir le Comhlíonadh Covid-19 a Bhainistiú 51

7 53
8 54
9 56

AGUISÍN A **57**
Plean Aslonnaithe Sábháilteachta ar Dhóiteáin (Sampla) 57

AGUISÍN B **58**
Ceistneoir maidir le Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta (Sampla) 58

AGUISÍN C **63**
Taifead na gCleachtaí Dóiteáin (Sampla) 63

AGUISÍN D **64**
Seicliosta le haghaidh Bagairt Bhuama (Sampla) 64

AGUISÍN E **66**
Teimpléad le haghaidh Clár Ceimiceán (Sampla) 66

AGUISÍN F **67**
Suíomh agus Ábhair an Bhosca Gharchabhrach (Sampla) 67

AGUISÍN G **68**
Do Stáisiún Oibre a Leagan Amach 68

AGUISÍN H **70**
Cead chun Oibre (Sampla) 70

AGUISÍN I **73**
Earraí Nach Mór Cigireacht Reachtúil a Dhéanamh Orthu (Sampla) 73

AGUISÍN J **75**
Clár Trealaimh agus Treoirlínte Cigireachta (Sampla) 75

AGUISÍN K **76**
Seicliosta le haghaidh Ionduchtúchán Sábháilteachta d'Fhostaithe (Sampla) 76

AGUISÍN L **77**
Seicliosta le haghaidh Ionadaí Sábháilteachta (Sampla) 77

AGUISÍN M **79**
Seicliosta le haghaidh Scrúdú Bliantúil Sláinte agus Sábháilteachta (Sampla) 79

AGUISÍN N **80**
Ábhair bhreise lena gcur in oiriúint do riachtanais ar leith an ionaid 80

N.1 Substaintí Ceimiceacha 80
N.2 Sleamhnú, Tuisle agus Titim 82
N.3 Áiseanna Folláine / Sláinteachais 83
N.4 Láimhsiú 83
N.5 Stáisiún Oibre Ríomhaire 84
N.6 Seomraí Praiticiúla 85

N.7 Fostóirí Taithí Oibre a Rialú 86
N.8 Gníomhaíocht an Ionaid lasmuigh den Láthair (Turais / Imeachtaí Mac Léinn) 87
N.9 Úsáid Áitreabh an Ionaid ag Tríú Páirtithe 87
N.10 Obair Aonarach 87
N.11 Iompar a Bhainistiú 88
N.12 Áiseanna Lónadóireachta a Bhainistiú 89
N.13 Ábhair Mheisciúla ag an Obair 89
N.14 Bainistíocht Struis 90
N.15 Dínit ag an Obair 90
N.16 Cosaint Mháithreachais 93
N.17 Obair ar Airde 94
N.18 Conraitheoirí a Bhainistiú 95
N.19 Cuairteoirí a Bhainistiú 97
N.20 Seiceálacha agus Seirbhísiú Trealaimh 97
AGUISÍN O **99**
Teimpléid le haghaidh Measúnú Riosca COVID-19 99
MEASÚNÚ RIOSCA 1: Freagrachtaí / Córais Bhainistíochta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde 100
MEASÚNÚ RIOSCA 2: Scaradh Fisiciúil 103
MEASÚNÚ RIOSCA 3: Glanadh 106
MEASÚNÚ RIOSCA 4: Bainistíocht Foirgneamh, Tríú Páirtithe agus Nósanna Imeachta Éigeandála 108
MEASÚNÚ RIOSCA 5: Cianobair 111
MEASÚNÚ RIOSCA 6: Bainistíocht Cásanna 112
MEASÚNÚ RIOSCA 7: Meabhairshláinte agus Folláine 114
MEASÚNÚ RIOSCA 8: Oiliúint agus Trealamh Cosanta Pearsanta 115
MEASÚNÚ RIOSCA 9: Taisteal Gnó/Feithiclí Gnó (más infheidhme) 117

Sainmhínithe

Chun críche an Ráitis seo, beidh na bríonna seo ag na téarmaí a leanas:

Fostóir - déanann sé sin tagairt do Bhord Oideachais agus Oiliúna;

Ionad - ciallaíonn sé sin Scoil (Bunscoil agus Iarbhunscoil), Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Ionad Oiliúna, Ógtheagmháil, an Ceannoifig nó aon ionad BOO eile a chuireann seirbhísí ar fáil thar ceann na heagraíochta;

Bainisteoir Ionaid - ciallaíonn sé sin Príomhfheidhmeannach, Príomhoide, Bainisteoir Ionaid Oiliúna, Comhordaitheoir Ógtheagmhála, Oifigeach Oideachais Aosach nó aon phost eile ag a bhfuil freagracht as Scoil (Bunscoil agus Iarbhunscoil), Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Ionad Oiliúna, Ógtheagmháil, Ceannoifig nó aon ionad BOO eile a chuireann seirbhísí ar fáil thar ceann na heagraíochta a oibriú;

Bord Bainistíochta - ciallaíonn sé sin Bord Bainistíochta i gcás Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna;

Mac Léinn - ciallaíonn sé sin duine atá cláraithe nó ar socrúchán oibre i Scoil (Bunscoil agus Iarbhunscoil), Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Ionad Oiliúna, Ógtheagmháil, Ceannoifig nó aon ionad BOO eile a chuireann seirbhísí ar fáil thar ceann na heagraíochta;

Réamhrá

Éilítear le *hAlt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005* ar fhostóir ráiteas scríofa a ullmhú chun:

- Sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe a chosaint agus iad ag an obair;
- Sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine eile atá ag an áit oibre a chosaint, mic léinn, cuairteoirí, conraitheoirí agus daoine den phobal san áireamh.

Is léiriú é an ráiteas sábháilteachta seo ar thiomantas do shábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine ar fad a bhféadfadh obair an ionaid tionchar a imirt orthu. Clúdóidh an ráiteas sábháilteachta réimsí sonrach agus leagtar amach iad in *Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*.

Forbraíodh an Ráiteas seo bunaithe ar shainaithint guaiseacha agus na measúnuithe riosca lena mbaineann a dhéantar de réir *Alt 19 den Acht 2005*.

D'fhéadfadh doiciméid agus taifid sábháilteachta bhreise laistigh de gach scoil / ionad cur leis an Ráiteas seo chun raon agus réimse na seirbhísí a chuirtear ar fáil ann a léiriú. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh go n-oirfeadh nós imeachta eile agus/nó breise ní b'fhearr don timpeallacht a n-oibríonn ionad inti. Mar sin, má tá nósanna imeachta oibriúcháin eile nó breise ann, tá sé riachtanach go gcoinnítear iad laistigh den Ráiteas Sábháilteachta agus gur cuid de Chóras Bainistíochta Sábháilteachta an Ionaid iad agus go ndéantar tagairt shoiléir don nós imeachta a bhfuil feidhm aige. Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta an Ionaid bunaithe ar an Ráiteas sin agus nósanna imeachta oibriúcháin an ionaid.

Sa ráiteas seo:

- Sonraítear conas a dhéanfar sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe, mac léinn agus cuairteoirí go léir san Ionad seo a chinntiú agus a bhainistiú;
- Sonraítear na guaiseacha agus rioscaí a shainaithníonn an Fostóir;
- Tugtar sonraí maidir le conas a bhainistíonn an t-ionad a fhreagrachtaí maidir le sábháilteacht agus sláinte, lena n-áirítear (a) gealltanas chun cloí le hoibleagáidí dlíthiúla, (b) na bearta cosantacha agus coisctheacha a glacadh, (c) na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh sláinte agus sábháilteachta ag an áit oibre agus (d) na socruithe a úsáidtear chun na freagrachtaí sin a chomhlíonadh;
- Cuimsítear na pleananna agus nósanna imeachta a úsáidfear i gcás éigeandála nó dainséar tromchúiseach;
- Sonraítear dualgais na bhfostaithe, lena n-áirítear an comhoibriú atá de dhíth uathu maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta;
- Áirítear ainmneacha agus teidil phoist na ndaoine agus leagtar amach sa ráiteas a róil maidir le sláinte agus sábháilteacht nó na tascanna nach mór dóibh a dhéanamh;
- Tá na socruithe a rinneadh maidir le hionadaithe sábháilteachta a cheapadh ann, chomh maith le socruithe maidir le comhairliúchán le fostaithe agus rannpháirtíocht na bhfostaithe maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta;

- Tá na sonraí ar fad i bhfoirm scríofa agus teanga a d'fhéadfadh gach duine a thuiscint; agus
- Tugtar aird chuí ar an reachtaíocht chuí sláinte agus sábháilteachta.

Ba cheart an ráiteas sábháilteachta seo a léamh in éineacht le gach oibleagáid chonarthach eile, na polasaithe agus Cóid Iomair atá ann sa scoil, ionad agus an BOO. Ní mór sonraí maidir le haon athrú ar an Ráiteas Sábháilteachta a thaifeadadh sa stair leasúchán thíos.

Úsáidfear an tábla seo mar mheicníocht riaracháin lena chinntiú go ndéanfar aon leasúchán agus / nó aon rud breise a chuirfear leis an ráiteas bunaithe ar riachtanais BOO / Scoile i dtaca le nósanna imeachta sábháilteachta a thaifeadadh agus a chur ar fáil do bhaill foirne i ngach áit.

Dáta	Duine	Achoimre ar Athruithe	Uimhir Leagain Nua
Meitheamh 2020	BOOÉ		Máistirleagan 1
Iúil 2020	Donnchadh Ó Cróinín	Athfhormáidithe le bheith ag teacht le nósanna imeachta a bhaineann go sainiúil le BOO	Máistirleagan 2

Riachtanais Dhlíthiúla agus Eile

Forbraíodh an Ráiteas Sábháilteachta chun cur ar chumas an ionaid cloí lena phríomhriachtanais dhlíthiúla mar a leagtar amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus an reachtaíocht agus na rialacháin choimhdeacha eile. Forbraíodh an doiciméad seo ar aon dul le treoirlínte an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta d'Iarbhunscoileanna.

Thug an tAcht 2005 dualgais ar leith ar an bhfostóir agus fostaí isteach

Déantar cur síos ar dhualgais ghinearálta an Fhostóra i *gCuid 2 (Caibidil 1), 3 agus 4 den Acht 2005*.

Tá na riachtanais éagsúla roinnte sna ceannteidil seo a leanas:

- *Dualgais Ghinearálta Fostóirí (Alt 8);*
- *Eolas d'Fhostaithe (Alt 9);*
- *Teagasc, Oiliúint agus Maoirsiú na bhFostaithe (Alt 10);*
- *Éigeandálaí agus Contúirtí Tromchúiseacha agus Garchontúirtí (Alt 11);*
- *Bearta Cosantacha agus Coisctheacha (Alt 18);*
- *Aithint Guaiseacha agus Measúnú Riosca (Alt 19);*
- *Ráiteas sábháilteachta (Alt 20);*
- *Comhoibriú (Alt 21);*
- *Faireachas Sláinte agus Feidhmiúlacht chun Oibre ó thaobh Sláinte de (Alt 22 agus 23);*
- *Ionadaithe Sábháilteachta (Alt 25);*
- *Comhairliúchán Fostaithe (Alt 26);*
- *Pionósú (Alt 27).*

Thug an tAcht 2005 dualgais ar leith ar an bhfostóir agus fostaí isteach.

Déantar cur síos ar dhualgais ghinearálta an Fhostaí i *gCaibidil 2 den Acht 2005*.

Tá na riachtanais éagsúla roinnte sna ceannteidil seo a leanas:

- *Dualgais Ghinearálta Fostaithe (Alt 13);*
- *Cur isteach, mí-úsáid, etc. (Alt 14);*
- *Dualgais Ghinearálta Daoine a bhfuil Áiteanna Oibre faoina Rialú (Alt 15);*
- *Faireachas Sláinte agus Feidhmiúlacht chun Oibre ó thaobh Sláinte de (Cuid 23);*
- *Ionadaithe Sábháilteachta (Alt 25);*
- *Comhairliúchán Fostaithe (Cuid 26).*

Cuspóirí Sláinte agus Sábháilteachta

Agus cuspóirí agus spriocanna á leagan amach, déanfaidh an t-ionad cinnte de go mbíonn siad ag teacht le beartas Sláinte agus Sábháilteachta an BOO agus go gcuireann siad riachtanais airgeadais, oibríochta agus ghnó san áireamh, chomh maith le roghanna teicneolaíochta. Is é aidhm na gcuspóirí den chineál sin caighdeáin maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a chomhlíonfaidh go hiomlán aon rialacha, rialacháin agus cóid cleachtais a bheidh i bhfeidhm ag an am a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm iad freisin. Aidhm eile is ea é go gcloífear le dea-chleachtas maidir le soláthar na seirbhísí a chuireann an t-ionad ar fáil.

Chun a chinneadh an bhfuil na cuspóirí agus spriocanna á mbaint amach, déanfar iad a thomhas, más féidir, chun a bheith in ann monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Socróidh an Bainisteoir Ionaid na cuspóirí agus spriocanna, i gcomhar leis an gCoiste Sábháilteachta, agus aird á tabhairt ar na hacmhainní ar fáil laistigh den ionad a mhéid is féidir le réasún.

Mar seo a leanas cuspóirí an bheartais seo:

- Córais oibre a chur ar fáil atá pleanáilte, eagraithe, a chuirtear i gcrích agus a ndéantar cothabháil orthu.

1 Beartas Sláinte agus Sábháilteachta BOO

I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, is é polasaí Bhord an BOO sábháilteacht, sláinte agus leas na mball foirne go léir a chinntiú agus iad ag an obair, a mhéid is féidir le réasún, agus mic léinn, cuairteoirí, conraitheoirí agus daoine eile ag an scoil a chosaint ar dhíobháil agus drochshláinte a eascraíonn as aon ghníomhaíocht oibre. Chun an beartas seo a chur i bhfeidhm ar bhealach rathúil, tá tacaíocht iomlán agus comhoibriú gníomhach na mball foirne, na gconraitheoirí agus na mac léinn go léir ag an ionad ag teastáil.

Glactar leis gur riachtanais reachtúla iad aithint guaiseacha, measúnú riosca agus bearta rialaithe nach mór d'fhostóir a chinntiú go ndéantar iad chun sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne go léir a chinntiú.

Gabhann an BOO air féin, mar fhostóir, an méid seo a leanas a dhéanamh a mhéid is féidir le réasún:

(a) Caighdeáin maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a chur chun cinn a chomhlíonann forálacha agus riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus aon reachtaíocht, caighdeáin agus cóid chleachtais ábhartha eile;

(b) Eolas, oiliúint, teagasc agus maoirsiú a chur ar fáil de réir mar is gá chun cur ar chumas ball foirne a gcuid oibre a chur i gcrích ar bhealach sábháilte agus éifeachtúil;

(c) Béim sheasta leanúnach a leagan ar chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaineann le gníomhaíochtaí an ionaid;

(d) Feabhas leanúnach a chur ar an gcóras atá i bhfeidhm le haghaidh sábháilteacht cheirde, sláinte agus leas a bhainistiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras ó am go chéile lena chinntiú go mbíonn sé ábhartha, oiriúnach agus éifeachtach;

(e) Comhairle a lorg ó bhaill foirne maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa ag obair;

(f) Na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine siúd a bhfuil dualgas cúraim air ina leith a chinntiú, an fhoireann, mic léinn, conraitheoirí agus cuairteoirí san áireamh.

Tá an BOO tiomanta do ról gníomhach a ghlacadh i bhfeidhmiú an bheartais sábháilteachta ceirde, sláinte agus leasa seo. Gabhann sé air féin é a athbhreithniú agus a athrú i bhfianaise athruithe ar reachtaíocht, trealamh, taithí agus forbairtí ábhartha eile.

I gcás Scoileanna BOO, de réir Threoirlínte an BOO maidir leis an mBord Bainistíochta, tá an Bord freagrach as socruithe a dhéanamh chun plean scoile a ullmhú, a ghlacadh agus a athbhreithniú gach bliain, agus ní mór an Ráiteas Sábháilteachta seo a bheith san áireamh.

Síniú:

Post: Príomhfheidhmeannach

Dáta: 28 Feabhra 2020

2 Próifíl an Ionaid

Ainm an Ionaid	Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin
Seoladh	Carrigaline Education Campus, Ardnacloghy, Carrigaline, Co. Cork, P43 XV78
Ainm an Bhainisteora Ionaid	Donnchadh Ó Cróinín
Ainm an Bhainisteora Shinsearaigh	Donnchadh Ó Cróinín, Mairéad Ní Chonaill
Líon mac léinn	195
Líon foirgneamh	1 Príomhfhoirgneamh
Áiseanna, líon seomraí ranga, saotharlann, ceardlann, giomnáisiam, linnte, páirceanna lasmuigh san áireamh	20 Seomraí Ginearálta 1 Seomra Cheoil 1 Seomra Ealaín 1 Seorma Adhmadóireacht 1 Seomra GDC 1 Ionad Spóirt 1 Seomra Ríomhairí 1 Seomra Taispeántais 3 Saotharlann Eolaíochta 1 Seomra Eachbhaile 1 Seomra Innealtóireachta 1 Spórtlann Corpachmhainne
Socrú do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu	Rampaí Chathaoir Rotha Leithris Chathaoir Rotha Árdaitheoir
Liosta na gcuairteoirí rialta a chuireann seirbhísí ar fáil don ionad, mar shampla conraitheoirí seachtracha nó soláthraithe seirbhíse oideachais	Cannon Hygiene Centre for Asian Studies (UCC)
Foirgneamh á úsáid chun críocha eile taobh amuigh de ghnáthuaireanta scoile, oideachas aosach agus áiseanna fóillíochta	Scoil Cheoil Chorcaí gach Luain idir 16:00 agus 21:00
Oideachais Aosach (más infheidhme)	N/A

Ainm Ionadaí (Ionadaithe) Sláinte agus Sábháilteachta	Gary Ó Céilleachair, Allan Ó Suilleabháin
Suíomh Dífhibrileoirí / Fearais Gharchabhrach	Defibritheoir; An Fáiltiú Boscaí Garchabhair; Seomra Eolaíochta, Seomra Eac. Baile, Seomra Fóirne, An Fáiltiú, Seomar Fóirne Uachtarach
Ainm Príomhmhao(i)r Dóiteáin	Gary Ó Céilleachair, Allan Ó Súuilleabháin
Ionaid tionóil dóiteáin sheachtracha	Taobh thiar an príomhfhoirgneamh sna cúairt cispheile.

Foireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil		
Ról	**Ainm**	**Fón**
Ceann foirne:	Donnchadh Ó Cróinín	
Idirghabhálaí an Gharda Síochána	Donnchadh Ó Cróinín	
Teagmhálaí na foirne	Mairéad Ní Chonaill	
Idirghabhálaí na mac léinn	Donnchadh Ó Cróinín	
Riarthóir	Donnchadh Ó Cróinín	

Foireann / Freagróirí Garchabhrach		
Ainm	**Suíomh**	**Fón**
Donnchadh Ó Cróinín	Príomhoifig	
Sarah Ní hAodha	Halla Spóirt	
Orla de Bhailís	Seomra Fóirne	
Ronán Ó Muirí	Seomra Eolaíochta	

Gary Ó Céilleachair	Seomra Teicneolaíochta
Bernadette Ní Choscraigh	Seomra Fóirne
Mairéad Ní Chonaill	Príomhoifig
Allan O'Sullivan	Príomhfhoirgneamh
Marianne Ní Thuama	Seomra Eac. Baile

Teagmhálaithe Éigeandála		
Gníomhaireacht	**Ainm**	**Fón**
An Garda Síochána	Carrigaline Garda Station	021-4919370
Ospidéal	CUH	021-4922000
Dochtúir Ginearálta Áitiúil	Owenabue Medical Centre, Ballea Road, Carrigaline	021-4374997
	Carrig Medical Centre, Station Road, Carrigaline	021-4373555
	Cork Road Clinic, Cork Road, Carrigaline	021-4371177
	Carrigaline Surgery, Main Street, Carrigaline	021-4372635
	Bridge House Surgery, Main Street, Carrigaline	021-4372663
	South Doc – Cork City – Southside/Kinsale Road	1850 335 999
	Unit 17/18 South Ring Business Park, Kinsale	

	Road , Co. Cork	
FSS		1850 24 1850
Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe	Múinteoirí agus CRSanna	1800 411 057
Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe	Foireann ar fad eile	1800 817 435

Coiste Sláinte agus Sábháilteachta		
Ainm	**Suíomh**	**Uimhir Theagmhála**
Donnchadh Ó Cróinín	Príomhfhoirgneamh	
Allan O'Sullivan	Príomhfhoirgneamh	
Gary Ó Céilleachair	Seomraí Eile	

Ainm	**Suíomh**
Allan O'Sullivan	Príomhfhoirgneamh

Gary Ó Céilleachair	Seomraí eile

3 Acmhainní le Chur i bhFeidhm

Tá pleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa ina cuid dhílis den phróiseas pleanála agus féinmheastóireachta atá ann san ionad faoi láthair, ar a bhfuil léiriú sa ráiteas sábháilteachta seo. Ba cheart go ndéanfadh pleanáil ghinearálta, tosaíochtaí agus cinntí an ionaid eolas do leithdháileadh na n-acmhainní agus ba cheart go léireodh leithdháileadh na n-acmhainní na nithe sin.

Liostaigh agus déan cur síos ar na hacmhainní a leithdháiltear do gach ionad chun tacú le sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad, mar shampla acmhainní daonna, airgeadas, trealamh agus oiliúint.	
Acmhainní Daonna	**Seomra Oibre** **Seomra Fóirne**
Airgeadas	**Cúrsaí Garchabhrach agus Défibritheoir curtha ar fáil do gach ball fóirne agus íoctha ag an scoil**
Trealamh	**iPad do gach múinteoir** **Taisceadán do gach múinteoir** **Masc aghaidhe agus scáthlán** **Díghalarán**
Oiliúint	**Traenáil Garchabhrach agus Défibritheoir ar fáil gach rébhliain.** **FGL in úsáid iPadanna ar fáil go rialta** **FGL sa Gaeilge labhartha ag gach Cruinniú Fóirne**

4 Róil agus Feidhmeanna Tarmligthe

Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta maidir lena chinntiú go gcloítear le dualgais an fhostóra mar a leagtar amach san Acht 2005.

Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas, 2005, tá an fostóir freagrach as a chinntiú go mbíonn córais sábháilteachta chuí i bhfeidhm agus go sanntar feidhmeanna tarmligthe chun tacú le cultúr 'tús áite do shábháilteacht'.

Faoin alt 13 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is feidhm feidhmiúcháin é sláinte agus sábháilteacht agus is é an Príomhfheidhmeannach Oifigeach Cuntasaíochta na heagraíochta. D'fhéadfadh an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean chun Bainisteoir Ionad. Sainmhínítear Bainisteoir Ionaid faoin Acht 2005 mar dhuine a bhfuil áit oibre faoina rialú. San earnáil BOO, ciallaíonn sé sin

- Príomhoide
- Comhordaitheoir Ógtheagmhála
- Bainisteoir Ionaid Oiliúna
- Duine sinsearach arna tharmligean ag an bPríomhfheidhmeannach in áit shonraithe

Coinneofar liosta iomlán na ndaoine a bhfuil áiteanna oibre faoina rialú, iad siúd a dhéanann ionadaíocht le linn tréimhsí asláithreachta san áireamh, sa Cheannoifig.

B'fhearr breathnú ar phleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa mar chuid dhílis den phróiseas pleanála agus féinmheastóireachta atá ag an BOO agus ag an ionad faoi láthair. Ba cheart go ndéanfadh pleanáil ghinearálta, tosaíochtaí agus cinntí an BOO / an ionaid eolas don ráiteas sábháilteachta. Is feidhm feidhmiúcháin é ráiteas sábháilteachta a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm.

Cuirfear an oiliúint sábháilteachta agus sláinte atá ag teastáil ar fáil d'fhostaithe chun go mbeidh siad in ann a ról a dhéanamh. Déanfar gach iarracht chun a chinntiú go laghdófar na guaiseacha a aithnítear san áit oibre nó go bhfaighfear réidh leo chomh fada agus is fada le réasún.

Cuirfear an beartas agus nós imeachta seo in iúl ar bhealach éifeachtúil le gach ball foirne.



4.1 Príomhfheidhmeannach

- Cloí, a mhéid is féidir le réasún, le riachtanais sábháilteachta, sláinte agus leasa na bhfostaithe ag a (h)áit oibre agus leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá leagtha amach faoin Acht 2005;

- gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a dhéanamh sa chaoi is go gcinnteofar, a mhéid is féidir le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe ag a (h)áit oibre;
- gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a dhéanamh sa chaoi is go gcoisctear, a mhéid is féidir le réasún, aon iompar míchuí nó iompar ar dóigh dó sábháilteacht, sláinte agus leas a f(h)ostaithe ag an áit oibre a chur i mbaol;
- maidir leis an áit oibre atá i gceist, an méid seo a leanas a chinntiú a mhéid is féidir le réasún—
  - (i) í a dhearadh, a chur ar fáil agus a chothabháil i riocht atá, a mhéid is féidir le réasún, slán agus gan phriacal don tsláinte
  - (ii) bealaí sábháilte isteach san áit oibre sin agus amach as a dhearadh, a chur ar fáil agus a chothabháil, agus
  - (iii) gléasra agus innealra a dhearadh, a chur ar fáil agus a chothabháil atá slán agus gan phriacal don tsláinte;
- a chinntiú, a mhéid is féidir le réasún, go mbeidh daoine sábháilte ag an obair agus nach mbeidh priacal ann don tsláinte ag an obair i dtaca le húsáid aon substainte nó airteagail nó nochtadh ar thorann, creathadh nó ianúcháin nó aon radaíocht nó aon oibreán fisiciúil eile;
- córais oibre a chur ar fáil atá pleanáilte, eagraithe, curtha i gcrích agus cothabháilte ionas go mbeidh siad slán agus gan phriacal don tsláinte, a mhéid is féidir le réasún;

- saoráidí agus socraíochtaí le haghaidh leasa a c(h)uid fostaithe ag an obair a chur ar fáil agus a chothabháil;
- cibé faisnéis, teagasc, oiliúint agus maoirsiú a chur ar fáil is gá chun sábháilteacht, sláinte agus leas a c(h)uid fostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is féidir le réasún;
- cibé bearta sábháilteachta, sláinte agus leasa is gá le sábháilteacht, sláinte agus leas a f(h)ostaithe a chosaint a shocrú agus a chur i bhfeidhm nuair a aithnítear guaiseacha agus a dhéantar measúnú riosca faoi alt 19, nuair a ullmhaítear ráiteas sábháilteachta faoi alt 20 agus a chinntiú go dtugann na bearta aird ar na hathruithe ar dhálaí agus na prionsabail ghinearálta maidir le cosc a shonraítear i Sceideal 3;
- agus aird á tabhairt do na prionsabail ghinearálta maidir le cosc i *Sceideal 3*, sa chás nach féidir fáil réidh le rioscaí nó nach féidir iad a rialú go leordhóthanach nó i gcásanna a fhéadfar a fhorordú, cibé éadach cosantach oiriúnach is gá a chur ar fáil agus a chothabháil le sábháilteacht, sláinte agus leas a c(h)uid fostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is féidir le réasún;
- pleananna agus nósanna imeachta cuí a ullmhú agus a leasú, de réir mar is cuí, a bheidh le leanúint agus bearta le glacadh i gcás éigeandála nó garchontúirt mhór;
- timpistí agus teagmhais chontúirteacha a thuairisciú, de réir mar a fhorordófar, chuig an Údarás nó chuig an duine a fhorordaítear faoi alt 33, de réir mar is cuí, agus
- seirbhísí duine inniúil a fháil nuair is gá (cibé acu faoi chonradh fostaíochta nó ar shlí eile) chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid f(h)ostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is féidir le réasún.

4.2 Duine a bhfuil Áit Oibre faoina Rialú

- Comhlíonfaidh siad a mhéid is féidir le réasún le riachtanais an Achta 2005;
- A chinntiú a mhéid is féidir le réasún, maidir leis an áit oibre, agus le gach bealach isteach ann nó amach as atá ar fáil lena úsáid ag daoine a úsáideann an áit oibre, agus maidir le haon airteagal nó substaint san áit oibre, nó, de réir mar a bheidh, a chuirtear ar fáil le húsáid san áit oibre, go mbeidh siad sábháilte agus gan phriacal don tsláinte.
- A chinntiú go dtuairiscítear gach timpiste agus teagmhas chuig an BOO, go n-imscrúdaítear iad agus go gcuirtear gach tuarascáil reachtúil ábhartha i gcrích;
- Oiliúint ábhartha a eagrú agus na cláir chuí a choimeád;
- Páirt a ghlacadh sa Choiste Sábháilteachta má chuirtear ar bun ceann.

4.3 Ionadaithe Sábháilteachta

Féadfaidh fostaithe, ó am go ham, ionadaí (dá ngairtear “an t-ionadaí sábháilteachta” san Acht seo) a roghnú agus a cheapadh as measc a lín ina n-áit oibre, nó, le comhaontú an bhfostóra, níos mó ná ionadaí sábháilteachta amháin, chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh i gcomhairliúchán lena bhfostóir maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an áit oibre.

(2) Féadfaidh ionadaí sábháilteachta—

- cigireacht a dhéanamh ar an áit oibre ar fad nó cuid di—

(i) faoi réir *fo-alt (3) den Acht 2005*, tar éir fógra réasúnach a thabhairt don bhfostóir, nó

(ii) láithreach, i gcás timpiste, teagmhas contúirteach nó garchontúirt nó riosca do shábháilteacht, sláinte agus leas aon duine,

- timpistí agus teagmhais chontúirteacha a imscrúdú ar choinníoll nach gcuirfidh sé isteach, nó nach gcuirfidh sé bac, ar chomhlíonadh aon oibleagáide reachtúla a cheanglaítear ar aon duine a chomhlíonadh faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla ábhartha,
- faoi réir fógra roimh ré a thabhairt don fhostóir, imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéanfaidh aon fhostaí dá bhfuil sé ionadach i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas an fhostaí sin san áit oibre;
- dul in éineacht le cigire atá ag déanamh cigireachta ag an áit oibre nach cigireacht chun críche timpiste ná teagmhas contúirteach a imscrúdú é,
- faoi rogha an chigire i gceist, dul in éineacht le cigire atá ag déanamh cigireachta chun críche timpiste nó teagmhas contúirteach a imscrúdú,
- faoi rogha an chigire atá i gceist, má tá fostaí á chur faoi agallamh ag cigire i dtaca le timpiste nó teagmhas contúirteach ag an áit oibre, freastal a dhéanamh ar an agallamh ar iarratas an fhostaí,
- uiríll a dhéanamh chun fostóra i leith aon nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair,
- uiríll a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn chun cigirí i leith nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, lena n-áirítear timpistí nó teagmhais chontúirteacha a imscrúdú,
- comhairle agus faisnéis a fháil ó chigirí ar nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an áit oibre, nó
- comhairle a dhéanamh maidir le nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair le haon ionadaithe sábháilteachta eile a fhéadfar a cheapadh sa ghnóthas ábhartha, cibé acu an oibríonn na hionadaithe sábháilteachta sin san áit oibre chéanna, in áiteanna oibre eile faoi rialú an fhostóra nó ag amanna eile ag an áit oibre.

(3) Déanfaidh an fostóir agus an t-ionadaí sábháilteachta, agus aird á tabhairt do chineál agus méid na nguaiseacha san áit oibre, agus minicíocht nó sceideal na gcigireachtaí a chomhaontú a fhéadfar a dhéanamh faoi *fho-alt (2)(a)(i) den Acht 2005*, nach comhaontú é sin a choimeádfaidh an fostóir siar go míréasúnach.

(4) Breithneoidh gach fostóir aon uiríll a dhéanfaidh ionadaí sábháilteachta chuige nó chuici i dtaca le haon ábhar a shonraítear sa chuid seo nó aon ábhar eile a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas a f(h)ostaithe ag an obair agus, a mhéid is féidir le réasún, glacfaidh an fostóir aon bheart a mheasann sé nó sí a bheith riachtanach nó iomchuí maidir leis na huiríll sin.

(5) tabharfaidh fostóir d'ionadaí sábháilteachta cibé am saor óna d(h)ualgais a bheidh réasúnta ag féachaint do na himthosca uile, gan luach saothair a chailleadh, chun a chumasú don ionadaí sábháilteachta—

- an t-eolas a fháil, ar bhonn leanúnach, is gá chun a fheidhmeanna mar ionadaí sábháilteachta a chomhlíonadh, agus
- na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

(6) Sa chás go bhfreastalaíonn cigire ar áit oibre chun cigireacht a dhéanamh, cuirfidh an fostóir in iúl don ionadaí sábháilteachta go bhfuil cigireacht ar siúl.

Ní chuirfear ionadaithe sábháilteachta faoi aon mhíbhuntáiste de bhun a ról a chomhlíonadh.

4.4 Coiste Sláinte agus Sábháilteachta

Déanann Coiste Sláinte agus Sábháilteachta (Coiste Sábháilteachta ina dhiaidh seo) éascaíocht ar an bpróiseas comhairliúcháin maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa in ionad.

Tá sé de cheart ag fostaithe uiríll a dhéanamh chuig a bhfostóir agus dul i gcomhairle lena bhfostóir ar ábhair a bhaineann lena gcuid sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair.

Sa chás, in áit oibre le comhaontú an fhostóra, gurb ann do ghrúpa daoine (cibé ainm faoina n-aithnítear é) a dhéanann ionadaíocht don fhostóir agus do na fostaithe, arb ionann é agus coiste sábháilteachta i gcomhréir le *Sceideal 4 den Acht 2005* agus arb ann dó chun críche comhairliúcháin maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe ag an obair, féadfar go gcomhlíonfar na riachtanais i *bhfo-ailt (1)* agus *(2)* den Acht trí mheán comhairliúcháin i measc an ghrúpa daoine sin, a mhéid ar a gcomhaontófar idir an fostóir agus a c(h)uid fostaithe.

Breithneofar aon uiríll a dhéanfaidh fostaithe maidir le hábhair a bhaineann lena gcuid sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair agus glacfaidh an fostóir, a mhéid is féidir le réasún, aon bheart a mheasann sé nó sí a bheith riachtanach nó iomchuí maidir leis na huiríll sin.

Tabharfar d'fhostaithe a bhfuil páirt acu i socruithe le haghaidh comhairliúcháin cibé am saor óna d(h)ualgais a bheidh réasúnta ag féachaint do na himthosca uile, gan luach saothair a chailleadh, chun a chumasú do na fostaithe sin—

(a) an t-eolas agus an oiliúint a fháil is gá chun a bhfeidhmeanna faoin gcuid seo a chomhlíonadh, agus
(b) na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

Sa chás go mbunaítear coiste sábháilteachta mar mhodh comhairliúcháin le fostaithe, b'fhearr go mbeadh na daoine seo a leanas air ar a laghad;

- Bainisteoir Ionaid;
- Baill Foirne (arna dtoghadh ag an bhfoireann);
- Ionadaí Sábháilteachta (arna thoghadh ag an bhfoireann).

Breithneoidh an Coiste Sábháilteachta chomh maith aon ní eile a thagann chun cinn faoi Alt 26 (1) (b) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

4.5 Gach Fostaí

(1) Comhlíonfaidh siad a mhéid is féidir le réasún le riachtanais an Achta 2005.

Déanfaidh fostóir agus é nó í ag an obair—

a) déanfaidh sé nó sí na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh, de réir mar is cuí, agus glacfaidh sé nó sí cúram réasúnach chun a s(h)ábháilteacht, a s(h)láinte agus a leas a chosaint nó sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine eile a bhféadfadh gníomhartha nó neamhghníomhartha an fhostaí ag an obair dul isteach air nó uirthi a chosaint,

(*b*) cinnteoidh sé nó sí nach mbeidh sé nó sí faoi thionchar meiscigh go feadh méid go mbeidh sé nó sí sa riocht sin go gcuirfeadh sé nó sí a shábháilteacht, a shláinte nó a leas féin nó a sábháilteacht, a sláinte nó a leas féin, ag an obair, nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, i gcontúirt,

(*c*) má iarrann a fhostóir nó a fostóir air nó uirthi é le réasún, rachaidh sé nó sí faoi aon tástálacha cuí, réasúnacha agus comhréireacha le haghaidh meisceach arna ndéanamh ag lia-chleachtóir cláraithe nó faoi mhaoirseacht liachleachtóra chláraithe, ar duine inniúil é nó í, de réir mar a fhorordófar,

(*d*) comhoibreoidh sé nó sí lena f(h)ostóir nó le haon duine eile a mhéid is gá chun cur ar chumas a f(h)ostóra nó aon duine eile cloí leis na forálacha reachtúla ábhartha, de réir mar is cuí,

(*e*) ní iompróidh sé nó sí go mícheart nó ar shlí ar bith eile ar dóigh dó a s(h)ábháilteacht, a s(h)láinte nó a leas féin ag an obair nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile a chur i bpriacail,

(*f*) freastal ar aon oiliúint agus, más cuí, tabhairt faoi aon mheasúnú a bhféadfaidh a f(h)ostóir a bheith ag súil leis le réasún nó a fhéadfar a fhorordú i dtaca le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair nó i dtaca le hobair a dhéanann an fostaí,

(*g*) ag féachaint dá (h)oiliúint agus na treoracha a thugann a f(h)ostóir dó nó di, úsáid cheart a bhaint as aon airteagal nó substaint a chuirtear ar fáil lena n-úsáid ag an bhfostaí ag an obair nó lena s(h)ábháilteacht, s(h)láinte agus leas a chosaint, éadach nó trealamh cosantach san áireamh,

(*h*) déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta, an méid seo a leanas a thuairisciú chuig a f(h)ostóir nó aon duine cuí eile—

(i) aon obair a bheidh á déanamh, nó ar dóigh go mbeidh sí á déanamh, ar shlí a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair an fhostaí nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, a chur i gcontúirt,
(ii) aon fhabht san áit oibre, sna córais oibre, nó in aon airteagal nó substaint a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas an fhostaí ag an obair nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, a chur i gcontúirt, nó
(iii) aon sárú ar na forálacha reachtúla iomchuí a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas an fhostaí ag an obair nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, a chur i gcontúirt,

agus a mbeidh a fhios aige nó aici faoi.

(2) Ní dhéanfaidh fostaí, ar chonradh fostaíochta a dhéanamh, é féin nó í féin a mhífhaisnéisiú d'fhostóir maidir leis an leibhéal oiliúna a fhorordófar faoi *fho-alt (1)(f) den Acht 2005*.

4.6 Freagróir Garchabhrach

Pléann *Cuid 7, Caibidil 2 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007* le ceist na garchabhrach taobh istigh den ionad oibre. Tá dualgas ar an bhfostóir fearas garchabhrach a chur ar fáil ag gach suíomh oibre sa chás go n-éilítear é sin leis na coinníollacha oibre.

Leagann an BOO béim mhór ar an bhfreagracht as Freagróirí Garchabhrach a chur faoi oiliúint agus ar threalamh garchabhrach i ngach ionad. I gcomhréir leis na Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta, éilítear ar gach Freagróir Garchabhrach na cúrsaí oiliúna cuí a chur i gcrích d'fhonn garchabhair a riar i suíomh oibre.

Amhail ar an agus ón 1 Meitheamh 2018, ní aithníonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ach an cúrsa 'Freagairt Gharchabhrach na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil' mar oiliúint a chomhlíonann riachtanais a bhaineann le Garchabhair Cheirde in ionaid oibre. Bonnchúrsa garchabhrach is ea seo a chuireann oiliúint ar rannpháirtithe cúrsa le garchabhair a chur ar fáil do dhuine a thagann tinneas air/uirthi go tobann nó a ghortaítear go tobann go dtí go dtagann seirbhísí leighis éigeandála. Áirítear leis an gcúrsa sin freisin an caighdeán iomlán 'Freagairt Gharchabhrach - Pobal'. Fágann sé sin nach mór d'fhoghlaimeoirí a dhéanann oiliúint ón 1 Meitheamh 2018 an cúrsa iomlán nó cúrsa athnuachana a dhéanamh. Ach aithneofar aon oiliúint Garchabhrach Ceirde QQI a tharla roimh 31 Bealtaine 2018 ar feadh na tréimhse iomláine 2 bhliain ó dháta na hoiliúna. Déanfaidh an Coiste Sábháilteachta, mar chuid dá athbhreithniú bliantúil, plé ar riachtanais oiliúna na foirne garchabhrach.

Tá liosta na bhfreagróirí garchabhrach cáilithe ar fáil ar chlár fógraí na scoile/an ionaid.

Chuir an t-ionad fearais gharchabhrach chuí ar fáil ar fud an ionaid. Tá na freagróirí garchabhrach freagrach as na fearais gharchabhrach a choinneáil agus taifid chuí a choinneáil i gcomhréir lena n-oiliúint.

Cuirtear uath-dhífhibrileoirí seachtracha ar fáil mar ghléasanna tarrthála a d'fhéadfadh cosc a chur le bás de bharr stad cairdiach tobann. Cuirtear oiliúint ar fáil freisin do bhaill foirne aitheanta. Beidh baill foirne a bhfuil oiliúint acu in úsáid dífhibrileoirí freagrach as a chinntiú go ndéantar cothabháil ar na haonaid agus go gcomhlíonann siad na caighdeáin chuí agus, muna bhfuil cothabháil á déanamh orthu, é sin a chur ar shúile an Bhainisteora Ionaid lena cheartú.

4.7 Maoir Dóiteáin

Mar seo a leanas a dhéantar cur síos ar dhualgais agus freagrachtaí na bhfostaithe ar fad a ghníomhaíonn mar Mhaoir Dhóiteáin:

Dualgais Ghinearálta mhaor dóiteáin na scoile/an ionaid:

Is iad freagrachtaí ginearálta an mhaoir dóiteáin riosca dóiteáin a laghdú laistigh den ionad agus a chinntiú go ndéantar cothabháil chuí ar bhealaí agus trealamh éigeandála. Áirítear leis sin:

- Guaiseacha dóiteáin in áitreabh an ionaid a aithint agus a bhaint;
- A chinntiú go mbíonn bealaí éalaithe saor ó bhac;
- Seiceáil an bhfuil doirse dóiteáin saor ó bhac, ar an taobh istigh agus an taobh amuigh, agus nach bhfuil glas orthu;
- A chinntiú go ndéantar cothabháil ar threalamh comhrac dóiteáin agus go ndéantar é a sheirbhísiú;
- Eolas cruinn a choinneáil maidir le guaiseacha dóiteáin taobh istigh dá limistéar ainmnithe lena chur ar fáil do chomhraiceoirí dóiteán i gcás tine;
- Aon fhadhb maidir leis an méid thuas a thuairisciú chuig an mBainisteoir Ionaid agus a chinntiú go nglactar beart.

Dualgais mhaor dóiteáin scoile/ionaid - le linn dóiteáin:

I gcás éigeandála, tá freagracht ar bhaill foirne aonair a seomraí ranga/limistéir oibre agus an áit oibre a aslonnú. Is é ról mhaor dóiteáin na scoile tacú leis sin agus dara leibhéal cosanta a chur ar fáil. Ba cheart don mhaor dóiteáin:

- Éigeandáil a fhógairt nó déan cinnte de go bhfógraíonn duine eile an éigeandáil;
- Seiceáil a dhéanamh ar an gcuid sin den áitreabh a thugtar dóibh i ndiaidh an phríomhaslonnaithe lena chinntiú nach bhfágtar aon duine ar deireadh (leithreas agus seomraí stórála a bhféadfadh foghlaimeoirí/foireann a lorg tearmann iontu san áireamh);
- Trealamh dainséarach a dhúnadh, fuinneoga a dhúnadh agus doirse dóiteáin a dhúnadh má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh;
- Trealamh comhraicthe dóiteáin a úsáid má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh agus má tá siad muiníneach as é a úsáid;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhraiceoirí dóiteáin maidir le suíomh an dóiteáin agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an réimse sin den ionad.

4.8 Conraitheoirí

Tá sé de dhualgas ar gach conraitheoir a oibríonn in ionad nó a oibríonn thar ceann ionaid cloí le hoibleagáidí reachtúla mar a ainmníodh faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007-2016, agus aon reachtaíocht ábhartha eile cosúil leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Tógáil), 2013.

De ghnáth, tugann an BOO faoi thionscadail tógála shuntasacha, mar shampla síneadh, oibreacha samhraidh, thar ceann na scoile/an ionaid. Go ginearálta, is iad na cásanna sin:

- Nuair atá páirt ag níos mó ná conraitheoir amháin san obair;
- Tá sé pleanáilte go mbeidh an obair ar siúl ar feadh níos mó ná 30 lá (nó 500 lá duine); nó
- Tá riosca ar leith i gceist.

Sa chás go n-aithnítear tionscadail shuntasacha, déanfaidh an BOO cinnte de go gcloítear leis na rialacháin ábhartha agus cuirfidh sé an scoil ar an eolas maidir leis sin.

Ó am go ham, bainfidh an t-ionad úsáid as seirbhísí cuideachta conarthaigh níos lú chun réimse tascanna tógála a dhéanamh, mar shampla pluiméir, leictreoir nó siúinéir etc. Má tá conraitheoir amháin i gceist leis an obair, níl aon riosca ar leith ann agus ní bheidh an tasc ar siúl ar feadh níos mó ná 30 lá oibre nó 500 lá duine, ba cheart aird a thabhairt ar na príomhphointí seo a leanas chun cloí leis na riachtanais sábháilteachta agus sláinte agus lena chinntiú go ndéantar an cineál oibre sin a dhéanamh go sábháilte gan ach cur isteach beag ar obair:

Déanfaidh an t-ionad:

- A chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí agus taithí chuí ag an gconraitheoir agus go gcláraítear é, más cuí, le comhlacht ceirde a aithnítear go cuí;
- Na codanna ábhartha dá ráiteas sábháilteachta agus comhad sábháilteachta (más ann d'aon) a chur ar fáil d'aon chonraitheoir a oibríonn san ionad thar ceann an ionaid;
- Ráiteas sábháilteachta agus treoracha an ionaid maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a chur ar fáil do chonraitheoirí;
- Eolas a fháil ar dhualgas an chonraitheora chun codanna ábhartha de ráiteas sábháilteachta agus measúnuithe riosca an chonraitheora a chur ar fáil don ionad maidir leis an obair atá ar siúl;
- Comhoibriú a dhéanamh agus a ngníomhaíochtaí a chomhordú d'fhonn rioscaí do shábháilteacht, sláinte agus leas a choisc sa chás go roinntear áit oibre le conraitheoir.

Féadfaidh pearsanra an ionaid scrúdú a dhéanamh ar aon oibríochtaí conraitheoirí tráth ar bith agus beidh sé de chumhacht ag pearsanra stop a chur le haon ghníomhaíocht ar chúiseanna sábháilteachta.

Ní mór do chonraitheoirí gach timpiste agus neastimpiste a thuairisciú, beag beann ar a mhéid, chuig a dteagmhálaí san ionad a luaithe is féidir ina dhiaidh sin agus comhoibriú a dhéanamh maidir le haon imscrúdú ar an teagmhas. Níl cead acu cur isteach ar aon trealamh de chuid an ionaid muna bhfuil cead acu roimh ré.

Caithfidh an trealamh ar fad a thógann conraitheoirí isteach in áitreabh an ionaid a bheith sábháilte lena úsáid, caithfidh na cosaintí sábháilteachta ar fad a bheith i bhfeidhm, na teastais riachtanacha ar fad a bheith in éineacht leis an trealamh, más gá, agus caithfidh nach gcuireann an trealamh aon bhall foirne, mac léinn nó conraitheoir i mbaol agus é á úsáid.

4.9 Cuairteoirí

Ní mór do mhic léinn, tuismitheoirí, saorálaithe agus cuairteoirí cloí le ráiteas sábháilteachta agus treoracha an ionaid maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas.

Is riachtanas é go gcuirtear an leibhéal céanna sábháilteachta, sláinte agus leasa ar fáil do mhic léinn agus do chuairteoirí is a chuirtear ar fáil d'fhostaithe.

Ba cheart treoir a thabhairt do chuairteoirí aird a thabhairt ar na bealaí éalaithe ó gach urlár an fhoirgnimh agus eolas a thabhairt dóibh ar chomharthaí aláraim.

I gcás éigeandála, ba cheart treoir a thabhairt do mhic léinn / cuairteoirí na treoracha maidir le haslonnú an áitribh a leanúint nó baill foirne a leanúint i dtreo bealach amach sábháilte.

5 Measúnú Riosca

5.1 Aithint Guaiseacha, Measúnú Riosca

D'fhéadfadh go mbeadh cleachtadh amhairc a léiríonn cás ag tráth ama áirithe i gceist le measúnú riosca. Dualgas cúraim ciallmhar is ea rioscaí agus guaiseacha a aithint le tacú le Fostóir cinntí a dhéanamh i dtaca le hacmhainní a úsáid.

Aithnítear gur gá d'fhostóir, i gcás go mbíonn ball foirne i mbun measúnú riosca, a chinntiú go n-aithnítear méid ama le linn an lae oibre leis an obair a chur i gcrích. Ní bheidh fostaithe a ghlacann páirt sa phróiseas measúnaithe riosca de mheon macánta faoi réir aon beart smachtaithe.

Is é an duine is oiriúnaí chun an measúnú riosca a dhéanamh in aon réimse / suíomh ná an ball foirne aonair ag a bhfuil an taithí agus an t-eolas is mó ar nádúr na hoibre a bhíonn le déanamh i limistéir áirithe an ionaid. Fágann sé sin go bhféadfar iarraidh ar an duine/na daoine is eolaí ar an spás oibre agus gníomhaíochtaí atá le déanamh measúnú riosca ar a spás oibre a dhéanamh, mar is mó an seans go mbeidh eolas acu ar ghuaiseacha agus go ndéileálfaidh siad le guaiseacha ar bhonn laethúil.

Ní chuireann cleachtadh measúnaithe riosca freagracht ar an bhfostaí riosca a laghdú nó fáil réidh le riosca. Nuair a aithnítear an riosca/an ghuais le linn an phróisis measúnaithe riosca, cuirtear freagracht ar an mBainisteoir Ionaid an riosca/an ghuais a laghdú nó fáil réidh leis/léi ar bhealach pleanáilte agus comhordaithe. D'fhéadfadh go mbeadh cúnamh agus tacaíocht ón BOO ag teastáil lena aghaidh sin.

Ní chealaíonn an cleachtadh dualgas an fhostaí an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le haon ábhar imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn am ar bith eile. Ba cheart plé a dhéanamh go háitiúil laistigh de scoileanna agus ionaid ar an am cuí a chur ar fáil chun tacú le daoine a dhéanann measúnuithe riosca ar bhonn bliantúil nó leathbhliantúil ina réimse oibre.

Tá Teimpléid de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh measúnú riosca san áireamh le haguisíní an ráitis sábháilteachta **(féach 5.2 agus 5.3)** agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚSS freisin. Tá na teimpléid le cur in oiriúint go sonrach do gach ionad. Tá athbhreithniú agus leasú le déanamh orthu uair amháin sa bhliain ar a laghad, nó mar a tharlaíonn athruithe suntasacha a bhaineann le trealamh, córas pearsanra nó aon ní eile.

Ní gá síniú a bheith ar an bhfoirm measúnaithe riosca ach ní mór taifead a choinneáil ar cé a rinne an measúnú chun críche coimeád taifead atá cruinn agus freagrach.

Tá measúnú riosca ag croílár sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú go héifeachtúil in aon áit oibre. Sula ndéantar measúnú riosca, ba cheart do bhaill de phobal an ionaid a bheith ar an eolas faoi roinnt téarmaí riachtanacha sláinte agus sábháilteachta.

Guais:

Guais is ea aon rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhaoine, réadmhaoin nó airnéis nó an timpeallacht. D'fhéadfadh ábhar oibre, trealamh oibrer, nó modh nó cleachtas oibre a bheith i gceist leis.

Riosca:

Is é riosca an dealraitheacht go ndéanfaidh an ghuais dochar do dhuine, chomh maith le déine an dochair a dhéantar. Braitheann riosca chomh maith ar líon na ndaoine a nochtar ar an riosca.

Bearta rialaithe / rialuithe:

Beartais chosanta is ea bearta rialaithe / rialuithe a dhéantar chun a chinntiú go bhfaightear réidh leis an riosca nó go laghdaítear é. I ndiaidh measúnú riosca a dhéanamh, is gné ríthábhachtach de shábháilteacht a bhainistiú go héifeachtach é bearta rialaithe a chur i bhfeidhm. Déanann bearta rialaithe cinnte de go mbíonn trealamh sábháilte agus go ndéantar gníomhaíochtaí oibre ar bhealach sábháilte, mar shampla. Ní leor a bheith feasach ar riosca. Ní mór bearta rialaithe a chur i bhfeidhm chun an riosca a laghdú go suntasach nó chun fáil réidh leis an riosca.

5.2 Teimpléad ÚSS le haghaidh Measúnú Riosca

Teimpléad Folamh Uimh. 74 le haghaidh Measúnú Riosca (Liostaigh guaiseacha, rioscaí agus rialuithe breise a bhaineann go sonrach le d'ionad i dTeimpléad Uimh. 74)

Guaiseacha	An bhfuil an ghuais ann? T/N	Cad é an riosca?	Grádú riosca A = Ard M= Meánach Í = Íseal	Bearta rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Muna bhfuil, cad iad na bearta atá ag teastáil chun an rialú a chur i bhfeidhm?	An duine atá freagrach	Dáta ar ar cuireadh an beart i bhfeidhm

Má tá níos mó ná beart amháin **Ardriosca (A)** ag teastáil, d'fhéadfadh an riosca gortaithe a bheith ard agus ba cheart beart a ghlacadh láithreach.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhearta **Meánriosca (M)** a luaithe is féidir. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhearta **Ísealriosca (Í)** a luaithe is indéanta.

Duine a rinne an Measúnú Riosca: Dáta: / /

5.3 Measúnuithe Riosca Idirghníomhacha ón ÚSS

Is féidir teimpléid le haghaidh an Mheasúnaithe Riosca ábhartha a íoslódáil ach cliceáil ar an íocón ábhartha.

Tabhair do d'aire gur féidir na teimpléid seo a chur in oiriúint do riachtanais na n-ionad aonair nuair a íoslódáiltear iad. Má theastaíonn teimpléid eile nach bhfuil ar an liosta ón ionad, ba cheart an teimpléad ginearálta (74) a úsáid muna bhfuil teimpléad seanbhunaithe á úsáid cheana.

Uimh. 1 Seomra Ealaíne (Ginearálta)
Uimh. 2 Ealaín (Ceirmeacht)
Uimh. 3 Ealaín (Úsáid Gearrthóirí Sábháilteachta / Sceana)
Uimh. 4 Ceaintín (Ginearálta)
Uimh. 5 Ceaintín (Táirgí Ceimiceacha a Úsáid)
Uimh. 6 Glantachán (Ginearálta)
Uimh. 7 Glantachán (Ceimiceáin Ghuaiseacha agus Oibreáin Bhitheolaíochta)
Uimh. 8 Glantachán (Dlúthóir Dramhaíola agus Burlaire)
Uimh. 9 Glantachán (Obair ar Airde - Dréimirí)
Uimh. 10 Glantachán (Socruithe Leasa - Leithris, Báisíní Níocháin, Cithfholcadáin)

Uimh. 11 Stáisiúin Oibre VDU (Ginearálta)
Uimh. 12 Sleamhnú, Tuisle agus Titim
Uimh. 13 Láimhsiú
Uimh. 14 Rochtain Ghinearálta / Dul Amach
Uimh. 15 Obair ar Airde (Ginearálta)
Uimh. 16 Ardaitheoirí Ardáin
Uimh. 17 Ardaitheoirí Paisinéirí / Seirbhísí
Uimh. 18 Dóiteán (Seomraí Speisialta)
Uimh. 19 Dóiteán (Seomraí Ranga agus Oifigí Ginearálta)
Uimh. 20 Dóiteán - Imeachtaí Ar Láthair na Scoile (Drámaí, Ceoldrámaí, Ceolchoirmeacha, Cruinnithe)
Uimh. 21 Garchabhair
Uimh. 22 Gléasanna Iniompartha Leictreacha
Uimh. 23 Bulaíocht ag an Áit Oibre
Uimh. 24 Strus ag an Áit Oibre

Uimh. 25 Carrchlós agus Limistéir Sheachtracha
Uimh. 26 Seomra Foirne
Uimh. 27 Mná ag iompar clainne, ag céim na hiarbhreithe agus ag cothú cíche
Uimh. 28 Torann
Uimh. 29 Radón
Uimh. 30 Múscán
Uimh. 31 Aispeist
Uimh. 32 Legionella
Uimh. 33 Oibrithe Aonaracha (feighlithe, mar shampla)
Uimh. 34 Seomra Eacnamaíochta Baile (Ginearálta)
Uimh. 35 Eacnamaíocht Bhaile (Úsáid Gearrthóirí Sábháilteachta / Sceana)
Uimh. 36 Eacnamaíocht Bhaile (Gléasanna Iniompartha Leictreacha)
Uimh. 37 Cothabháil (Ginearálta)
Uimh. 38 Conraitheoirí Tógála

Uimh. 39 Cothabháil (Tarracóirí)
Uimh. 40 Coire-Theach agus Umair Bhreosla
Uimh. 41 Bearradh Féir / Lomaire Marcaíochta
Uimh. 42 Scairdniteoirí
Uimh. 43 Ciumhaisirí
Uimh. 44 Dlúthóir Dramhaíola agus / nó Burlaire
Uimh. 45 Cothabháil (Obair ar Airde - Dréimirí)
Uimh. 46 Trealamh Aclaíochta / Trealamh Giomnáisiam
Uimh. 47 Cuaillí
Uimh. 48 Cúrsaí Mac Léinn
Uimh. 49 Eolaíocht (Dóirí Bunsen)
Uimh. 50 Eolaíocht (Ceimiceáin)
Uimh. 51 Eolaíocht (Earraí Gloine)
Uimh. 52 Teicneolaíochtaí (Uirlisí Láimhe Cumhachtaithe)

Uimh. 53 Teicneolaíochtaí (Uirlisí Láimhe Neamhchumhachtaithe)
Uimh. 54 Teicneolaíochtaí (Crios-Sábh Tábla faoi stiúir na Lámh)
Uimh. 55 Teicneolaíochtaí (Oighinn Leictreacha)
Uimh. 56 Teicneolaíochtaí (Deil Láir le haghaidh Oibriú Miotail (arna oibriú de láimh))
Uimh. 57 Teicneolaíochtaí (Sábh Ciorclach Binse le haghaidh Adhmadóireachta)
Uimh. 58 Teicneolaíochtaí (Binse / Líomhadóir Seastáin)
Uimh. 59 Teicneolaíochtaí (Ceimiceáin Ghuaiseacha - Oibriú Miotail, Adhmadóireacht, etc.)
Uimh. 60 Teicneolaíochtaí (Meaisín Muilleála)
Uimh. 61 Teicneolaíochtaí (Moirtíseoir)
Uimh. 62 Teicneolaíochtaí (Druilire Seastáin (Oibriú Miotail))
Uimh. 63 Teicneolaíochtaí (Plánáil Dromchla agus Meaisín Tiúsachta)
Uimh. 64 Teicneolaíochtaí (Cuasphlána Iniompartha)

Uimh. 65 Teicneolaíochtaí (Sábh Cumhachta Ciorclach Iniompartha Láimhe)
Uimh. 66 Teicneolaíochtaí (Scrollsábh Suite ar Bhinse)
Uimh. 67 Teicneolaíochtaí (Foirmeán Folúis)
Uimh. 68 Teicneolaíochtaí (Deil Adhmaid)
Uimh. 69 Teicneolaíochtaí (Gilitín Chumhachtaithe)
Uimh. 70 Teicneolaíochtaí (Gilitíní Gearrtha Miotail arna nOibriú ag Troitheán Láimhe)
Uimh. 71 Gníomhaíocht Scoile as an Láthair (Turais Scoile - Turais Lae, Cluichí)
Uimh. 72 Gníomhaíocht Scoile as an Láthair (Gníomhaíocht Eachtraíochta Taobh Amuigh)
Uimh. 73 Gníomhaíocht Scoile as an Láthair (Socrúcháin Oibre)
Uimh. 74 Teimpléad Folamh le haghaidh Measúnú Riosca

6. Nósanna Imeachta Éigeandála agus Ginearálta

Tá an mhír seo roinnt ina dá réimse ar leith. Tá pleananna agus nósanna imeachta an ionaid a bheidh le leanúint i gcás éigeandála nó teagmhas criticiúil sa mhír, chomh maith le nósanna imeachta agus treoirlínte oibriúcháin ginearálta.

6.1 Teagmhais Chriticiúla

Tá sé mar aidhm ag an nós imeachta seo folláine na mac léinn agus na mball foirne a chosaint trí shoiléire a chur ar fáil maidir le conas a freagróidh an t-ionad do theagmhais a rachaidh i bhfeidhm ar an bpobal ionad i gcoitinne. Gné amháin de bheartais agus pleananna an ionaid is ea an Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil (PBTC). Forbraíodh an PBTC trí thagairt don treoir agus oiliúint a chuireann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) ar fáil agus leabhrán na SOSO dar teideal '*Responding to Critical Incidents – NEPS Guidelines and Resource Materials for Schools'.*

Sainmhíniú

Sainmhínítear teagmhas criticiúil mar "theagmhas nó sraith imeachtaí a chuireann gnáthmheicníocht chóipeála an ionaid as a riocht". D'fhéadfadh duine amháin nó níos mó de na mic léinn nó baill foirne, nó daoine den phobal áitiúil, a bheith páirteach i dteagmhais chriticiúla. Áirítear leis na cineálacha teagmhas:

- Bás duine de phobal an ionaid mar gheall ar thimpiste, foréigean, féinmharú nó féinmharú amhrasta nó bás gan choinne eile;
- Briseadh isteach san ionad;
- Timpiste ina bhfuil baint ag daoine de phobail an ionaid;
- Timpiste / tragóid i measc an phobail i gcoitinne;
- Damáiste dáiríre d'fhoirgnimh an ionaid mar gheall ar dhóiteáin, tuilte, loitiméireacht, etc;
- Duine de phobal an ionaid a bheith ar iarraidh.

Aidhm

Is é aidhm an PBTC tacú le Bainistíocht an Ionaid agus baill foirne freagairt go pras agus go héifeachtach i gcás timpiste, chun cur ar ár gcumas smacht a choinneáil agus a chinntiú go bhfuil an tacaíocht chuí ar fáil do mhic léinn/foghlaimeoirí agus baill foirne. Má tá plean maith ann, ba cheart go gcinnteofaí go gcuirfí srian leis na tionchair ar mhic léinn agus ar an bhfoireann. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar ár gcumas dul ar ais mar a bhí a luaithe is féidir.

Éiteas láidir, comhbhách agus tacúil a chruthú san ionad

Tá córais i bhfeidhm a thacóidh le hathléimneacht i measc na foirne agus na mac léinn a thógáil, agus mar sin iad a ullmhú chun an ceann is fearr a fháil ar raon imeachtaí saoil. Áirítear leis sin raon bearta chun aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht fhisiciúil agus síceolaíochta an phobail scoile.

Sábháilteacht fhisiciúil

- Plean aslonnaithe a chur le chéile;
- Cleachtaí dóiteáin rialta a chur ar siúl;
- Bealaí éalaithe dóiteáin agus múchtóirí dóiteáin a sheiceáil go rialta.

Sábháilteacht síceolaíochta

Tá sé mar aidhm ag bainistíocht agus foireann an ionaid na cláir agus na hacmhainní atá ar fáil a úsáid chun feabhas a chur ar bhraistint sábháilteachta agus slándála san ionad agus deiseanna ar mhachnamh agus plé a chur ar fáil.

- Tá fáil ag an bhfoireann ar oiliúint dá ról maidir le Garchabhair, Sláinte agus Sábháilteacht etc;
- Tá cur amach ar an bhfoireann ar Threoirlínte agus Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí agus sonraí maidir le conas a rachfar ar aghaidh i gcás amhrais nó nochta;
- Cuirtear eolas ar fáil ar mheabhairshláinte go ginearálta agus ar réimsí sonracha cosúil le comharthaí ar dhúlagar agus imní;
- Tugtar eolas do bhaill foirne faoi fheasacht i leith féinmharú agus cuirtear oiliúint ar roinnt ball foirne maidir le hidirghabháil i gcás mic léinn atá ag smaoineamh ar iad féin a mharú.
- Tá naisc forbartha idir an t-ionad agus raon gníomhaireachtaí seachtracha;
- Déantar plé cúramach ar ionchur soláthraithe seachtracha i bhfianaise na gcritéar maidir le sábháilteacht na mac léinn;
- Tá beartas soiléir ann maidir le bulaíocht agus tugtar aghaidh ar bhulaíocht i gcomhréir leis an mbeartas sin;
- Má tá foráil ann dó, tá córas cúraim i bhfeidhm san ionad atá faoi threoir na Seirbhíse Gairmthreorach agus Comhairleoireachta agus na Seirbhíse Tacaíochta Míchumais;
- Déantar mic léinn atá aitheanta mar mhic léinn i mbaol a atreorú chuig an mball foirne ainmnithe (mar shampla, treoirchomhairleoir, múinteoir tacaíocht agus seirbhísí tacaíochta eile), déantar plé ar ábhair imní agus cuirtear an leibhéal cúnaimh agus tacaíochta cuí ar fáil. Tugtar an t-eolas is déanaí ar fáil do thuismitheoirí i gcás mic léinn faoi bhun 18 mbliana d'aois agus, más cuí, déantar atreorú chuig gníomhaireacht chuí;
- Tugtar eolas don fhoireann maidir le conas tacaíocht dóibh féin a fháil.

Foireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil (FBTC)

Cuireadh FBTC ar bun ar aon dul le dea-chleachtas. Roghnaítear baill den fhoireann ar bhonn deonach agus beidh na róil acu ar feadh bliain acadúil amháin ar a laghad. Buailfidh baill den fhoireann le chéile gach bliain chun an plean oibríochta a athbhreithniú agus a uasdátú. Tá fillteán tiomnaithe maidir le teagmhais chriticiúla ag gach ball den fhoireann. San fhillteán sin, bíonn cóip den bheartas, plean agus ábhair a bhaineann lena ról a úsáidfear i gcás timpiste.

Ceann foirne

- Cuireann sé/sí na baill foirne ar an eolas maidir leis an ngéarchéim agus tionólann sé/sí cruinniú;
- Déanann sé/sí taisc na foirne a chomhordú;
- Déanann sé/sí idirchaidreamh leis an mBainisteoir Ionaid;
- Déanann sé/sí idirchaidreamh leis an teaghlach a bhfuair duine muinteartha leis bás, más gá.

Idirghabhálaí an Gharda Síochána

- Déanann sé/sí idirchaidreamh leis an nGarda Síochána;
- Déanann sé/sí cinnte de go seiceáiltear eolas maidir le básanna nó forbairtí eile le fáil amach an bhfuil siad cruinn sula roinntear an t-eolas.

Teagmhálaí na foirne

- Bíonn sé/sí i gceannas ar chruinnithe eolais chun na fíricí ar eolas a chur ar fáil do bhaill foirne, tugann sé/sí deis do bhaill foirne a dtuairimí a chur in iúl agus ceisteanna a fhreagairt agus déanann sé/sí cur síos ar an ngnáthamh don lá;
- Tugann sé/sí comhairle do bhaill foirne maidir leis na nósanna imeachta chun mic léinn leochaileacha a aithint;
- Cuireann sé/sí ábhair ar fáil do bhaill foirne (óna bhfillteán teagmhas criticiúil);
- Tugann sé/sí an t-eolas is déanaí don fhoireann mar a théann an lá ar aghaidh;
- Bíonn sé/sí san airdeall ar bhaill foirne leochaileacha agus déanann sé/sí teagmháil leo astu féin;
- Tugann sé/sí comhairle dóibh maidir leis an gCóras Rabhaidh Éigeandála a bheith ar fáil agus tugann sé an uimhir theagmhála dóibh.

Rúndacht agus ceisteanna dea-chlú

Tá an bhainistíocht agus an fhoireann freagrach as príobháideachas agus dea-chlú na ndaoine a bhfuil baint acu leis an teagmhas a chosaint agus beidh siad mothálach ar iarmhairtí na ráiteas poiblí. Beidh baill foirne an ionaid cúramach an téarma 'féinmharú' a sheachaint agus déanfaidh siad iarracht a chinntiú go ndéanann mic léinn amhlaidh, ach amháin sa chás go bhfuil fianaise láidir ann go bhfuair duine bás mar gheall ar fhéinmharú *agus* go dtoilíonn an teaghlach lena úsáid. Féadfar na nathanna 'bás tragóideach' nó 'bás tobann' a úsáid ina áit. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart an focal 'dúnmharú' a úsáid muna bhfuil sé bunaithe go dleathach go ndearna dúnmharú. Féadfar an téarma 'anbhás' a úsáid ina áit.

6.2 Sábháilteacht ar Dhóiteán

Cuirtear pleananna aslonnaithe ar taispeáint i ngach foirgneamh agus i ngach seomra ranga / seomra an ionaid, a bhfuil sampla de ar fáil in **Aguisín A**. Má baineadh pleananna urláir amach, ba cheart an oifig / maoirseoir líne dírí a chur ar an eolas láithreach d'fhonn go n-eagróidh an Bainisteoir Ionaid go gcuirfear fógraí nua ina n-áit.

Beidh trealamh i bhfeidhm i ngach ionad a **fhógróidh an éigeandáil nuair a théann an foirgneamh/na foirgnimh trí thine nó nuair is gá an foirgneamh/na foirgnimh a aslonnú**.

Beidh Bainistíocht an Ionaid freagrach as;

- A chinntiú go ndéantar seirbhís ar threalamh den chineál sin uair amháin sa bhliain ar a laghad i gcomhréir le treoirlínte an déantúsóra, na caighdeáin ábhartha agus go mbíonn siad in áit chuí;
- Comharthaí a chur ar taispeáint go soiléir chun cur ar chumas gach duine bealach sábháilte a leanúint chuig an mbealach amach dóiteáin is gaire;
- Fógraí rabhaidh a chur ar dhoirse dóiteáin, bealaí éalaithe dóiteáin agus suíomhanna seachtracha lena chinntiú nach mbeidh srian le bealaí éalaithe ná aon rud sa bhealach orthu.
- A chinntiú go ndéantar 2 cleachtaí dóiteáin ar a laghad gach bliain (b'fhearr 1 amháin a dhéanamh gach téarma)

Anuas air sin, cuirfidh Bainistíocht an Ionaid Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta (PAÉP) i bhfeidhm do bhaill foirne agus mic léinn. Is éard atá ann ná "plean éalaithe" saincheaptha do dhaoine a d'fhéadfadh nach mbeidís in ann an áit shábháilte deiridh a shroicheadh gan chabhair ná an áit shábháilte a shroicheadh taobh istigh de thréimhse ama shásúil i gcás aon éigeandála.

A chinntiú go mbíonn socruithe cuí i bhfeidhm sa chás go bhfuil Bainistíocht an Ionaid ar an eolas ar dheacracht fhéideartha, féadfar go n-iarrfar ar bhaill foirne nó mic léinn an Ceistneoir maidir le Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta ó ÚSS a líonadh isteach, ceistneoir atá ar fáil in **Aguisín B.**

Nós imeachta i gcás Aláram Leanúnach

Féadann aláram leanúnach cur in iúl go bhfuil foirgneamh trí thine nó nach mór an foirgneamh a aslonnú mar gheall ar rud a tharla. I gcás aslonnaithe, is é an nós imeachta dóiteáin P42 an nós imeachta is oiriúnaí le leanúint.

CUIRFIDH GACH MAOR DÓITEÁIN A SEAICÉID FEICEÁLACHA ORTHU & CASFAIDH SIAD NA GLÉASANNA CUMARSÁIDE CUÍ AIR

- Tiocfaidh 3 dhuine ar a laghad go díreach chuig an bpríomhphainéal aláraim dóiteáin. [Príomh-mhaor dóiteáin agus 2 aimsitheoir (duine a aimsíonn dóiteán)];
- Déanfaidh aimsitheoirí imscrúdú ar ghníomhú, tabharfaidh siad aghaidh ar an teagmhas agus tuairisceoidh siad chuig an bpríomh-mhaor dóiteáin faoi nádúr an teagmhais;
- Rachaidh an príomh-mhaor dóiteáin i dteagmháil leis an gcuideachta monatóireachta aláraim agus leis na seirbhísí éigeandála;
- Tiocfaidh 3 dhuine ar a laghad chun limistéar na n-ardaitheoirí ag deireadh an phasáiste ar gach urlár. [Scuabadóirí urláir];
- Breathnóidh na scuabadóirí timpeall an urláir agus rachaidh siad síos gach ceann de na staighrí, áit a stopfaidh siad ag na príomh-bhealaí amach lena chinntiú nach dtéann aon duine ar ais san fhoirgneamh;

- Tá baill foirne freagrach as a seomraí ranga / limistéir oibre aonair féin a aslonnú agus cinnte a dhéanamh de gurb iad an duine deireanach a fhágann an seomra agus go ndúntar an doras;
- Gníomhóidh múinteoirí agus baill foirne ainmnithe mar chomhordaitheoirí tionóil agus déanfaidh siad cinnte de go dtagann gach duine chun na hionaid tionóil agus go bhfanann siad ansin;
- Tabharfar faoi pleananna **PAÉP** de réir mar is gá;
- Déanfaidh na haimsitheoirí agus scuabadóirí teagmháil leis an bpríomh-mhaor dóiteáin le dearbhú go bhfuil an foirgneamh slán;
- Déanfaidh an príomh-mhaor dóiteáin teagmháil leis na seirbhísí éigeandála nuair a thagann siad agus tabharfaidh sé/sí na sonraí ábhartha ar fad dóibh faoin bhfoirgneamh agus an cás.

Nósanna imeachta le leanúint i gcás éigeandáil dóiteáin.

- Ar dhóiteán a aimsiú, an aláram a fhógairt ar an bpointe tríd an aonad gloine a chur ar siúl.
- Téigh i ngleic leis an dóiteán má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh agus má tá an oiliúint chuí ort;
- An foirgneamh a aslonnú i gcomhréir leis na nósanna imeachta aslonnaithe;
- An foirgneamh a fhágáil tríd an mbealach amach sábháilte is gaire;
- Téigh go dtí an ionad tionóil dóiteáin ainmnithe;
- Treoracha na Maor Dóiteáin a leanúint;
- Ná téigh ar ais isteach san fhoirgneamh muna dtugtar treoir duit é sin a dhéanamh.

Suíomhanna na nIonad Tionóil

https://drive.google.com/drive/folders/0B9uuC9PnGepHQnRJQU5hSFpYMEU

6.3 Bainistíochta Sábháilteachta ar Dhóiteán

Measúnú Riosca 18, 19 agus 20

Is é an príomhchuspóir ná an riosca do bheatha agus díobháil a laghdú trí shábháilteacht fhisiciúil an ionaid ó dhóiteán a choimeád, trína chinntiú nach gcuireann baill foirne, mic léinn ná cuairteoirí leis an riosca dóiteáin agus trínár bhfoirgnimh a aslonnú ar bhealach sábháilte i gcás dóiteáin. Tá na nósanna

imeachta agus measúnuithe riosca maidir le sábháilteacht ó dhóiteán ag an scoil ceaptha le tacú lenár bpobal freagairt ar bhealach socair agus éifeachtach i gcás dóiteáin i gceann dár bhfoirgnimh.

D'aithin an t-ionad cásanna agus teagmhais éigeandála a bhaineann lena oibríochtaí gnó agus thug sé faoi mheasúnuithe riosca cuí. Más gá, déantar athbhreithniú agus tástáil rialta orthu. Más gá, rinneadh nósanna imeachta a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a choimeád chun an phráinnfhreagairt a leagan amach.

Cuirfear nósanna imeachta éigeandála le chéile agus déanfar athbhreithniú orthu ar bhonn leanúnach. Déanfar Cleachtaí Dóiteáin rialta agus déanfar seirbhís ar threalamh comhraic agus braite dóiteáin go rialta.

- Córas lena dtugtar faoi chleachtaí dóiteáin dhá uair ar a laghad gach bliain, agus gach téarma acadúil, dá bhféadfaí é, ina mbíonn páirt ag an bpearsanra ar fad san áitreabh lena chinntiú go n-aslonnaítear ar bhealach sábháilte tapa chuig an áit sábháilteachta ainmnithe;
- Córas chun tuairisciú a dhéanamh ar chleachtaí dóiteáin agus athbhreithniú a dhéanamh orthu chun a chinntiú go mbíonn na treoracha mionsonraithe i Nós Imeachta Aslonnaithe Dóiteáin na scoile ábhartha agus cruinn. **(Féach Aguisín C);**
- Córas chun na haláraim dóiteáin inmheánacha ar an taobh istigh a thástáil lena chinntiú go mbraitear aon fhabhtanna a d'fhéadfadh forbairt agus go gceartaítear iad ar bhealach tráthúil;
- Sceideal seirbhíse agus cothabhála don chóras aláraim dóiteáin agus an trealamh nasctha agus tacaíochta ar fad, cosúil le soilse éigeandála, aláraim deataigh, painéil dóiteáin etc;
- Íoslaghdaíonn córas bainistíochta dramhaíola méid an bhruscair agus na ndramhábhar a fhorbraíonn d'fhonn an méid is mó agus is féidir d'ábhair inlasta a bhaint den áitreabh agus coimeádáin bhruscair a choinneáil i stóras ainmnithe faoi ghlas chun cosc a chur le dó mailíseach an fhoirgnimh;
- Cuirtear cófraí cuí stórála ar fáil d'fhonn na hábhair agus substaintí a thuigtear go bhfuil siad inlasta a stóráil. Stórálfar buidéil inlasta gháis sa chliabh gáis inlasta. Ní mór buidéil triathgháis a stóráil go cuí;
- Taifead bliantúil a choinneáil maidir le seirbhísiú fearais gáis, seoltóirí tintrí, gléasanna stoptha gáis, seirbhísiú agus sciúradh an eastarraingteora cistine, simléir, hiodraint phríobháideacha, ardúigh thirime, polasaí maidir le cigireacht na mbealaí éalaithe dóiteáin miotail. Glais slándála ar bhealach éalaithe, troscán cumhdaithe.

Réamhchúram Ginearálta in aghaidh Dóiteáin

Beidh plean na mbealaí éalaithe agus plean na suíomhanna múchtóirí ar taispeáint i ngach seomra agus in áiteanna cuí ar fud an ionaid. Beidh cineál an mhúchtóra ar fáil ar taispeáint ar phlean na suíomhanna múchtóirí freisin.

Ba cheart do gach ball foirne tuiscint a fháil ar an méid seo a leanas a luaithe is féidir:

1. Leagan amach an ionaid;

2. Suíomh agus oibriú na mbealaí éalaithe;
3. Suíomh agus oibriú na múchtóirí, na spól píobán dóiteáin agus na n-aonad gloine, más ann dóibh;
4. An gníomh ceart atá le déanamh nuair a aimsítear dóiteán nó nuair a fhógraíonn duine eile éigeandáil.

Iniúchadh agus Tástáil an Trealaimh Coisc Dóiteáin

Soilsiú Éigeandála - Cothabháil

Gach seachtain Déan iniúchadh amhairc ar shoilsiú éigeandála lena chinntiú:

- Go bhfuil gach solas ag soilsiú;
- Go bhfuil an LED i ngach aonad soilsithe éigeandála ag soilsiú;
- Go bhfuil córas leanúnach ann chun cadhnraí a sheiceáil agus go ndéantar é sin a thaifeadadh;
- Go ndéantar taifead ar aon fhabht a aimsítear agus aon bheart a ghlactar sa Chlár Dóiteáin.

Gach ráithe Déan an méid seo a leanas:

- Glan taobh amuigh na gcrann soilse agus na gcomharthaí;
- Déan cinnte de go bhfuil na crainn soilse agus na comharthaí ag oibriú mar is ceart tríd an áis tástála a chur ar siúl nó tríd an gcumhacht ó na ciorcaid a stopadh.
- Déan taifead ar na torthaí sa Chlár Dóiteáin.

Gach bliain Déan an méid seo a leanas:

- Tabharfaidh duine inniúil faoi nós imeachta iniúchta agus tástála mar a leagtar amach in I.S. 3217:1989.
- Déanfar taifead ar na torthaí sa Chlár Dóiteáin.

Múchtóirí Dóiteáin - Cothabháil

Rialaíonn an Caighdeán Éireannach 291:2015 roghnúchán, coimisiúnú, suiteáil, iniúchadh agus cothabháil maidir le múchtóirí dóiteáin iniompartha. Is iad na príomhriachtanais:

Iniúchadh ag Úsáideoir

- Déantar iniúchadh amhairc ar mhúchtóirí dóiteáin gach seachtain lena chinntiú go mbíonn na fearais san áit cheart, nár úsáideadh nó nó nár chaill siad brú nó nach ndearnadh damáiste feiceálach dóibh;
- Gach mí ar a laghad (é sin a thaifeadadh sa Chlár Sábháilteachta Dóiteáin);
- Níos minice fós más gá ag féachaint don timpeallacht, na rioscaí nó fachtóirí eile.

Minicíocht an Iniúchta ag Duine Inniúil

- Gach 12 mhí ar a laghad;
- Níos minice fós más gá ag féachaint don timpeallacht, na rioscaí nó fachtóirí eile.

Riachtanais maidir le hÚsáid Tástála agus Athlíonta

- Ní mór gach cineál múchtóirí (Cúr, Uisce, CO2, Púdar, Ceimiceach) a Úsáid ar bhonn Tástála agus a Athlíonadh gach trí bliana;
- Chuige sin, ba cheart aon trian de gach cineál a roghnú le linn gach iniúchadh bliantúil;
- Ba cheart aonaid a thabhairt don chliant ar iasacht chun a chinntiú go mbíonn clúdach ann fad nach bhfuil na haonaid ann, go dtí go dtabharfar ar ais iad;
- B'fhearr na haonaid a roghnaítear lena nÚsáid ar bhonn Tástála a úsáid le hoiliúint a chur ar fáil do phearsanra ar an láthair más féidir;
- Sa chás go bhfuil níos lú ná trí cinn d'aon chineál aonaid ar an láthair, ba cheart ceann amháin a bhaint lena Úsáid ar bhonn Tástála agus lena Athlíonadh.

Riachtanais maidir le Tástáil Brú

- Ba cheart gach cineál múchtóra tine a bhreithniú faoi Threoir na hEorpa maidir le Brú-Threalamh;
- Éilítear leis sin go dtugtar faoi Thástáil Brú agus Athlíonadh le haghaidh gach múchtóra, 10 mbliana i ndiaidh a mhonaraíochta agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin;
- Ba cheart aonaid nua a chur in áit aon aonaid nach féidir Tástáil Brú agus Athlíonadh a dhéanamh lena aghaidh nuair atá siad 10 mbliana d'aois;
- Áirítear leis sin aonaid bunaithe ar leacht, cosúil le hUisce, Cúr, Ceimiceán Fliuch (scoiltfeadh tástáil brú an líniú inmheánach), agus aonaid Púdair (bíonn an iomarca oibre i gceist leis sin / ní féidir é a dhéanamh).

Aláram Dóiteáin – Cothabháil

Tugtar faoi *sheiceáil gach lá* lena chinntiú go dtugann an painéal le fios go bhfuil gach rud ag oibriú mar is ceart. Déanfar taifead ar aon fhabht a thugtar le fios sa Chlár Dóiteáin agus déileálfar leis láithreach.

- Tabharfar faoi *thástáil gach seachtain* ar an gcóras ag na haonaid gloine. Déanfar tástáil ar zón difriúil gach seachtain. Déanfar taifead ar an zón agus an gléas truicir a úsáidtear sa Chlár Dóiteáin;

- Tabharfar faoi na nósanna imeachta *iniúchta agus tástála gach ráithe* de réir I.S. 3218:2013. Coinneoidh an Duine Ceaptha na taifid sa Chlár Dóiteáin;
- Tabharfar faoi *na nósanna imeachta iniúchta agus tástála gach bliain* de réir I.S. 3218:2013. Coinneoidh an Duine Ceaptha na taifid sa Chlár Dóiteáin.

6.4 Sceitheadh Gáis Amhrasta

Má fhaigheann tú boladh an gháis, tá an nós imeachta seo a leanas le cur i bhfeidhm

- Má tá daoine sa seomra, aslonnaigh an seomra;
- Muna bhfuil duine sa seomra, ná téigh isteach sa seomra i d'aonar, oscail an doras go dtí an pasáiste, oscail na fuinneoga;
- Ná cas air na soilse;
- Déan cinnte de go gcastar as na fearais gháis ar fad, nach bhfuil siad ar siúl agus nach bhfuil siad lasta;
- Ná caith tobac agus ná úsáid lasair gan chosaint;
- Ná díphlugáil aon trealamh leictreach agus ná cas air ná as aon trealamh leictreach;
- Ná úsáid gutháin phóca;
- Oscail fuinneoga agus doirse;
- Déan socruithe chun Bainistíocht na scoile/an ionaid a chur ar an eolas faoin imeacht;
- Má tá imní ort faoi shábháilteacht na mball foirne nó na mac léinn sa gharchomharsanacht, déan socrú chun daoine san fhoirgneamh a aslonnú chuig an bpríomhionad tionóil sula dtagann Bainistíocht na scoile/an ionaid;
- Má tá an boladh fós ann, déanfaidh Bainistíocht na scoile/an ionaid socrú chun an gás a chasadh as ag an méadar;
- Rachaidh Bainistíocht na scoile/an ionaid i dteagmháil le Líonraí Gáis ar 1850 20 50 50 agus leanfaidh siad aon treoir a thugtar dóibh.

Sa chás go gcaithfidh an foirgneamh a aslonnú, ní mór do gach ball foirne na nósanna imeachta aslonnaithe cuí a leanúint gan a thuilleadh moille.

6.5 Bagairt Bhuama

Faightear formhór na mbagairtí buama ar an bhfón. Ba cheart breathnú ar bhagairt bhuama mar bhagairt dháiríre go dtí go gcruthaítear a mhalairt. Déan beart go tapa ach fan socair agus faigh eolas tríd an Seicliosta le haghaidh Glaoch Bagartha Buama úsáid, **Aguisín D.**

Má fhaightear bagairt bhuama ar an bhfón:

- Fan socair. Coinnigh an glaoiteoir ar an líne chomh fada agus is féidir. NÁ CUIR AN GUTHÁN SÍOS, fiú má dhéanann an glaoiteoir sin. D'fhéadfadh a bheith ábalta an glao a rianú;
- Éist go cúramach. Bí béasach agus léirigh suim;
- Déan iarracht an glaoiteoir a spreagadh chun labhairt a thuilleadh le níos mó eolais a fháil;
- Scríobh nóta nó seol téacs chuig comhghleacaí le fios a chur ar na Gardaí;
- Má tá taispeáint ag d'fhón, cóipeáil an uimhir nó glac grianghraf den uimhir ar an taispeáint;
- Cuir i gcrích an Seicliosta le haghaidh Bagairt Bhuama **(Aguisín D)** le linn an ghlaoigh. Breac síos a oiread sonraí agus is féidir leat cuimhneamh. Déan iarracht na focail a bhreacadh síos go díreach mar a dúradh iad;
- A luaithe is a chuireann an Glaoiteoir an fón síos, ba cheart duit féin labhairt leis na Gardaí ar líne fóin eile, cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar an gcomhrá leis an nglaoiteoir agus fan le treoracha a fháil;
- Cuir an Príomhoide/Bainisteoir Ionaid ar an eolas go díreach ina dhiaidh sin, treoracha na nGardaí san áireamh;
- Cuirfidh an Príomhoide/Bainisteoir Ionaid nósanna imeachta cuí i bhfeidhm agus cuirfidh siad an BOO ar an eolas a luaithe is féidir faoin teagmhas.

Fan socair agus téigh tríd an seicliosta (Aguisín D):

- Bíodh tuiscint agat ar an strus a bhaineann le glaoch bagrach a fháil;
- Fiafraigh gach ceist ar an seicliosta ar bhealach stuama;
- B'fhearr ullmhúchán a dhéanamh tríd an eolas a thabhairt go cúramach do phríomhbhaill foirne agus oiliúint a chur ar fáil trí mheán glaoigh cleachtaidh. Cinnteoidh sé sin go dtuigeann daoine cad a bheidh le déanamh ar an drochsheans go bhfaighidh siad glaoch bagrach agus gur féidir leo dul i dtaithí ar an bpróiseas;
- Cuimhnigh go bhféadfar go mbeidh comhairleoireacht ag teastáil ó bhaill foirne a fhaigheann glaoigh bhagracha i ndiaidh an imeachta.

Má fhaightear bagairt bhuama ar nóta lámhscríofa:

- Cuir glaoch ar an nGarda Síochána ar 999 nó 112;
- Ná leag do lámh ar an nóta ach má tá gá leis;
- Cuir an Bainisteoir Ionaid ar an eolas láithreach, lena n-áirítear aon treoracha ó na Gardaí;
- Cuirfidh an Bainisteoir Ionaid nósanna imeachta cuí i bhfeidhm agus cuirfidh siad an BOO ar an eolas a luaithe is féidir faoin teagmhas;

Má fhaightear bagairt bhuama ar ríomhphost:

- Cuir glaoch ar an nGarda Síochána ar 999 nó 112;
- Ná scrios an teachtaireacht;
- Cuir an Bainisteoir Ionaid ar an eolas láithreach, lena n-áirítear aon treoracha ó na Gardaí;
- Cuirfidh an Bainisteoir Ionaid nósanna imeachta cuí i bhfeidhm agus cuirfidh siad an BOO ar an eolas a luaithe is féidir faoin teagmhas.

Sa chás go gcaithfidh an foirgneamh a aslonnú, ní mór do gach ball foirne na nósanna imeachta aslonnaithe cuí a leanúint gan a thuilleadh moille. Cé go gcinneann an Bainisteoir Ionaid, de ghnáth, foirgneamh a aslonnú, i gcás bagairt bhuama amhrasta, ní mór don Bhainisteoir Ionaid treoir an Gharda Síochána a leanúint an t-am ar fad.

6.6 Doirteadh Ceimiceán

Tá sé tábhachtach tuiscint a bheith agat ar cad a bhíonn le déanamh i gcás doirteadh ceimiceán. Sa líon is mó cásanna, rangófar roinnt teagmhas mar dhoirteadh nó sceitheadh ceimiceáin de thaisme a d'fhéadfadh ball foirne a bhainistiú. Ní mór tagairt a dhéanamh do Chuid 6 den Bileog Sonraí Sábháilteachta (BSS) le haghaidh sonraí a fháil faoin gceimiceán mar sonraítear ann cad a bheidh le déanamh i gcás sceitheadh nó doirteadh ceimiceáin de thaisme. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh rochtain éasca ar an BSS ag an mball foirne agus ba cheart é a choinneáil laistigh den chlár ceimiceach freisin **(Aguisín E)**

I gcás doirteadh ceimiceáin, tá feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas.

Sula gcinneann tú an bhfuil sé sábháilte doirteadh a ghlanadh:

- Déan cinnte de nár mheasc an ceimiceán i gceist le ceimiceáin eile;
- Bí an-chúramach ar fad má tá an t-ábhar ag imoibriú (ag siosarnach, ag boilgearnach, deatach ag teacht as, ag dó);
- Bí an-chúramach ar fad má tá aon chomhartha ann go bhfuil imoibriú ceimiceach ag tarlú. Má tá comhartha ann, téigh i dteagmháil le bainistíocht scoile/ionaid agus rachaidh siad i dteagmháil leis na seirbhísí éigeandála le haghaidh cúnaimh;
- Cuirfidh na seirbhísí éigeandála an Bhainistíocht Ionaid ar an eolas agus déanfaidh siad cinneadh maidir le cibé acu an bhfuil feidhm ag nósanna imeachta éalaithe ginearálta nó nach bhfuil.

Próiseas glantacháin shábháilte:

- Daoine a bhaint den limistéar atá buailte;
- Limistéar a aeráil ach fuinneoga agus doirse a oscailt;
- Féach an BSS agus lean na treoracha atá ann;
- Caith trealamh cosanta pearsanta chun dó ceimiceach a sheachaint;
- Cuir an t-ábhar doirte i gcoimeádán plaisteach tirim glan, i mála nó súigh isteach é le hionsúiteán;
- Faigh réidh le hábhair éillithe i gcomhréir le treoracha an déantúsóra
- Tuarascáil timpiste / teagmhais a chur i gcrích;

- Réamhchúraim chuí a ghlacadh má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh d'fhonn cosc a chur le haon doirteadh dul isteach i gcúrsa uisce.

Garchabhair

Sa chás go ndoirtear ar dhuine, tá bearta mionsonraithe garchabhrach i gCuid 4 den BSS, ach beidh gá le beart tapa agus ba cheart an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An duine a thógáil amach ón limistéar;
- Más féidir, an t-éadach agus coisbheart éillithe a bhaint den duine;
- A luaithe is féidir, sruthlaigh an limistéar éillithe go réidh le huisce bogthe ar feadh 15-20 nóiméad ar a laghad;
- Cuir glao ar Fhreagróir Garchabhrach agus iarr orthu teacht, nó iarr ar dhuine eile an glao a dhéanamh;
- Cuir an Ardbhainistíocht ar an eolas.

6.7 Garchabhair

Pléann Cuid 7, Caibidil 2 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 le ceist na garchabhrach taobh istigh den ionad oibre. Tá dualgas ar an Ionad fearas garchabhrach a chur ar fáil ag gach suíomh oibre sa chás go n-éilítear é sin leis na coinníollacha oibre.

Leagann an BOO béim mhór ar an bhfreagracht as Freagróirí Garchabhrach a chur faoi oiliúint agus ar threalamh garchabhrach i ngach ionad. I gcomhréir leis na Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta, éilítear ar gach Freagróir Garchabhrach na cúrsaí oiliúna cuí a chur i gcrích d'fhonn garchabhair a riar i suíomh oibre.

Amhail ar an agus ón 1 Meitheamh 2018, ní aithníonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ach an cúrsa 'Freagairt Gharchabhrach na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil' mar oiliúint a chomhlíonann riachtanais a bhaineann le Garchabhair Cheirde in ionaid oibre. Bonnchúrsa garchabhrach is ea seo a chuireann oiliúint ar rannpháirtithe cúrsa le garchabhair a chur ar fáil do dhuine a thagann tinneas air/uirthi go tobann nó a ghortaítear go tobann go dtí go dtagann seirbhísí leighis éigeandála. Áirítear leis an gcúrsa sin freisin an caighdeán iomlán 'Freagairt Gharchabhrach - Pobal'. Fágann sé sin nach mór d'fhoghlaimeoirí a dhéanann oiliúint ón 1 Meitheamh 2018 an cúrsa iomlán nó cúrsa athnuachana a dhéanamh. Ach aithneofar aon oiliúint Garchabhrach Ceirde QQI a tharla roimh 31 Bealtaine 2018 ar feadh na tréimhse iomláine 2 bhliain ó dháta na hoiliúna. Déanfaidh an Coiste Sábháilteachta, mar chuid dá athbhreithniú bliantúil, plé ar riachtanais oiliúna na foirne garchabhrach.

6.7.1 Suíomh an Trealaimh agus na Soláthairtí Garchabhrach

Cuir isteach suíomh an trealaimh agus na soláthairtí garchabhrach
Tá boscaí garchabhrach ar fáil ins na seomraí seo a leanas;

1. An Fáiltiú
2. An Seomra Fóirne
3. Ionad Oibre na Múinteoirí
4. Seomra Eolaíochta
5. Seomra Eac Baile

6.7.2 Nós Imeachta maidir le Fearas Garchabhrach a Scrúdú agus a Sheiceáil

Chuir an t-ionad fearais gharchabhrach chuí ar fáil ar fud an ionaid. Tá na freagróirí garchabhrach freagrach as na fearais gharchabhrach a choinneáil agus taifid chuí a choinneáil i gcomhréir lena n-oiliúint. Tá sampla le haghaidh shuíomh agus ábhair an tseicliosta gharchabhrach ar fáil in **Aguisín F.**

6.7.3 Ainmneacha na bhFreagróirí Garchabhrach

Tá liosta na bhfreagróirí garchabhrach cáilithe ar fáil ar chlár fógraí na scoile agus liostaithe i gCuid 2, Próifíl an Ionaid

6.6.4 Uath-dhífhibrileoirí Seachtracha

Cuirtear uath-dhífhibrileoirí seachtracha ar fáil mar ghléasanna tarrthála a d'fhéadfadh cosc a chur le bás de bharr stad cairdiach tobann. Cuirtear oiliúint ar fáil freisin do bhaill foirne aitheanta. Beidh baill foirne a bhfuil oiliúint acu in úsáid dífhibrileoirí freagrach as a chinntiú go ndéantar cothabháil ar na haonaid agus go gcomhlíonann siad na caighdeáin chuí agus, muna bhfuil cothabháil á déanamh orthu, é sin a chur ar shúile an Bhainisteora Ionaid lena cheartú.

Tá an défibritheoir ar fáil sa Fáiltiú.

6.7 Nós imeachta maidir le Timpiste agus Teagmhais a Imscrúdú

Sa chás gur tharla drochthimpiste nó gur tharla teagmhas inarbh fhéidir drochthimpiste tarlú, ba cheart tabhairt faoi na nósanna imeachta seo a leanas:

Ball Foirne

Nuair a aimsíonn sé/sí teagmhas inar gortaíodh comhghleacaí nó mac léinn, tá feidhm ag an nós imeachta seo a leanas;

- Breathnaigh ar shuíomh an timpiste agus stádas an duine gortaithe;
- Má tá riosca ann go dtarlóidh tuilleadh díobhála agus ní féidir an limistéar a dhéanamh sábháilte, aistrigh an duine gortaithe chuig áit shábháilte más féidir;
- Éiligh ar thacaíocht láithreach ach teagmháil a dhéanamh le Freagróir Garchabhrach agus / nó seirbhísí éigeandála, ag brath ar dhéine an timpiste;
- Má glaodh ar otharcharr, déan cinnte de gur tugadh an áit chruinn;

- Cuir an Freagróir Garchabhrach ar an eolas maidir leis na sonraí ar fad agus déan teagmháil leis an bPríomhoide muna bhfuil siad ar an eolas cheana.

Freagróir Garchabhrach

Bainisteoidh an Freagróir Garchabhrach suíomh an timpiste agus cuirfidh sé/sí cóireáil ar aon ghortú i gcomhréir lena (h)oiliúint agus fanfaidh sé/sí leis an duine gortaithe go dtí go dtagann na seirbhísí éigeandála chun ceannas a ghlacadh (más cuí). Tá sampla le haghaidh shuíomh agus ábhair an tseicliosta gharchabhrach ar fáil in **Aguisín F.**

Bainisteoir Ionaid / BOO

Is é ról an Bhainisteora Ionaid ná an timpiste a bhainistiú agus a chinntiú go ndéantar na fógraí cuí agus go nglactar na bearta cuí leis an riosca gan choinne a bhí ina chúis leis an timpiste a laghdú nó chun fáil réidh leis an riosca sin.

- Déan cinnte de go gcuirtear tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas, más cuí;
- Cuir an t-ionadaí sábháilteachta ar an eolas;
- Cuir Ceannoifig an BOO ar an eolas agus déanfaidh siad an cuideachta árachais a chur ar an eolas ar a sheal;
- Gheobhaidh an BOO treoir maidir le tuairiscí agus bearta le glacadh ag an mBainisteoir Ionaid;
- Cinntigh go mbailítear an t-eolas ábhartha ar fad faoin timpiste agus cad a bhí ina chúis leis a luaithe is féidir, faigh ráitis ó fhinnéithe, agus scríobh iad síos de réir mar a dhéantar iad;
- Foirm tuairisce timpiste an BOO a chur i gcrích agus é a chur isteach chuig an gCeannoifig in éineacht le haon doiciméid eile atá ag teastáil;
- Má tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) chun iniúchadh a dhéanamh ar shuíomh na timpiste, ná bog aon rud ach amháin sa chás go gcaithfear é sin a dhéanamh chun rioscaí tromchúiseacha eile a sheachaint;

D'fhonn feabhas leanúnach a bhaint amach, déanfar imscrúdú ar na cúiseanna le teagmhais sláinte agus sábháilteachta a bhfaightear amach fúthu agus glacfar beart ina leith go tráthúil chun an riosca go dtarlóidh siad arís a sheachaint. Ní mór don Bhainisteoir Ionaid gach teagmhas / timpiste a thaifeadadh agus a thuairisciú chuig Ceannoifig an BOO.

Tá an BOO freagrach as timpistí a thuairisciú chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus árachóirí.

Mar sin, tá sé ríthábhachtach go dtuairiscítear gach timpiste, teagmhas agus neastimpiste a luaithe is féidir chun a chinntiú go mbíonn timpeallacht oibre níos sábháilte ann agus go gcomhlíonann an t-ionad a dhualgais reachtúla maidir le tuairisciú timpiste.

Ceapfaidh an BOO duine inniúil, de ghnáth an Bainisteoir Ionaid nó Oifigeach Sábháilteachta sa chás gur ceapadh duine den chineál sin, chun imscrúdú a dhéanamh ar gach timpiste agus teagmhas. Ba

cheart go mbeadh leibhéal an imscrúdaithe comhréireach le déine na timpiste nó teagmhais. Ba cheart faisnéis maidir le himscrúduithe a dhoiciméadú agus a choinneáil ar taifead.

Ba cheart go ndéanfadh conclúid na n-imscrúduithe eolas d'aon bheart a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, cosúil le measúnuithe riosca, trealamh a athchóiriú, oiliúint / feasacht etc.

Meastar gur teagmhais iad na nithe seo a leanas chun críocha tuairiscithe (ach gan a bheith teoranta dóibh):

- Timpiste;
- Neastimpistí;
- Aon chás a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le díobháil nach bhfuil measúnú riosca reatha ann ina leith.

Ní mór gach timpiste a ndéantar díobháil d'aon duine dá bharr, lena n-áirítear daoine nach bhfuil fostaithe ag an scoil, lena raibh a gníomhaíochtaí oibre ina chúis nó a tharla ar a háitreabh, a thuairisciú chuig an mBainisteoir Ionaid agus an tOifigeach Sábháilteachta ina dhiaidh sin ar an bhfoirm shonraithe, agus é sin ar an lá ar tharla an timpiste agus a luaithe is féidir le réasún ina diaidh. Ar an mbealach céanna, ní mór gach teagmhas a dtarlaíonn damáiste suntasach ábhartha nó neastimpiste dá bharr, ina seachnaítear, ar éigean, díobháil d'aon duine nó damáiste suntasach ábhartha, a thuairisciú.

6.8 Nós Imeachta maidir le Comhlíonadh Covid-19 a Bhainistiú

Tá Bainistíocht an Ionaid freagrach as a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm gach nós imeachta an BOO agus an chomhairle sláinte poiblí atá i bhfeidhm maidir le Covid-19 a bhainistiú. Áirítear leis sin nósanna imeachta Bainistíochta Riosca agus nósanna imeachta Bainistíochta Cásanna má tá cás amhrasta nó deimhnithe Covid-19 ann.

Tá sraith chuimsitheach doiciméad maidir le Comhlíonadh Covid-19 i bhfeidhm chun tacú le gach ionad a chuid freagrachtaí maidir le Covid-19 a bhainistiú.

Mar gheall ar na hathruithe a thagann ar chomhairle sláinte poiblí agus ar an treoir ó ghníomhaireachtaí rialtais maidir le Covid-19, agus ós rud é go mbíonn beartais, nósanna imeachta agus comhairle faoi réir athraithe, tá na doiciméid seo a leanas ar fáil lena n-íoslódáil tríd an nasc leathanaigh i ngach teideal doiciméid. Sa chás go gcuirtear teimpléid ar fáil do bhaill foirne nó ionaid lena gcríochnú, ba cheart iad a chur ar fáil do bhaill foirne de réir mar is gá. Ba cheart an Seicliosta Gníomhartha Riachtanacha roimh Oscailt a chur san áireamh sa Ráiteas Sábháilteachta do gach ionad.

- Prótacal um Fhilleadh Sábháilte ar an Obair
- Plean Freagartha do Covid-19 BOO Chorcaí
- Seicliosta Gníomhartha Riachtanacha roimh Oscailt

- Cur i láthair mar chuid d'Oiliúint Ionduchtúcháin Covid-19
- Dearbhú Sláinte um Fhilleadh ar an Obair (Foireann)
- Foirm Dhearbhaithe Sláinte do Chuairteoirí/Conraitheoirí
- Teimpléid le haghaidh Loga Teagmhálaithe (Foireann agus Cuairteoirí)
- Treoirlínte maidir le Cianobair
- Treoirlínte Folláine maidir le Cianobair

Anuas ar na doiciméid thuas, tá Teimpléid ar leith le haghaidh Measúnú Riosca Covid-19, nach mór do gach ionad iad a chomhlíonadh, ar fáil ag **Aguisín O**.

7 Teagasc, Oiliúint agus Maoirsiú

Tá Bainistíocht an Ionaid freagrach as a chinntiú nach gcuirtear de chúram ach ar bhaill foirne inniúil ag a bhfuil an oiliúint chuí gníomhaíochtaí oibre a dhéanamh a bhfuil seans ann go ndéanfaidís dochar. Déanfaidh siad beart lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais oiliúna agus go ndéantar athbhreithniú ar éifeachtúlacht na hoiliúna ó thaobh riachtanais a chomhlíonadh.

Déanfaidh an ardbhainistíocht cinnte de go dtuigeann gach ball foirne an tábhacht a bhaineann lena n-oiliúint agus taithí agus conas is féidir leo oibriú ar bhealach éifeachtach chun obair shábháilte a chinntiú. Déanfaidh siad cinnte de freisin go dtuigeann baill foirne na hiarmhairtí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann lena ngníomhaíochtaí oibre agus na tairbhí a bhaineann le cleachtais shábháilte oibre a leanúint.

Aithnítear go mbíonn oiliúint leanúnach maidir le sábháilteacht ag teastáil chun tacú le caighdeán ard seirbhíse a choimeád. Beidh oiliúint sábháilteachta agus nósanna imeachta oibre sábháilte ar fáil do gach ball foirne, de réir mar is gá.

Cuirfear sainoiliúint sláinte agus sábháilteachta ar fáil de réir mar is cuí. Féadfar go n-áireofar leis sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Garchabhair;
- Ardú Láimhe agus Láimhsiú;
- Obair ar Airde.

Cuirfear oiliúint ar fáil do bhaill foirne, de réir mar is gá, chun a chinntiú go dtuigeann siad a bhfreagrachtaí sláinte agus sábháilteachta mar a shonraítear sa reachtaíocht agus sna rialacháin ábhartha agus sa Ráiteas Sábháilteachta seo. Tugtar spreagadh do gach ball foirne páirt a ghlacadh i gcláir oiliúna ar líne de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Ach cuirfear oiliúint ar leith ar fáil le haghaidh ceisteanna cosúil le Sábháilteacht ar Dhóiteán agus Nósanna Imeachta i gcás Éigeandála. Clúdóidh an Clár Oiliúna oiliúint athnuachana más cuí.

Cuirfear gach ball foirne faoi oiliúint ionduchtúcháin (**Aguisín K**) tar éis dóibh tosú ag obair, dea-chleachtais maidir le dea-bhainistí san áireamh. Cinnteoidh an Bainisteoir Ionaid go mbíonn baill foirne ar an eolas faoi na guaiseacha atá ann agus na réamhchúraim sábháilteachta. Is é príomhchuspóir an teagaisc agus na hoiliúna ná claonadh a chruthú smaoineamh agus gníomhú de réir phrionsabail na hoibre sábháilte i gcónaí a chruthú.

Déanfar gach oiliúint a thaifeadadh agus coimeádfaidh riarachán an ionaid agus / nó an BOO na taifid sin. Má mheastar gur gá leis, tabharfar oiliúint bhreise nó athoiliúint do bhaill foirne de réir mar is gá agus déanfar é sin a thaifeadadh, agus déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn, más infheidhme.

8 Cumarsáid agus Comhairliúchán

Leagtar amach sa chuid seo conas a chuirtear pobal an ionaid ar an eolas maidir le hábhair an ráitis sábháilteachta agus conas a théitear i gcomhairle leis maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa.

Déanfaidh Bainistíocht an Ionaid cinnte de go dtugtar an t-eolas is déanaí maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta do gach ball foirne, conraitheoirí agus mic léinn/foghlaimeoirí san áireamh. Beidh siad freagrach chomh maith as aon chumarsáid maidir le sláinte agus sábháilteacht a fháil, a thaifeadadh agus a fhreagairt.

Toghfaidh an fhoireann ionadaí sábháilteachta agus beidh an duine sin ina chomhalta buan den Choiste Sábháilteachta.

Tá an Bainisteoir Ionaid tiomanta do pholasaí comhoibrithe agus comhairliúcháin idir an bhainistíocht agus an fhoireann agus tabharfaidh sé/sí aird ar aon uiríll a dhéanann baill foirne. Déanfaidh an Coiste Sábháilteachta athbhreithniú ar éifeachtúlacht na socruithe comhairliúcháin go rialta.

Beidh roinnt clár fógraí ar fud an ionaid ar a mbeidh póstaeir / fógraí maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa, nósanna imeachta éigeandála, bealaí éalaithe dóiteáin, ionaid tionóil aslonnaithe, freagróirí garchabhrach agus ionaid gharchabhrach.

Déantar leaganacha den ráiteas sábháilteachta a uasdátú go rialta agus beidh na leasuithe, athbhreithnithe agus breisithe ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile/an ionaid.

Cumarsáid

Tá an Bainisteoir Ionaid freagrach as a chinntiú go gcuirtear an ráiteas sábháilteachta seo ar shúile na bhfostaithe ar fad agus daoine eile san áit oibre a d'fhéadfadh a nochtadh ar na riosca sa ráiteas sábháilteachta.

(a) Tá an Bainisteoir Ionaid freagrach as a chinntiú go mbíonn an leagan is déanaí den ráiteas sábháilteachta ar fáil ar an líonra agus go n-athbhreithnítear / go n-uasdátaítear é gach bliain nó de réir mar a éilíonn an Coiste Sábháilteachta chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus go gcomhlíonann sé oibleagáidí dlíthiúla.
(b) Cuirfear gach fostaí nua (baill foirne shealadacha san áireamh) ar an eolas maidir le ráiteas sábháilteachta an ionaid le linn an phróisis ionduchtúcháin (**Aguisín K**). Tá an duine a dhéanann an oiliúint ionduchtúcháin freagrach as sin.
(c) Tá an Bainisteoir Ionaid freagrach as gach athrú ar an ráiteas sábháilteachta a chur in iúl d'fhostaithe ar ríomhphost.
(d) Cuirfear an ráiteas sábháilteachta ar shúile na foirne gach bliain nó aon uair a dhéantar athrú suntasach.

Bainistíocht Doiciméad

Bainistítear agus coimeádtar gach eolas agus doiciméad maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, measúnuithe riosca san áireamh, i gcomhréir le Beartas Cosanta Sonraí agus Sceideal Coinneála Sonraí an BOO.

9 Monatóireacht, Athbhreithniú agus Nuashonrú

Nós imeachta

- Reáchtálfaidh an Bainisteoir Ionaid agus an Coiste Sábháilteachta cruinnithe ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht laistigh den ionad.
- Úsáidfear an cruinniú mar fhóram chun plé a dhéanamh ar cheisteanna ginearálta sláinte agus sábháilteachta a théann i bhfeidhm ar an ionad agus chun taifead a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh ceisteanna sláinte agus sábháilteachta de.
- Déanfar tuairisciú faoin eolas seo a leanas ag an gcruinniú:
    - Ábhair imní nach mbaineann le comhlíonadh;
    - Measúnuithe riosca;
    - Torthaí cigireachtaí (Féach **Aguisín L**);
    - Timpistí / Teagmhais;
    - Stádas na gcuspóirí agus spriocanna;
- Déanfar plé agus anailís ar an eolas thuas agus, más gá, déanfar bearta ceartaitheacha agus coisctheacha a chomhaontú agus a thaifeadadh;
- Úsáidfear an cruinniú freisin le bearta a eascraíonn as timpistí, gearáin agus ábhair imní neamhchomhlíonta a phlé agus a chomhaontú;
- Bainfear úsáid as athbhreithnithe tréimhsiúla ar stádas na gcuspóirí agus spriocanna a dhéanann an Bhainistíocht chun feidhmíocht sláinte agus sábháilteachta a mhonatóiriú agus a thomhas;
- Úsáidfidh an tIonadaí Sábháilteachta **Aguisín L** chun seiceáil sábháilteachta a dhéanamh roimh chruinnithe an choiste Sábháilteachta.

Rialú Taifead

Coimeádfaidh an t-ionad taifid mar fhianaise gur comhlíonadh riachtanais an chórais bhainistíochta sábháilteachta seo. Coimeádfar na taifid ionas go mbeifear in ann iad a aimsiú agus tagairt a dhéanamh dóibh go héasca. Áirítear leis na taifid sin ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Miontuairiscí cruinnithe an Choiste Sábháilteachta;
- Tuarascáil Iniúchta / Cigireachta;
- Tuairiscí Neamhchomhréireachta (agus doiciméid lena mbaineann);
- Measúnuithe Riosca;

- Taifid chumarsáide;
- Taifid oiliúna.

Athbhreithniú Bainistíochta

Déanfaidh an Bainisteoir Ionaid cinnte de go dtugtar faoi chruinniú bliantúil athbhreithnithe ar shábháilteacht sa dara chuid den bhliain acadúil agus go ndéantar athbhreithniú ar gach gné ábhartha agus go nglactar le bearta más gá. Cuirtear an cruinniú ar siúl gach bliain ar a laghad agus mar chuid de chlár oibre an Choiste Sábháilteachta.

Úsáidtear cruinniú athbhreithnithe na bainistíochta mar mhodh ríthábhachtach chun a chinntiú go ndéantar córais an ionaid a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go mbíonn siad éifeachtach.

Ba cheart go mbeadh gach gné den Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta ar chlár an chruinnithe chun léiriú a chur ar fáil ar a éifeachtúlacht leanúnach. I measc na nithe a úsáidfear ag an gcruinniú, beidh na nithe seo a leanas:

- Miontuairiscí / gníomhartha an chruinnithe roimhe seo;
- Torthaí Measúnaithe Riosca;
- Sonraí maidir le Thimpiste/Teagmhas/Neasteagmhas;
- Cumarsáid ó Pháirtithe Leasmhara;
- Éifeachtúlacht na mBeart Comhairliúcháin agus Rannpháirtíochta;
- Feidhmíocht an Chórais Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta;
- A mhéid a comhlíonadh Cuspóirí Sláinte agus Sábháilteachta;
- Stádas na mBeart Ceartaitheach agus Coisctheach;
- Athruithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gCóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta, mar shampla reachtaíocht, cleachtais oibre, trealamh etc.;
- Athbhreithniú ar Shocruithe Pleanála Éigeandála;
- Moltaí maidir le Feabhsú.

Caithfidh torthaí an chruinnithe athbhreithnithe a bheith ar fáil i bhfoirm miontuairiscí coimeádta. Torthaí an chruinnithe is ea aon bhearta a bheidh le glacadh, amscála lena gcur i bhfeidhm agus dáta ar a ndéanfar bearta leantacha. Seolfar torthaí an chruinnithe sin ar aghaidh chuig an BOO agus agus tógfar é chuig cruinniú deiridh an Bhoird Bhainistíochta sa bhliain acadúil chun críocha faisnéise.

D'fhéadfadh go n-áireofaí le torthaí an athbhreithnithe bhainistíochta chomh maith moltaí a bhaineann le hathruithe féideartha ar an ráiteas sábháilteachta. Seolfar moltaí den chineál sin ar aghaidh chuig an BOO lena mbreithniú. Déanfaidh an BOO na moltaí ar fad a mheasúnú gach bliain lena chinntiú go gcoimeádtar caighdeán agus éifeachtúlacht an chórais bhainistíochta sábháilteachta.

Cinnteoidh bainistíocht scoile go gcuirtear i gcrích an Seicliosta le haghaidh Sláinte agus Sábháilteachta (**Aguisín M**) uair amháin sa bhliain ar a laghad, de ghnáth ag deireadh na bliana acadúla, i gcomhar

leis an gCoiste Sábháilteachta agus go gcuirfear isteach chuig an BOO é roimh dheireadh Mheitheamh gach bliain.

AGUISÍN A
Plean Aslonnaithe Sábháilteachta ar Dhóiteáin (Sampla)

Fógra Gnímh Éigeandála

Má thagann tú ar DHÓITEÁN:
Cuir an t-aláram dóiteáin láimhe is gaire ar siúl **i.e. bris an t-aonad gloine**
Téigh i ngleic leis an dóiteán trí úsáid a bhaint as trealamh comhraicthe dóiteáin garchontúirt, ach amháin má tá sé sábháilte **é sin a dhéanamh agus go bhfuil oiliúint ar an duine maidir leis an trealamh a úsáid**
Muna dtéitear i ngleic leis an dóiteán, dún doras an tseomra ina bhfuil an dóiteán, **fág an foirgneamh agus téigh go dtí an t-ionad tionóil ainmnithe**

Má chloiseann tú an tALÁRAM DÓITEÁIN
RUDAÍ IS CEART A DHÉANAMH
An foirgneamh a aslonnú ar bhealach eagraithe tríd an mbealach éalaithe is gaire gan stopadh le hearraí luachmhara ná giuirléidí a bhailiú
Téigh ar aghaidh go dtí an t-ionad tionóil ag: **Zón 1:** **Zón 2:** **Zón 3:**
RUDAÍ NACH CEART A DHÉANAMH
Téigh ar ais isteach an foirgneamh muna dtugann an Príomh-mhaor Dóiteáin treoir duit é sin a dhéanamh

AGUISÍN B
Ceistneoir maidir le Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta (Sampla)

Cén fáth ar cheart duit an fhoirm a líonadh isteach?

Tá an BOO, mar d'fhostóir / do sholáthraí oideachais, freagrach as thú a chosaint ar rioscaí dóiteáin agus as do shláinte agus sábháilteacht ag an obair a chinntiú. Chun é sin a dhéanamh mar is ceart, ní mór dúinn an t-eolas seo a leanas a bheith againn:

a) má tá eolas ag teastáil uait maidir lenár nósanna imeachta éalaithe éigeandála;
b) má tá cúnamh ag teastáil uait le linn na héigeandála.

Ba cheart go mbeifeá ábalta an fhoirm a líonadh isteach taobh istigh de chúpla nóiméad.

Cad a tharlóidh nuair a chríochnóidh tú an fhoirm?

Beimid ábalta an t-eolas a theastaíonn uait a chur ar fáil duit maidir leis na nósanna imeachta éalaithe éigeandála san fhoirgneamh nó sna foirgnimh ina n-oibríonn tú.

Má tá tacaíocht ag teastáil uait, beimid ábalta "Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta" a chur le chéile duit. Chun é sin a dhéanamh, pléifimid leat na bealaí is fearr chun thú a thógáil as an bhfoirgneamh ar bhealach tapa compordach. Tabharfaimid páirt duit, do do bhainisteoir agus don duine/do na daoine atá i gceannas ar an bhfoirgneamh/na foirgnimh ina n-oibríonn tú. **Ach ná bí buartha - ní cheapaimid gur fadhb tú- ní riosca do shábháilteacht tú. Is linn an fhadhb agus baineann sé leis an bhfoirgneamh ina n-oibríonn tú.**

AINM:-

TEIDEAL POIST:-

RANNÓG (más cuí):-

CUR SÍOS GEARR AR DHUALGAIS:-

SUÍOMH

1. Cén áit a bhfuil tú lonnaithe an chuid is mó den am? Ainmnigh le do thoil: an foirgneamh, an t-urlár agus uimhir an tseomra

Foirgneamh:-		Urlár:-		Seomra:-	

2. An mbeidh tú i níos má ná 1 áit amháin san fhoirgneamh ina bhfuil tú lonnaithe mar gheall ar do phost?

BEIDH ☐ NÍ BHEIDH ☐

3. An mbeidh tú i bhfoirgnimh éagsúla mar gheall ar do phost?

BEIDH ☐ NÍ BHEIDH ☐

FEASACHT AR NÓSANNA IMEACHTA ÉALAITHE ÉIGEANDÁLA

4. An bhfuil tú feasach ar na nósanna imeachta éalaithe éigeandála atá i bhfeidhm san fhoirgneamh/sna foirgnimh ina n-oibríonn tú?

TÁ ☐ NÍL ☐

5. An bhfuil nósanna imeachta éalaithe éigeandála i scríbhinn ag teastáil uait?

TÁ ☐ NÍL ☐

5a. An bhfuil tacaíocht ateangaireachta do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann le haghaidh nósanna imeachta éalaithe éigeandála i scríbhinn ag teastáil uait?

TÁ ☐ NÍL ☐

5b. An bhfuil na nósanna imeachta éalaithe éigeandála ag teastáil in Braille uait?

TÁ ☐ NÍL ☐

5c. An bhfuil na nósanna imeachta éalaithe éigeandála ag teastáil ar théip uait?

TÁ ☐ NÍL ☐

5d. An bhfuil na nósanna imeachta éalaithe éigeandála ag teastáil i gcló mór uait?

TÁ ☐ NÍL ☐

6. An bhfuil na comharthaí a mharcálann na bealaí éalaithe agus na bealaí go dtí na bealaí éalaithe soiléir go leor?

Tá ☐ Níl ☐

ALÁRAIM ÉIGEANDÁLA

7. An féidir leat an t-aláram/na haláraim dóiteáin i d'áit(eanna) oibre a chloisteáil?

Is féidir ☐ Ní féidir ☐ Níl a fhios agam ☐

8. An mbeifeá in ann an éigeandáil a fhógairt dá dtiocfá ar dhóiteán?

Bheinn ☐ Ní bheinn ☐ Níl a fhios agam ☐

CÚNAMH

9. An bhfuil cúnamh ag teastáil uait le dul amach as d'áit oibre i gcás éigeandála?

Tá ☐ Níl ☐ Níl a fhios agam ☐

Má fhreagraíonn tú Níl, téigh go dtí ceist 13

10. An bhfuil duine ainmnithe le cúnamh a thabhairt duit i gcás éigeandála?

Tá ☐ Níl ☐ Níl a fhios agam ☐

Má fhreagraíonn tú NÍL, téigh go dtí ceist 12. Má fhreagraíonn tú TÁ, tabhair ainm(neacha) agus suíomh(anna)

11. An bhfuil socrú foirmiúil ann le do chúntóir(í) (is é sin, an bhfuil an socrú sin scríofa síos ina sainchuntas poist)

Tá ☐ Níl ☐ Níl a fhios agam ☐

11a. An mbíonn tú ábalta teagmháil a dhéanamh go héasca leis an duine a ainmnítear le cúnamh a thabhairt duit?

Bíonn ☐ Ní bhíonn ☐ Níl a fhios agam ☐

12. I gcás éigeandála, an mbeifeá in ann teagmháil a dhéanamh leis an duine/na daoine atá i gceannas ar an bhfoirgneamh/ar na foirgnimh ina n-oibríonn tú a aslonnú agus iad a chur ar an eolas maidir le cá bhfuil tú?

Bheinn ☐ Ní bheinn ☐ Níl a fhios agam ☐

ÉALÚ

13. An bhfuil tú ábalta bogadh go tapa i gcás dóiteáin?

Tá ☐ Níl ☐ Níl a fhios agam ☐

14. An mbíonn sé deacair ort staighrí a úsáid?

Bíonn ☐ Ní bhíonn ☐ Níl a fhios agam ☐

15. An úsáideoir cathaoireach rothaí thú?

Is ea ☐ Ní hea ☐ Níl a fhios agam ☐

Go raibh maith agat as an gceistneoir seo a líonadh isteach. Cabhróidh an t-eolas a chuir tú ar fáil dúinn aon riachtanas a d'fhéadfadh a bheith agat ar eolas nó cúnamh a shásamh.

Cuimhnigh nach mbreathnaímid ortsa mar an bhfadhb – ní chuireann tú sábháilteacht i mbaol. Is linn an fhadhb agus baineann sé leis an bhfoirgneamh ina n-oibríonn tú.

Seol an fhoirm chomhlánaithe ar ais chuig:-

AGUISÍN C
Taifead na gCleachtaí Dóiteáin (Sampla)

Ainm:		
Suíomh:		
Dáta:		
Am:		
An méid ama a thóg sé chun an t-aslonnú a chríochnú:		
Nádúr an Chleachtaidh:	Pleanáilte	Éigeandáil
Ar cuireadh glaophointe / braiteoir ar siúl (Suíomh ag teastáil)		
	Is ea	**Ní hea**
An raibh tuairisc ar gach duine (seiceáil le haghaidh mic léinn, cuairteoirí agus conraitheoirí)?		
An raibh aon fhadhb ann? *(má Bhí, mínigh sa bhosca breise le haghaidh nótaí tráchta)*		
Ar sheiceáil na Maoir Dóiteáin gach cearn den scoil?		
Nótaí Tráchta Breise:		

Beart ceartaitheach	Freagracht	Spriocdhátaí

AGUISÍN D
Seicliosta le haghaidh Bagairt Bhuama (Sampla)

Dáta_____ Am Tosaithe an Ghlaoigh: _____ Am Deiridh an Ghlaoigh: _____

Uimhir Ghutháin: _____

Le linn an Ghlaoigh: Ceisteanna le cur ar an nGlaoiteoir

1. Cá háit a bhfuil an buama? (Foirgneamh / Urlár / Seomra) _____

   _____
2. Cathain a phléascfaidh sé? _____
3. Cén chuma atá air? _____
4. Cén cineál buama atá ann? _____
5. Cad a phléascfaidh sé? _____
6. Ar chuir tú an buama ann? Chuir / Níor chuir _____
7. Cén fáth a ndéanann tú é seo? _____

   _____
8. Cad is ainm duit? _____

I ndiaidh an Ghlaoigh: Eolas faoin nGlaoiteoir

1. Cá bhfuil an glaoiteoir? (Torann sa chúlra)_____
2. Aois mheasta: _____ 3. An bhfuil aithne agat ar an nglór? _____
3. Má tá, cén cuma atá air? _____
4. Aon rud eile: _____

I ndiaidh an Ghlaoigh: Cad a dúradh go díreach sa bhagairt:

I ndiaidh an Ghlaoigh: **Cuir fáinne thart ar na gnéithe a bhaineann leis an nglaoch bagartha buama:**

Glór an Ghlaoiteora:

□ Blas láidir □ Feargach □ Scornach á Glanadh □ Ag casacht □ Tocht sa Ghlór □ Ag gol

□ Domhain □ Anáil dhomhain □ Faoi bhréagriocht □ Éagsúil □ Baineann □ Ag gáire

□ Gliscín □ Fireann □ Srónach □ Gnáthghlór □ Béasach □ Liobarnach

□ Gasta □ Grágach □ Mall □ Mungailt chainte □ Séimh □ Stadach

Teanga an Ghlaoiteora:

□ Béarla briste □ Soiléir □ Neamhleanúnach □ Ard □ Teachtaireacht á léamh □ Diamhaslach

□ Téipeáilte □ Deisbhéalach

Iompar an Ghlaoiteora:

□ Ionsaitheach □Suaimhneach □ Réchúiseach □ Drugáilte □ Mothúchánach □ Suaite

□ Scanraithe □ Neamhaibí □ Ar meisce □ Neamhréasúnach □ Máineach □ Gáirsiúil

□ Drochbhéasach □ Macánta

Torainn sa Chúlra:

□ Fuaimeanna Ainmhí □ Both fóin □ Soiléir □ Comhrá □ Meaisíní Monarcha □ Fuaimeanna Tí

□ Fuaimeanna Cistine □ Áitiúil □ Ó Chian □ Mótar □Ceol □ Meaisíní Oifige

□ Córas Fógartha Poiblí □ Torann Statach □ Fuaimeanna Sráide

Focail Ríthábhachtacha:

□ Bobghaiste □ C.E.4 □ Fiús Ceimiceach □ Téad Pléasctha □ Maidhm □ Maidhmitheoir

□ Dinimít □ Pléascadh □ Pléascáin □Fiús □ Tionscain □ Tionscnamh

□ Nítriúil □ P.E.4 □ Plaisteach □ Pléascán Plaisteach □ Cumhacht □ Foinse Chumhachta

□ Fiús Sábháilteachta □ Semtex □ Srapnal □ Lasc □ Amadóir □ T.N.T

□ Truicear □ Truip □ Sreang Truipe □ 808

AGUISÍN E
Teimpléad le haghaidh Clár Ceimiceán (Sampla)

Ainm an ullmhúcháin nó an phróisis	Ceimiceán atá ann	Uimhir CAS	Cá mhéad atá stóráilte?	Cá háit a bhfuil sé stóráilte	Cad chuige a n-úsáidtear é?	Eolas faoin nguais	Ainm agus seoladh an tsoláthraí	SDS reatha ar fáil?

AGUISÍN F
Suíomh agus Ábhair an Bhosca Gharchabhrach (Sampla)

Suíomh an Bhosca Garchabhrach: _____

Inneachar molta do bhoscaí agus fearais gharchabhrach i dTreoirlínte an ÚSS maidir le Caibidil 2 de Chuid 7 de *na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007* – Garchabhair.

Léirítear sa tábla seo a leanas na méideanna atá ag teastáil, ag brath ar líon na ndaoine atá ann:

Ábhair	Fearas taistil garchabhrach	Bosca garchabhrach		
		1 – 10 nduine	11 - 25 duine	26 - 50 duine*[1]
Plástair Ghreamaitheacha	20	20	20	40
Pillíní Súile Steiriúla (Uimh. 16) (Bindealán ceangailte)	2	2	2	4
Bindealáin Thriantánacha Clúdaithe ina nAonar	2	2	6	6
Bioráin Dúnta	6	6	6	6
Cóirithe Cneá Meánacha Steiriúla Neamh-íocleasaithe Clúdaithe ina nAonar (Uimh. 8) (10 x 8 cms)	1	2	2	4
Cóirithe Cneá Móra Steiriúla Neamh-íocleasaithe Clúdaithe ina nAonar (Uimh. 9) (13 x 9 cms)	1	2	6	8
Cóirithe Cneá An-Mhóra Steiriúla Neamh-íocleasaithe Clúdaithe ina nAonar (Uimh. 3) (28 x 17.5 cms)	1	2	3	4
Ceirtíní Díghalráin Clúdaithe ina nAonar	10	10	20	40
Siosúr Paraimhíochaine	1	1	1	1
Péire Miotóg Scrúdaithe	3	5	10	10
Uisce steiriúil, áit nach mbíonn uisce reatha soiléir ann **[2]	2x20 mls	1x500 mls	2x500 mls	2x500 mls
Masc Aghaidhe Póca	1	1	1	1
Cóirithe Dó Beaga Bunaithe ar Uisce (10 x 10cm) ***[3]	1	1	1	1
Cóirithe Dó Móra Bunaithe ar Uisce ***[3]	1	1	1	1
Bindealán Síprise (7cm)	1	1	2	3

NÓTAÍ:

*Nóta 1: Má tá níos mó ná 50 duine fostaithe, ba cheart socruithe pro rata a dhéanamh

**Nóta 2: Muna bhfuil uisce as an sconna ón bpríomhlíne ar fáil le súile a ghlanadh, ba cheart uisce steiriúil nó gnáthshailíne steiriúil (0.9%) i gcoimeádáin shéalaithe a chur ar fáil. Ba cheart go mbeifí in ann 20ml ar a laghad a chur i ngach coimeádán agus ba cheart fáil réidh leis nuair atá an séala briste. Níor cheart súilfholcadh / cupáin súile / coimeádáin inathlíonta a úsáid le haghaidh glanadh súile mar gheall ar an riosca go n-ionfhabhtaítear duine. Ba cheart an marc CE a bheith ag an gcoimeádán.

***Nóta 3: Sa chás nach bhfuil uisce as an sconna ón bpríomhlíne ar fáil chun an réigiún dóite a fhuarú.

AGUISÍN G
Do Stáisiún Oibre a Leagan Amach

Bain úsáid iomlán as an trealamh a chuirtear ar fáil agus athraigh é chun an leas is fearr is féidir a bhaint as agus chun fadhbanna sláinte féideartha a sheachaint. Seo roinnt leideanna praiticiúla duit:

Tú féin a chur ar do chompord

- Coigeartaigh do chathaoir agus an t-aonad taispeána físe (VDU) agus aimsigh an staid is compordaí do d'obair. Mar threoir ghinearálta, ba cheart go mbeadh do rítheacha cothrom leis an mbord agus go mbeadh do shúile ar comhairde le barr an aonaid taispeána físe a bheag nó a mhór.
- Cinntigh go bhfuil dóthain spáis oibre agat leis na doiciméid agus an trealamh eile atá ag teastáil uait a chur ann.
- Bain triail as socruithe éagsúla le haghaidh an mhéarchláir, an scáileáin, na luchóige agus na ndoiciméad chun an socrú is fearr duit a aimsiú. D'fhéadfadh coinneálaí doiciméad tacú leat gluaiseachtaí ciotacha muiníl agus súile a sheachaint.
- Eagraigh do dheasca agus VDU chun dallrú nó frithchaití geala ar an scáileán a sheachaint. Tá sé níos éasca é sin a dhéanamh muna bhfuil aghaidh do scáileáin go díreach ar fhuinneoga nó soilse geala. Socraigh cuirtíní agus dallóga chun cosc a chur le solas nach bhfuil tú ag iarraidh.
- Déan cinnte de go bhfuil spás faoi do dheasc chun do chosa a bhogadh gan srian. Aistrigh aon bhac cosúil le bosca nó trealamh.
- Seachain brú iomarcach ó imeall do shuíocháin ar chúl do chos agus do ghlún. D'fhéadfadh go dtacódh taca coise leat, go háirithe daoine níos lú.

Ag clóscríobh

- Athraigh do mhéarchlár chun suíomh maith a ghlacadh le clóscríobh. Bíonn sé úsáideach uaireanta spás a fhágáil os comhair an mhéarchláir le do lámha agus rostaí a fhágáil nuair nach mbíonn tú ag clóscríobh.
- Déan iarracht do rostaí a choinneáil cothrom nuair a bhíonn tú ag clóscríobh. Brúigh na heochracha go réidh agus ná sín do mhéara an iomarca. Tá sé tábhachtach teicníocht mhéarchláir mhaith a bheith agat.

Luchóg a úsáid

- Cuir an luchóg in aice láimhe ionas gur féidir é a úsáid le rosta díreach. Suigh suas go díreach gar don deasc chun nach mbeidh ort an luchóg a úsáid le géag sínte. Cuir an méarchlár as an mbealach muna bhfuil sé á úsáid.
- Leag do rí ar an deasc agus ná faigh greim róláidir ar an luchóg.
- Leag do mhéara go réidh ar na cnaipí agus ná brúigh iad róláidir.

An scáileán a léamh

- Coigeartaigh na rialuithe gile agus codarsnachta ar an scáileán chun dul in oiriúint do choinníollacha soilsithe an tseomra.
- Cinntigh go bhfuil dromchla an scáileáin glan.
- Agus na bogearraí á socrú agat, roghnaigh roghanna a thugann téacs atá mór go leor lena léamh go héasca ar an scáileán nuair atá tú i do shuí go normálta compordach. Roghnaigh dathanna atá éasca ar na súile (seachain téacs dearg ar chúlra gorm, agus a mhalairt).

- Ba cheart go mbeadh na carachtair aonair i bhfócas soiléir agus níor cheart go mbeidís ag preabadh ná ag bogadh. Má tá siad, d'fhéadfadh go mbeadh gá le seirbhís a dhéanamh ar an VDU nó leis an VDU a choigeartú.

Staidiúir agus sosanna

- Ná suigh san áit cheart ar feadh tréimhsí fada ama. Déan cinnte de go n-athraíonn tú do shuíomh chomh minic agus is féidir. Tá roinnt gníomhaíochta inmhianaithe, ach seachain nach síneann tú arís agus arís eile le rudaí a theastaíonn uait a fháil (má dhéanann tú é sin, cuir atheagar ar do stáisiún oibre)
- Bíonn deis ann sos a thógáil ón scáileán i bhformhór na bpost, mar shampla comhdúchán nó fótachóipeáil a dhéanamh. Bain úsáid as na deiseanna sin. Muna bhfuil sosanna nádúrtha den chineál sin i do phost, ba cheart do d'fhostóir plean a dhéanamh chun go ligfidh tú do scíth. Tá sosanna gearra rialta níos fearr ná líon níos lú sosanna fada.

Le haghaidh tuilleadh eolais nó measúnú VDU, téigh i dteagmháil leis an Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta.

AGUISÍN H
Cead chun Oibre (Sampla)

Eisithe chuig (Ainm na Cuideachta)			**Cineál Ceada (Ticeáil de réir mar is cuí)**	
Eisithe chuig (Ainm an Oibritheora)			Obair Leictreach / Gaile / Gáis Oibreacha Teo	
Eisitheoir Údaraithe (Priontáil Ainm)			Oibreacha Teo	
Eisithe - Dáta agus Am			Obair ar Airde	
Bailí go dtí - Dáta agus Am			Obair i Suíomhanna Cúnga	
Suíomh na hOibre			Obair Ghuaiseach Eile	
Nádúr na hOibre				

RÉAMHCHÚRAIM SHÁBHÁILTEACHTA – LE CRÍOCHNÚ DO GACH CEAD NÍ CHUIRFEAR TÚS LEIS AN OBAIR GO dTÍ GO bhFREAGRÓFAR 'TÁ' AR GACH CEIST SA MHÍR SEO.	**Is ea**	**Ní hea**	**Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) (ticeáil siombail de réir mar is gá). Ní chuirfear tús leis an obair go dtí go bhfuil TCP ar fáil.**		
An bhfuil Measúnuithe Riosca agus Ráitis Mhodha ar taifead don obair áirithe seo?					
Ar pléadh Rialacha Sábháilte an tSuímh ar chúl an cheada seo leis an gconraitheoir/fochonraitheoir?					
LEICTREACH / GAILE / GÁIS	**Is ea**	**Ní hea**	**OBAIR AR AIRDE**	**Is féidir**	**Ní féidir**
An mbeidh aonrú ag teastáil?			An bhfuil MEWP nó scafall ag teastáil?		
Má tá, cén modh aonraithe, mar shampla glas, clib? (Cuirfidh an leictreoir comhairle ar fáil)			Más ea, an ndearnadh iniúchadh ar an trealamh agus ar dearbhaíodh go bhfuil sé saor ó dhamáiste nó fabht?		
Dearbhaigh gur aonraíodh an soláthar ábhartha.					
OIBREACHA TEO	**Is ea**	**Ní hea**	**OBAIR I SUÍOMHANNA CÚNGA**	**Is féidir**	**Ní féidir**
An bhfuil múchtóirí dóiteáin ar fáil agus saor ó dhamáiste nó fabht?			Ar dearbhaíodh gur oiriúnach an bealach isteach agus amach sábháilte?		
An bhfuil crios eisiaimh le marcáil / tródam le cur air?			An mbeidh monatóireacht leanúnach ar ghás le déanamh?		
An bhfuil obair dín ag teastáil?			An mbeidh pearsanra ionaid ann an t-am ar fad?		
Má tá, liostaigh na bearta sábháilteachta breise atá le déanamh ar bhileog ar leith.			An bhfuil gaireas análaithe ag teastáil?		
Tar éis oibreacha teo, bíonn gá i gcónaí le faire a dhéanamh ar feadh 1 UAIR AMHÁIN AR A LAGHAD. Ticeáil chun admháil.			An bhfuil trealamh sábhála ó thitim ag teastáil? Má Tá, liostaigh ar bhileog ar leith.		
OBAIR GHUAISEACH EILE (sonraigh le do)	**Is ea**	**Ní hea**	**Breise / Eile / Nótaí Tráchta**		

EISIÚINT				
Eisitheoir	Údaraím cur i gcrích na hoibre seo.	Síniú:		Dáta agus am:
(Fo)c(h)onraitheoir	Léigh mé agus thuig mé coinníollacha an cheada seo agus aontaím go gcloífidh mé le Rialacha Sábháilteachta an tSuímh ar an gcúl.	Síniú:		Dáta agus am:
TABHAIRT AR AIS				
Eisitheoir		Síniú:		Dáta agus am:
(Fo)c(h)onraitheoir		Síniú:		Dáta agus am:

RIALACHA SÁBHÁILTEACHTA AN tSUÍMH

TÁ FEIDHM AG NA RIALACHA SEO AGUS NÍ MÓR DO GACH CUAIRTEOIR, CONRAITHEOIR AGUS FOCHONRAITHEOIR CLOÍ LEO

- Páirceáil go sábháilte i gcarrchlós sainithe amach ó na limistéir ina bhfuil gléasra / feithiclí ag oibriú;
- Cloí leis an teorainn luais;
- Bí ar an eolas ar chomharthaí ar fud an ionaid agus gníomhaigh de réir na dtreoracha orthu, treoracha maidir le nósanna imeachta éigeandála san áireamh;
- Caith Trealamh Cosanta Pearsanta a oireann do na gníomhaíochtaí. Cuirfidh bainistíocht an ionaid riachtanais suíomhoiriúnaithe in iúl;
- Téigh go dtí an fáiltiú sula dtosaíonn tú ag obair. Tá sé de fhreagracht ar mhaoirseoir an (fho)chonraitheora / an duine atá freagrach a bheith ar an eolas maidir le cá bhfuil a f(h)ostaithe an t-am ar fad i gcás éigeandála / aslonnaithe;
- Feidhmíonn an t-ionad córas **Cead chun Oibre** le haghaidh obair ghuaiseach. Má tá tú chun obair ghuaiseach a dhéanamh, ní mór duit bainistíocht an ionaid a chur ar an eolas maidir le cé a eiseoidh an cead chun oibre sula dtosaíonn an obair. Áirítear leis an bpróiseas an riachtanas go soláthrófar Measúnuithe Riosca agus Ráitis Mhodha;
- Ní mór do gach conraitheoir cloí leis na rialacháin chuí reachtúla agus cóid chleachtais, chomh maith le nósanna imeachta sábháilteachta na scoile, fad a oibríonn siad ag an ionad;
- Ba cheart go mbeadh dea-ord ar an trealamh ar fad a úsáideann conraitheoirí agus go mbeadh teastas cigireachta reachtúil reatha ag an trealamh, más cuí. D'fhéadfadh an t-ionad cóipeanna de theastais a iarraidh;
- Ní mór d'fhoireann na gconraitheoirí oiliúint chuí a bheith acu ar úsáid an ghléasra a úsáideann siad agus na gníomhaíochtaí oibre a dhéanann siad, agus d'fhéadfadh an t-ionad cóipeanna de chártaí nó teastais oiliúna a iarraidh;
- Ba cheart go mbeadh teastas PAT ag an trealamh leictreach iompartha ar fad agus go mbeadh sé á chumhachtú ag cadhnraí nó gur threalamh 110V talmhaithe é;
- Ba cheart do chonraitheoirí na huirlisí agus trealamh ar fad atá ag teastáil don obair. Ní úsáidfear trealamh an ionaid gan cead soiléir a fháil ó bhainistíoch an ionaid agus ní mór don chonraitheoir fianaise a chur ar fáil go bhfuil a bhfostaithe in ann trealamh den chineál sin a úsáid;
- Ba cheart dea-bhainistí a choinneáil, ábhair a stóráil go sábháilte agus ar bhealach eagraithe agus dramhaíl a chur i gcoimeádáin oiriúnacha. Tá conraitheoirí freagrach as aon dramhaíl a chruthaíonn siad a bhaint ach amháin sa chás go bhfuair siad cead roimh ré ó bhainistíocht an ionaid lena diúscairt i gcoimeádáin dramhaíola oiriúnacha;
- Ní mór limistéir oibre na gconraitheoirí a scaradh le bacainní fisiceacha más féidir agus comharthaí rabhaidh oiriúnacha;

- Má tá scafalra á úsáid, ní mór cóipeanna de thaifid oiliúna na foirne a chuireann an scafalra in airde / a athraíonn an scafalra / a bhaineann an scafalra anuas a chur ar fáil, agus ní mór na teastais (tosaigh, seachtainiúil agus leasaithe) reachtúla chigireachta a thabhairt do bhainistíocht an ionaid;
- Tá cosc ar thobac ar na tailte scoile ach sna limistéir shainithe;
- Níl féidir le conraitheoirí fáil réidh le haon ábhair nó substaint a dhiúscairt sna draenacha ar na tailte scoile gan cead a fháil ó bhainistíocht an ionaid;
- Sa chás go sáraíonn conraitheoir rialacha sábháilteachta nó go mbíonn páirt ag conraitheoir i dtimpiste, teagmhas nó neastimpiste, ní mór an bhainistíocht scoile a chur ar an eolas ar an toirt. Cinnfidh bainistíocht an ionaid, i gcomhar leis an mBainisteoir Ionaid, aon bheart a bheidh le glacadh;
- Tá clár reatha aispeiste ag gach ionad agus ní mór breathnú air sin sula dtosaíonn obair. Más dócha go gcorrófar aispeist ag an obair nó má thagtar ar shubstaint ar dóigh dó a bheith ina aispeist, ní mór stop a chur leis an obair agus bainistíocht an ionaid a chur ar an eolas láithreach;
- Ní mór do gach duine é/í féin a chur ar an eolas maidir le nósanna imeachta dóiteáin, bealaí éalaithe agus ionaid tionóil an ionaid.

AGUISÍN I
Earraí Nach Mór Cigireacht Reachtúil a Dhéanamh Orthu (Sampla)

EARRAÍ TIPICIÚLA	Rialachán Infheidhmithe	Úsáidí	Íomhá
Ardaitheoir Paisinéirí	Rial. 52	Ardaitheoir le haghaidh úsáid ghinearálta	
Ardaitheoir Ardáin	Rial. 52	Á úsáid le haghaidh rochtain cathaoireach rothaí idir leibhéil agus uaireanta idir 2 nó 3 urlár	
Ardaitheoir agus Úim Othar Iniompartha	Rial. 52	Úsáid le haghaidh duine míchumasaithe a ardú agus a bhogadh	
Ardaitheoir Seirbhíse / Gaireas Freastail	Rial. 52	Á úsáid le haghaidh tráidirí bia, soithí etc. a aistriú idir urláir.	
Ardaitheoir Othar ar Rian	Rial. 52	Á úsáid chun duine míchumasaithe a ardú agus a iompar	

EARRAÍ TIPICIÚLA	Rialachán Infheidhmithe	Úsáidí	Íomhá
Aerghlacadóir	Cuid 10	Á úsáid i gcóras aeir chomhbhrúite chun aer faoi bhrú a stóráil go dtí go bhfuil sé ag teastáil.	
Coirí Téimh	Rial. 30	D'fhéadfadh coirí cumhachtaithe ag ola, gás nó leictreachas a bheith i gceist. Á úsáid chun uisce a théamh lena chur timpeall córas téimh (píopaí agus radaitheoirí)	
Árthaí Leata	Cuid 10	Nuair atá siad os cionn 250 lítear bair (iolraigh an brú deartha faoin méid) tá na hárthaí stórála brú seo clúdaithe ag Cuid 10 agus ní mór scrúdú a dhéanamh orthu.	
Castainní le haghaidh Líon Cispheile	Rial. 30	Castainní suite le haghaidh líonra cispheile i ngiomnáisiam. Beidh modh sábháilte rochtana ag teastáil (scafalra nó MEWP de ghnáth).	
Uathchlábh Féinghiniúna	Cuid 10	Á n-úsáid i saotharlann eolaíochta chun trealamh a steiriliú	

AGUISÍN J
Clár Trealaimh agus Treoirlínte Cigireachta (Sampla)

Cur Síos ar Threalamh	Suíomh	Socruithe Cothabhála	Socruithe Cigireachta – cuir an colún seo i gcrích má tá cigireacht reachtúil ag teastáil don trealamh, mar shampla ardaitheoirí, trealamh ardaithe etc.

AGUISÍN K
Seicliosta le haghaidh Ionduchtúchán Sábháilteachta d'Fhostaithe (Sampla)

Ainm an Fhostaí:	**Bainisteoir Líne**:
Teideal Poist:	**Rannóg:**

Ábhair Ionduchtúcháin:	**Ábhar Clúdaithe (✓)**
Ráiteas Sábháilteachta agus measúnuithe riosca san áireamh	
Nósanna Imeachta maidir le Timpiste / Teagmhas a Thuairisciú.	
Socruithe éigeandála agus dóiteáin, suíomhanna na mbealaí amach, an bhealaigh éalaithe agus an ionaid tionóil dóiteáin san áireamh.	
Socruithe garchabhrach.	
Suíomh an Dífhibrileora	
Leithreas/ Cithfholcadáin.	
Suíomh an chláir fógra sláinte agus sábháilteachta.	
Áiseanna Ceaintín.	
Polasaí maidir le cosc ar thobac.	

Sínithe ag an mBainisteoir a chuir an t-ionduchtúchán i gcrích:	Dáta
Sínithe ag Fostaí	Dáta

AGUISÍN L
Seicliosta le haghaidh Ionadaí Sábháilteachta (Sampla)

Iniúchadh Míosúil Sláinte agus Sábháilteachta 2019		
Suíomh / Rannóg: **Dáta ar Críochnaíodh an tIniúchadh:** **Duine a Críochnaíodh:**		
Staighre éalaithe / cosáin: Bealaí éalaithe / staighrí éalaithe glan ó bhac / múchtóirí dóiteáin (in situ, gan damáiste / gan bac orthu) / comharthaí dóiteáin / barúlacha eile / barúlacha foirne?	**Dáta tugtha faoi deara**	**Dáta réitigh**
Trealamh: Soicéid, sreangáin dhamáistithe, trealamh lochtach, barúla eile / barúlacha foirne? An bhfuil caoi mhaith oibre ar threalamh agus cosaint leordhóthanach?	**Dáta tugtha faoi deara**	**Dáta réitigh**
Sleamhnú, Tuisle agus Titim Staighrí dóiteáin glan ó bhac, dromchlaí urláir atá mín, pasáistí saor ó bhac, bainistíocht cáblaí, doirteadh, barúlacha eile / barúlacha foirne?	**Dáta tugtha faoi deara**	**Dáta réitigh**

Seomraí Comhdaithe agus Stórála: Staighrí dóiteáin glan ó bhac, seilfeanna atá daingean agus slachtmhar, earraí troma stóráitle idir airde lár na leise agus airde na gualainne, dréimire taca ag teastáil (má stóráiltear earraí ar airde an chinn), barúlacha eile / barúlacha foirne?	**Dáta tugtha faoi deara**	**Dáta réitigh**
Cistin: Ábhair ghlantacháin stóráilte go cuí, cistin atá glan, barúlacha eile / barúlacha foirne?	**Dáta tugtha faoi deara**	**Dáta réitigh**
Ceimiceáin: Ceimiceach stóráilte agus aitheanta mar is ceart?	**Dáta tugtha faoi deara**	**Dáta réitigh**

Nótaí Tráchta / Iarrataí Foirne: An bhfuil aon ábhair imní nó moltaí ag baill foirne maidir le cleachtas agus nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta san ionad?
Feabhas a Chur ar Shláinte agus Sábháilteacht De bharr an iniúchta seo agus an phlé leis an bhfoireann, cén bearta a d'fhéadfadh a dhéanamh chun fáil réidh le rioscaí agus feabhas a chur ar chleachtas agus nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta sa scoil nó le linn aon ghníomhaíochtaí a bhainistíonn tú?

AGUISÍN M
Seicliosta le haghaidh Scrúdú Bliantúil Sláinte agus Sábháilteachta (Sampla)

Ní mór do gach Scoil an fhoirm seo a chomhlánú uair amháin gach bliain ar a laghad, tráth nach déanaí ná deireadh Mheitheamh, agus í a chur isteach chuig an BOO.	
Ionad:	
Bainisteoir Ionaid:	
Dáta ar Cuireadh i gCrích é:	
Mír le Seiceáil:	**Freagra - freagair 'is ea' nó 'ní hea' - más 'ní hea' an freagra, tabhair míniú le do thoil.**
An ndearnadh athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta agus an bhfuil na réimsí i gCuid 6 a aithníodh le huasdátú a dhéanamh orthu ceangailte lena gceadú?	
Ar cuireadh an Ráiteas Sábháilteachta in iúl don fhoireann ar fad agus ar coimeádadh taifid air sin?	
Ar cuireadh riachtanais an Ráitis Sábháilteachta maidir le hionadaí sábháilteachta agus coiste sábháilteachta a bhunú i bhfeidhm ar bhealach gníomhach san ionad seo?	
Ar cuireadh cruinnithe ar siúl de réir mar is gá faoin Ráiteas Sábháilteachta agus ar coimeádadh taifid ar chruinnithe den chineál sin?	
Ar cuireadh i gcrích measúnuithe riosca i gcomhréir leis an Ráiteas Sábháilteachta agus ar coimeádadh taifid air sin?	
An ndearnadh cothabháil agus iniúchadh ar threalamh dóiteáin?	
Cá mhéad cleachtaí dóiteáin a rinneadh sa scoil le linn an téarma acadúla (sonraigh líon)?	
An bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm le haghaidh iniúchadh agus cothabháil a dhéanamh ar threalamh?	

An ndéantar iniúchtaí rialta taobh istigh den scoil le seiceáil go mbíonn an timpeallacht glan agus slachtmhar agus go mbíonn dea-bhail uirthi?	
An ndéantar taifead agus imscrúdú ar thimpistí agus teagmhais?	
An ndearna an t-ionad seo a athbhreithniú bliantúil bainistíochta ar a fheidhmíocht Sláinte agus Sábháilteachta?	
Nótaí Tráchta	

AGUISÍN N
Ábhair bhreise lena gcur in oiriúint do riachtanais ar leith an ionaid

N.1 Substaintí Ceimiceacha

Measúnú Riosca 7, 29, 30, 31 agus 50

Aithníonn an t-ionad a chuid dualgas faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, na Rialacháin maidir le Feidhm Ghinearálta, 2007-2016, agus na rialacháin lena mbaineann i dtaca leis na substaintí ceimiceacha ar fad a thugtar isteach san áit oibre agus a d'fhéadfadh a bheith contúirteach do shláinte nó don chomhshaol.

Is é an príomhchuspóir maidir le substaintí díobhálacha ná substaint ailtéarnach nach bhfuil chomh díobhálach a fhoinsiú más féidir le réasún. Cé gur cuspóir é sin, aithnítear freisin nach féidir é sin i gcónaí. Mar sin, tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar na rioscaí atá ann mar gheall ar gach substaint cheimiceach, iad a stóráil go sábháilte agus nochtadh na foirne agus na mac léinn orthu a íoslaghdú.

Áirítear le substaintí ceimiceacha, ach gan a bheith teoranta dóibh, substaintí glantacháin, péint, ceimiceáin saotharlainne, ábhair ghlantacháin meaisín, tonóir, aicéatón etc.

Tá gach duine a úsáideann ábhair den chineál sin le linn chúrsa a lá oibre freagrach as ceimiceáin a bhainistiú agus a láimhsiú go sábháilte. D'fhonn rioscaí a íoslaghdú ní mór do gach ball foirne agus mac léinn an méid seo a leanas a dhéanamh;

- An chomhairle a leagtar amach sa Bileog Sonraí Sábháilteachta (BSS) a leanúint, bileog a sholáthraíonn eolas úsáideach faoi cheimiceáin, a dhéanann cur síos ar ghuaiseacha na gceimiceán agus a sholáthraíonn eolas maidir le láimhsiú, stóráil agus bearta éigeandála i gcás timpiste nó doirte;
- Más féidir, ná úsáid ceimiceáin ghuaiseacha. Sa chás go bhfuil sé fíor-riachtanach ceimiceáin ghuaiseacha a úsáid, ní mór tabhairt faoi mheasúnú riosca;

- Cinntigh go gcomhlíontar riachtanais na reachtaíocht ábhartha;
- Cinntigh go gcomhlíontar riachtanais an Ráitis Sábháilteachta seo;
- Cuir cosc le timpistí nó drochshláinte de bharr úsáid na n-oibreán ceimiceach;
- Cinntigh go n-úsáidtear an rogha lena mbaineann an riosca is lú don chomhshaol nuair a roghnaítear agus úsáidtear ceimiceáin.

Ná cuir ceimiceáin i gcoimeádáin gan lipéad agus ná úsáid iad ach i gcomhréir le treoirlínte an déantúsóra.

Ceimiceáin a Cheannach

Sula gceannaítear earra ceimiceach, seiceálfaidh an duine atá á cheannach go bhfuil an cineál earra cheimicigh nó an cineál táirge cheimicigh sin ar an liosta ceadaithe earraí / táirgí ceimiceacha atá ar liosta ceadaithe ceannacháin, go ndearnadh measúnú riosca air cheana agus / nó go bhfuil sé ar an bhFardal Ceimiceach. Níor cheart ach méideanna an-bheaga a cheannach aon uair áirithe.

Ní mór Bileog Sonraí Sábháilteachta a bheith ag dul le gach ceimiceán. Cuireann an BSS seo eolas úsáideach ar fáil maidir le ceimiceáin, déantar cur síos ann ar ghuaiseacha na gceimiceán agus soláthraítear eolas maidir le láimhsiú, stóráil agus bearta éigeandála i gcás timpiste. Mar a luadh thuas, sa chás go n-úsáidtear ceimiceán guaiseach, ní mór tabhairt faoi mheasúnú riosca air.

Ní mór an BSS a choinneáil san Fhardal Ceimiceach agus in áit ar féidir é a aithint go soiléir agus ar féidir leis an bhfoireann agus na seirbhísí éigeandála é a fháil go héasca.

Sa chás go soláthraítear ceimiceán gan BSS, ní mór iarraidh ar an soláthraí ceann a chur ar fáil.

Fardal Ceimiceach

Déanfaidh Bainistíocht an Ionaid cinnte de go gcuirtear Fardal Ceimiceach ar bun trí úsáid a bhaint as an Teimpléad le haghaidh Clár Ceimiceán atá ar fáil in **Aguisín G**. Déanfar an fardal a uasdátú nuair a fhaightear ceimiceáin nua agus beidh sé ina chuid den athbhreithniú bliantúil measúnaithe riosca ar chórais a dhéanann an Coiste Sábháilteachta.

Agus fardal á bhunú agus á chothabháil, déanfar na nithe seo a leanas;

- Gach ceimiceán a shainaithint go soiléir ach an lipéad ar an gcoimeádán a sheiceáil, an Bhileog Sonraí Sábháilteachta a sheiceáil nó aon doiciméad eile a tháinig leis an gceimiceán a sheiceáil;
- Sa chás go bhfuil ceimiceáin anaithnid ann, mar gheall ar easpa doiciméad, ar easpa lipéid ar an gcoimeádán nó ar lipéid doléite, ba cheart an ceimiceán anaithnid agus a shuíomh a thaifeadadh san fhardal agus socruithe a dhéanamh leis an gceimiceán a thógáil den áitreabh ar bhealach sábháilte;
- Breithnigh aon fhothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann, cosúil le dusta, múch, etc. chun go mbeidh na bearta rialaithe cearta i bhfeidhm, mar shampla asbhainteoirí;
- Breac síos cén fáth a n-úsáidtear an ceimiceán chun go mbeifear in ann fáil réidh le ceimiceáin neamhúsáidte muna bhfuil an ceimiceán fós ag teastáil;

- Breac síos méid gach ceimiceáin, cá háit a stóráiltear é agus conas a stóráiltear é chun nach gceannaítear ach na méideanna atá ag teastáil.

Riosca a Bhainistiú

Is iad na príomhrioscaí a bhaineann le ceimiceáin a úsáid ná na tionchair sláinte a bhíonn ag ionanálú, ionghabháil nó teagmháil leis an gcraiceann. Déantar measúnú ar na rioscaí sin ar fad agus cuirtear na rialuithe cuí in iúl do gach fostaí lena mbaineann.

Chun an riosca a choinneáil chomh híseal agus is féidir, tabharfar aird ar na rialuithe seo a leanas:

- Ní úsáidfear ach méideanna an-teoranta ceimiceán;
- Beidh sé an-éasca limistéir stórála na gceimiceán a aithint agus ní bheidh rochtain ag daoine ar na limistéir sin ach amháin má theastaíonn sin uathu;
- Déanfar measúnuithe riosca ar cheimiceáin ghuaiseacha ar bhonn leanúnach;
- Más gá, cuirfear trealamh cosanta pearsanta (TCP) ar fáil;
- Éileofar ar bhaill foirne a úsáideann ceimiceáin eolas a chur ar an mbileog sonraí sábháilteachta agus na beartais chosanta ar fad a ghlacadh a bhíonn ag teastáil chun an ceimiceán a láimhsiú go sábháilte;
- Éileofar ar bhaill foirne freisin a chinntiú go bhfuil eolas ag a mic léinn/foghlaimeoirí ar na beartais chosanta atá le glacadh agus go n-úsáideann siad TCP cuí;
- Cuirtear sainoiliúint ar fáil, de réir mar is cuí, maidir le lotnaidicídí a úsáid agus a láimhsiú go sábháilte;
- Ní mór ceimiceáin a dhiúscairt i gcomhréir le treoirlínte an déantúsóra agus na riachtanais reachtúla.

N.2 Sleamhnú, Tuisle agus Titim

Measúnú Riosca 12

Aithnítear go bhfuil an riosca go ngortófar ball foirne mar gheall ar shleamhnú, tuisle agus titim ar cheann do na rioscaí is mó do bhaill foirne.

Ba cheart cúram a ghlacadh na limistéir urláir ar fad a choinneáil saor ó ghuaiseacha tuislithe agus sleamhnaithe. Má dhoirteann tú aon leacht, **tá tú freagrach as** a chinntiú go nglantar an doirteadh láithreach.

Tá freagracht ar gach duine as feabhas a chur ar bhainistí agus as a chinntiú go stóráiltear ábhair agus trealamh mar is ceart. Ar an mbealach sin, laghdófar teagmhais agus / nó timpistí.

D'fhéadfá tacú le sleamhnú, tuisle agus titim ag an obair a sheachaint ach súil a choinneáil amach do na nithe seo a leanas:

- Céimeanna ceilte nuair a théann tú amach nó nuair a chasann tú an cúinne;
- Dromchlaí míne cosúil le hurláir ar cuireadh céir orthu ach nach ndearnadh a chuimilt;
- Spotaí fliucha;

- Spotaí / doirteadh ola agus gréisce;
- Cairpéid nach ceangailte síos le tacóidí;
- Tíleanna nó clár urláir scaoilte;
- Stáitse neamhdhaingean nó nach feistithe mar is ceart;
- Cáblaí leictreacha;
- Tarraiceáin caibinéad comhad atá oscailte;
- Bacainní sealadacha ar phasáistí;
- Agus tú ar staighre (úsáid na ráillí láimhe agus coinnigh do lámha amach ó dó phócaí);
- Málaí agus leabhair nach stóráiltear mar is cuí.

Má tá tú gortaithe, nó má thagann tú ar dhuine gortaithe, de bharr sleamhnaithe, tuisle nó titime, ní mór an nós imeachta maidir le timpiste **(Cuid 6.7)** a leanúint.

N.3 Áiseanna Folláine / Sláinteachais

Measúnú Riosca 4, 6, agus 26

Cuirfear áiseanna leasa atá ag teastáil faoin reachtaíocht ar fáil leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007-2016. Meabhraítear na nithe seo a leanas d'fhostaithe:

- Tá gach fostaí freagrach as caighdeáin shábháilte tís a leanúint ina limistéar oibre agus i limistéir ghinearálta an ionaid;
- Tá an t-ionad tiomanta do na caighdeáin is airde glaineachta agus sláinteachais a chur ar fáil, faoi réir na n-acmhainní ar fáil, ar fud na hoibríochta;
- Tá limistéir shainithe ar fáil d'fhostaithe le sos a thógáil nuair atá siad san áitreabh. Tá go leor bord agus cathaoireacha cuí sa Cheaintín agus sna seomraí foirne;
- Tá áiseanna ceaintín ar fáil ina bhfuil uisce te agus fuar, micreathonnach etc.;
- Ba cheart seomraí locar agus cithfholcadáin a choinneáil glan agus slachtmhar;
- Ní mór sconnaí cithfholcadáin a ghlanadh agus a shruthlú le huisce reatha te ar bhonn rialta (gach seachtain) chun bailiú uisce mhairbh a sheachtaint.

N.4 Láimhsiú

Measúnú Riosca 13

Pléann *Cuid 2 Caibidil 4 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007-2016* le láimhsiú ualaí.

Is é atá sa láimhsiú ualaí ná ualach a iompar ag fostaí amháin nó os a chionn. Áirítear leis ardú, cur síos, brú, ualach a iompar nó a bhogadh ar bhealach a chuireann fostaithe i mbaol, go ngortófar an droim ach go háirithe, *mar gheall ar ghnéithe an ualaigh nó ar choinníollacha eirgeanamaíochta neamhfhabhracha*. Is iad na gnéithe sin nó na coinníollacha eirgeanamaíochta neamhfhabhracha sin na fachtóirí riosca atá leagtha amach sa Tríú Sceideal de na Rialacháin 2007 agus d'fhéadfaidís díobháil a dhéanamh.

Is gníomhaíocht é láimhsiú a tharlaíonn i ngach áit oibre agus ní gá go mbíonn fadhb ag baint leis. Ach d'fhéadfadh sé a bheith ina fhadhb má éilítear ar bhall foirne ualaí troma nó ciotacha a láimhsiú. Agus measúnú á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí láimhsithe, breithneoidh an bhainistíocht scoile na nithe seo a leanas:

- An Tasc;
- An Duine;
- An tUalach;
- An Timpeallacht.

Tabharfaidh an duine iomchuí faoi mheasúnuithe riosca, duine ag a bhfuil an t-eolas, oiliúint agus taithí leordhóthanach chun an tasc a dhéanamh mar is ceart agus ar bhonn oibiachtúil. Muna féidir fáil réidh le láimhsiú ar an toirt, bainfear úsáid as an ordlathas riosca / na prionsabail coisc:

- Faigh réidh - mar shampla an córas comhdaithe / seilfre a athdhearadh etc;
- Cuir in ionad - mar shampla comhaid bheaga etc;
- Rialuithe innealtóireachta - mar shampla áiseanna meicniúla a úsáid etc;
- Riarachán - mar shampla an méid ama a chaitheann daoine ag aistriú na n-ábhar a laghdú, líon na ndaoine a láimhsíonn a laghdú etc.

Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte

Aithneoidh an t-ionad na baill foirne a láimhsíonn ualaí troma agus déanfaidh sé cinnte de go gcuirfear oiliúint chuí ar láimhsiú sábháilte ar fáil taobh istigh de thréimhse ama chuí i ndiaidh do na daoine sin post a fháil san ionad.

De ghnáth, spreagtar baill foirne láimhsiú a sheachaint más féidir.

Cuirfidh Teagascóir Inniúil an oiliúint ar fáil, más gá, teagascóir ag a bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an taithí chuí. Cuirfear oiliúint ar fáil i gcomhréir leis an mbeartas Sláinte agus Sábháilteachta.

Cuirfear oiliúint athnuachana ar fáil i ndiaidh gach 3 bliana ar a mhéad.

Coinneoidh an t-ionad agus / nó an BOO taifid oiliúna chuí.

N.5 Stáisiún Oibre Ríomhaire

Measúnú Riosca 11

Pléann Cuid 2 Caibidil 5 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007-2016 le Trealamh Scáileán Taispeána (TST).

Is iad na baill foirne nach mór dóibh a gcuid oibre a dhéanamh ar TST agus nach bhfuil rogha ar bith acu ach a gcuid oibre a dhéanamh ar TST ar feadh cuid mhór de lá na fostaithe atá clúdaithe ag na rialacháin. Tá tuilleadh treorach ar fáil in **Aguisín G.**

Tá measúnuithe eirgeanamaíochta ar fáil agus tabharfaidh soláthraí seachtrach fúthu.

Féadfaidh baill foirne a úsáideann Aonaid Taispeána Físe (VDU) freisin, agus atá clúdaithe ag na rialacháin, úsáid a bhaint as tástáil súl trí iarratas a chur isteach chuig an Rannóg Acmhainní Daonna.

N.6 Seomraí Praiticiúla

Measúnú Riosca 1, 2, 3, 34, 35, 36 agus 52 go dtí 70

Aithníonn an t-ionad a chuid dualgas faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 na Rialacháin maidir le Feidhm Ghinearálta, 2007-2016 agus na rialacháin lena mbaineann i dtaca le timpeallacht agus trealamh a sholáthar do bhaill foirne agus mic léinn atá oiriúnach don fheidhm. Is seomraí praiticiúla iad aon limistéar ina múintear ábhar praiticiúil, is iad sin na hábhair seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Seomraí Adhmadóireachta / Miotalóireachta;
- Seomraí Ealaíne;
- Limistéar Corpoideachais;
- Seomraí Eacnamaíochta Baile;
- Saotharlanna;
- Seomraí Teiripe Scéimhe;
- Seomraí Gruagaireachta;
- Seomraí Stórála.

Mar gheall ar nádúr na gníomhaíochta i seomraí praiticiúla, tá sé tábhachtach go ndéantar measúnú riosca ar bhonn rialta agus béim ar leith a leagan ar sceidil seirbhíse do threalamh agus ar shubstaintí ceimiceacha a bhainistiú.

Is iad freagrachtaí ginearálta na foirne:

- A chinntiú go mbíonn an trealamh ar fad glan, saor ó dhusta / smionagar;
- A chinntiú go mbíonn cosaintí sábháilteachta ar bun i gcomhréir le moltaí an déantúsóra;
- Seiceáil gach lá nach bhfuil aon chuid fheiceálach den trealamh briste ná caite;
- Bainistíocht an Ionaid a chur ar an eolas maidir le haon fhabht nó locht ar an trealamh;
- Trealamh a úsáid i gcomhréir le treoirlínte an déantúsóra;
- Measúnuithe riosca a dhéanamh de réir mar a iarrtar trí úsáid a bhaint as teimpléid chuí de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, mar a leagtar amach i gcuid 5 den ráiteas sábháilteachta.

Is iad na freagrachtaí ginearálta atá ar an mbainistíocht scoile:

- A chinntiú go ndéantar seirbhís ar threalamh i gcomhréir le treoirlíne an déantúsóra agus riachtanais reachtúla;
- Má thugtar fógra dóibh, an trealamh damáistithe a leithlisiú agus/nó a thógáil as úsáid go dtí go n-athchóireofar é nó go gcuirfear trealamh nua ina áit agus a chinntiú go bhfuil baill foirne feasach air sin agus go bhfuil lipéad air le cur in iúl nach bhfuil sé sábháilte lena úsáid.

N.7 Fostóirí Taithí Oibre a Rialú

Measúnú Riosca 73

Is é Polasaí an Ionaid deiseanna taithí oibre le réimse fostóirí a chur ar fáil le linn na hidirbhliana nó mar chuid de mhodúl d'fhonn cúrsa a chur i gcrích. Tá sé mar aidhm ag an ionad cláir socrúcháin den chineál seo a leanas a chur ar fáil:

- Tá cuspóir leo, tá siad suntasach, cuireann siad dúshlán roimh mhic léinn agus baineann siad leis an réimse staidéir agus / nó uaillmhianta gairme;
- Déantar iad a bhainistiú faoi threoir maoirseora lena chinntiú go bhfaigheann an mac léinn fíorthaithí foghlama a oireann dá riachtanais;
- Tá plean struchtúrtha ag dul leo i gcaitheamh thréimhse an tsocrúcháin, plean a sholáthraíonn fíorthorthaí don mhac léinn agus don fhostóir;
- Leagann siad béim ar na scileanna don earnáil cheirde sin;
- Tá róil, freagrachtaí agus ionchais shoiléire ann don mhac léinn agus don fhostóir;
- Cuireann an fostóir teistiméireacht faoi charachtar nó cineál éigin aiseolais ar fáil i ndiaidh an tsocrúcháin bunaithe ar fheidhmíocht an mhic léinn.

Creideann an t-ionad go gcuireann taithí oibre le forbairt ghinearálta na mac léinn, go bhforbraíonn sí infhostaitheacht, scileanna gairme agus éifeachtúlacht phearsanta na mac léinn (mar shampla tinreamh, meonta, poncúlacht agus iompar) agus iad i mbun taithí oibre.

Glacfaidh an t-ionad beart réasúnach lena chinntiú go bhfuil an méid seo a leanas ag an bhfostóir nó go ndearna an fostóir an méid seo a leanas, cé go n-aithníonn an t-ionad go bhfuil an fhreagracht phríomha as sábháilteacht an mhic léinn ar socrúchán:

- Rinneadh measúnú ar an riosca d'oibrithe faoi bhun 18 mbliana d'aois agus iad ar an áitreabh agus tá socruithe oiriúnacha agus leordhóthanacha bainistíochta riosca ann. I gcás timpeallachtaí íseal-riosca, is féidir dearbhú a fháil trí labhairt leis an bhfostóir. I gcás timpeallachtaí ard-riosca, beidh ar an bhfostóir measúnú riosca a chur ar fáil, chomh maith le haon socrú speisialta atá riachtanach chun sábháilteacht na ndaoine óga a chinntiú:
- Árachas Éigeantach Dliteanas Fostóra atá leordhóthanach. Má tá Árachas Dliteanas Fostóra ag fostóir, clúdóidh sé sin mac léinn ar socrúchán de ghnáth;
- Níor cúisíodh é/í i sáruithe sláinte agus sábháilteachta le 3 bliana anuas.

Ceapfaidh an t-ionad múinteoir ag a bhfuil taithí chun maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar shocrúchán mac léinn le fostóirí oiriúnacha.

N.8 Gníomhaíocht an Ionaid lasmuigh den Láthair (Turais / Imeachtaí Mac Léinn)

Measúnú Riosca 71 agus 72

Is cuid de ghníomhaíochtaí laethúla an ionaid iad turais agus imeachtaí. Déanfaidh an Bainisteoir Ionaid cinnte den mhéid seo a leanas:

- Sula gcuirtear tús le haon ghníomhaíocht, cuireann an ball foirne atá ag comhordú na gníomhaíochta measúnú riosca ar an ngníomhaíocht i gcrích mar chuid den ghnáthphróiseas pleanála;
- Tá na hacmhainní agus an t-eolas ábhartha ar fad ar fáil lena chinntiú gur féidir dul ar aghaidh leis an ngníomhaíocht.

N.9 Úsáid Áitreabh an Ionaid ag Tríú Páirtithe

Ní mór gach gníomhaíocht a dhéanann tríú páirtí in áitreabh an ionaid nó a dhéantar thar ceann an ionaid a bheith déanta go sábháilte agus ní mór aon ghuais a aithint agus a bhainistiú. Ní mór d'ionaid nósanna imeachta an BOO i dtaca le caidreamh le tríú páirtithe maidir le húsáid áitreabh an ionaid a leanúint. Tá an Bainisteoir Ionaid freagrach as a chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht ar bhealach sábháilte agus go gcloítear le forálacha reachtúla cuí i dtaca le sábháilteacht.

N.10 Obair Aonarach

Measúnú Riosca 33

Féadfar go n-éileofar ar bhaill foirne áirithe, mar chuid dá ngnáthdhualgais nó i gcúinsí eisceachtúla, oibriú ina n-aonar taobh amuigh de ghnáthuaireanta oifige. Más cúinse eisceachtúil atá i gceist, ba cheart dóibh socruithe a dheimhniú le Bainistíocht an Ionaid roimh ré. Éilítear le *hAlt 19 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005* go ndéantar measúnú riosca ar obair aonarach agus socrófar leis an measúnú sin cibé acu an mbeidh baill foirne ábalta oibriú ina n-aonar. Má mheastar gur gá leis, beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas:

- Ba cheart tabhairt faoi mheasúnú riosca uimh. 33 d'oibrithe aonaracha;

- Ba cheart don oibrí aonarach cur in iúl do dhuine éigin go bhfuil siad ag obair ina (h)aonar, fón póca a fhágáil ar siúl chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leis/léi agus nós imeachta na scoile/an ionaid a aithníodh tríd an measúnú riosca a leanúint;
- Ba cheart don oibrí aonarach cumarsáid a dhéanamh leis an duine cuí nuair a chríochnaíonn siad a c(h)uid oibre;
- I gcás éigeandála, beidh an t-oibrí aonarach freagrach as a chinntiú go leanfar na nósanna imeachta sábháilteachta agus aslonnaithe ar fad;
- Beidh an t-oibrí aonarach freagrach as a chinntiú go bhfuil na limistéir ábhartha folamh, go gcuirtear aláraim ar siúl nuair a fhágann siad agus, más gá, go gcuirtear an ghníomhaireacht mhonatóireachta ar an eolas;
- Ní mór don bhall foirne gach timpiste, gortú, neastimpiste agus teagmhais dhainséaracha a thuairisciú ar an toirt.

N.11 Iompar a Bhainistiú

Má tá a fhlít feithiclí féin ag BOO, déanfaidh an BOO gach beart lena chinntiú go bhfuil a fhlít feithiclí chomh sábháilte agus is féidir agus ní iarrfaidh sé ar fhostaithe tiomáint i gcoinníollacha nach bhfuil sábháilte nó ar dóigh dóibh a bheith ina gcúis le timpeallacht chontúirteach, anacair fhisiciúil nó tuirse.

Déanfaidh an fostóir é sin trí mheán:

- Roghnúchán agus soláthar feithiclí;
- Tús áite a thabhairt do ghnéithe sábháilteachta nuair a roghnaítear feithiclí nua, lena n-áirítear:
    - Gan ach feithiclí a cheannach agus a fháil ar cíos ag a bhfuil rátáil ceithre réalta nó os a chionn ar thástálacha EuroNCAP (an Clár Eorpach um Measúnú Gluaisteán Nua);
    - Feithiclí a roghnú ag a bhfuil Rialú Cobhsaíochta Leictreonach (RCL), coscáin ABS agus málaí aeir cliathánacha a chosnaíonn an cloigeann;
    - Fearas garchabhrach a chur i ngach feithicil, múchtóir dóiteáin atá feistithe go daingean, seaicéad feiceálach do gach suíochán san fheithicil, tóirse agus triantán éigeandála;
    - A chinntiú go ndéantar dea-chothabháil ar fheithiclí agus go gcuireann an trealamh sábháilteacht an tiománaí, an oibreora agus an phaisinéara chun cinn.

Ní mór d'aon duine a thiomáineann feithicil BOO:

- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil ceadúnas tiomána reatha acu don chatagóir feithicle a thiomáineann siad agus an ceadúnas a bhreith leo nuair a thiomáineann siad feithicil BOO;
- A maoirseoir nó bainisteoir a chur ar an eolas láithreach má cuireadh a gceadúnas tiomána ar fionraí nó ar ceal, nó má cuireadh srian ar an gceadúnas;
- Am a thógáil chun eolas a chur ar lámhleabhar na feithicle;
- A bheith freagrach as a ngníomhartha agus iad ag oibriú feithicil BOO nó ag tiomáint chun críocha oibre;
- Siúil thart ar an bhfeithicil chun seiceáil iomlán a dhéanamh gach lá sula n-úsáidtear an fheithicil;

- Cloígh le Rialacha an Bhóthair agus leis an Leabhrán maidir le Tiomáint Sábháilte don Obair an t-am ar fad;
- Measúnú a dhéanamh ar ghuaiseacha le linn tiomána agus bí ag súil le haon rud a d'fhéadfadh tarlú;
- Tiomáin go cuí de réir staid reatha an bhóthair agus faoi bhun na dteorainneacha luais dlíthiúla;
- Caith crios sábhála agus déan cinnte de go gcaitheann gach paisinéir crios sábhála an t-am ar fad;
- Ná tiomáin ach nuair atá tú in ann aige – ná tiomáin riamh agus tú faoi thionchar alcóil ná drugaí, cógas ar oideas agus cógas thar an gcuntar san áireamh má bhíonn siad ina gcúis le fonn codlata;
- Seachain seachrán airde agus tú ag tiomáint - más gá, athraigh nó socraigh loingseoireacht satailíte / raidió cairr / scáthán sula n-imíonn tú. Más gá duit iad a athrú arís agus tú ag tiomáint, tarraing isteach go sábháilte chun é a dhéanamh;
- Tabhair aird ar leith ar ualaí a fheistiú lena n-iompar nó má tharraingíonn tú leantóirí;
- Tuairiscigh aon neastimpiste, timpistí agus scríobadh, lena n-áirítear nach raibh ina gcúis le díobháil, agus lean na nósanna imeachta maidir le timpistí a leagtar amach sa bheartas sin;
- Tuairiscigh fabhtanna feithicle sula n-úsáidtear an fheithicil den chéad uair eile.

Ní mór do gach ball foirne, fad a thiomáineann siad feithiclí BOO nó feithiclí dá gcuid féin chun críocha oibre, cloí le reachtaíocht tráchta, feasacht a bheith acu ar shábháilteacht ar bhóithre agus nósanna tiomána sábháilte agus nósanna sábháilteachta ar bhóithre eile a léiriú.

Déanfaidh an Bainisteoir Ionaid cinnte de go bhfuil eolas ag gach tiománaí sainithe ar Bheartas Tiomána Sábháilte an BOO agus go dtugtar faoi na seiceálacha ábhartha i gcomhréir le nósanna imeachta an BOO maidir leis an bhFlít Feithiclí a bhainistiú agus comhlíonadh na Tástála Ródacmhainne um Fheithiclí Tráchtála.

N.12 Áiseanna Lónadóireachta a Bhainistiú

Measúnú Riosca 4

Má chuireann ionad áiseanna lónadóireachta ar fáil, beidh sé de fhreagracht ar bhainistíocht an ionaid a chinntiú go ndéantar measúnú riosca cuí air agus go n-oibrítear iad de réir treoirlínte AGPRC.

Ba cheart scagairí gréisce i gcórais astarraingthe lasnairde a ghlanadh ag duine inniúil ar bhonn rialta.

Sa chás go seachfhoinsítear áiseanna lónadóireachta, leagfar socruithe amach sa chonradh fostaíochta i dtaca le freagrachtaí faoin Ráiteas Sábháilteachta.

N.13 Ábhair Mheisciúla ag an Obair

Faoin *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Alt 13),* caithfidh nach bhfuil baill foirne faoi thionchar alcóil ná drugaí nó meascán d'alcól nó drugaí agus iad ag an obair.

Níl cead ag baill foirne teacht chuig an áitreabh le dualgais a chur i gcrích agus iad faoi thionchar drugaí mídhleathacha agus /nó drugaí nach drugaí ar oideas iad ná faoi thionchar alcóil. Má tá amhras ar Bhainisteoir Ionaid go bhfuil fadhb den chineál sin ann, iarrfar ar Acmhainní Daonna scrúdú dochtúra lánroghnach a chur ar fáil. Tá sé d'oibleagáid ar bhaill foirne teacht chuig an scrúdú sin agus na moltaí ar fad a eisíonn Soláthraí Sláinte Ceirde an BOO a leanúint.

Is é beartas an ionaid mí-úsáid alcóil agus drugaí a bhainistiú ar an mbealach céanna is a bhainistíonn sé gach riosca eile do shábháilteacht, sláinte agus leas na foirne san áit oibre.

N.14 Bainistíocht Struis

Measúnú Riosca 24

Déantar cur síos ar strus mar 'staid fhiseolaíoch ar cuid den phróiseas ginearálta idirghníomhaíochta idir daoine, a n-obair agus a dtimpeallachtaí neamhoibre í agus ar léiriú í air sin'. Tá an t-ionad tiomanta do strus de bharr oibre i measc a chuid fostaithe a laghdú.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ag meascán fachtóirí, fachtóirí nach mbaineann le hobair agus a bhaineann le hobair, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, ar fholláine mheabhrach oibrí agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le strus.

Tá an BOO tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhostaithe a bhfolláine a bhainistiú trí Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe agus Folláine a chur ar fáil. Tá an clár sin ina chuid de straitéis chun sláinte foirne san áit oibre a chur chun cinn, agus béim phríomha a leagan ar chosc seachas leigheas. Áirítear leis an tseirbhís seo seirbhís chomhairleoireachta saor in aisce faoi rún maidir le raon ceisteanna sláinte agus folláine pearsanta a chuireann cliniceoirí cáilithe ar fáil. Tá sé ar fáil 24 uair in aghaidh an lae, 365 lá in aghaidh na bliana. D'fhéadfadh sonraí maidir le teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís a aimsiú ar shuíomh gréasáin an BOO nó ar SharePoint/Inlíne foirne. Anuas air sin, déanfaidh bainistíocht an ionaid:

1. Gach iarracht chun timpeallacht oibre a chur ar fáil d'oibrithe, chomh fada agus is féidir le réasún, timpeallacht ina n-íoslaghdaítear strus.
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais oibre, más féidir le réasún, chun fachtóirí a aithníodh a íoslaghdú.

N.15 Dínit ag an Obair

Measúnú Riosca 23

Tá an Bhainistíocht tiomanta go hiomlán do thimpeallacht mhaith cairdiúil oibre a chur chun cinn, timpeallacht ina gcaitear go measúil agus go hómósach le gach fostaí agus nach mothaíonn aon fhostaí go bhfuil siad faoi bhagairt ná go gcuirtear imeagla orthu inti. Chun a chinntiú go gcuirtear dea-chumarsáid chun cinn, tá roinnt beartas i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoireann agus an bhainistíocht aon cheist nó ábhar imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn san áit oibre a réiteach.

Tá na beartais seo a leanas ar fáil ina n-iomláine ar shuíomh gréasáin an BOO nó ar SharePoint/Inlíne don fhoireann.

Bulaíocht, Ciapadh agus Ciapadh Gnéasach san Áit Oibre.

De réir an BOO, ní ghlactar le bulaíocht san áit oibre agus ní chuirfidh sé suas leis i gcás ar bith. Má chuireann iompar neamh-inmhianaithe, is é sin bulaíocht, ciapadh nó ciapadh gnéasach, isteach ar dhuine nó má fheiceann duine iompar den chineál sin, spreagtar é/í an t-ábhar a ardú chun go ndéanfar é a phróiseáil. Ní chuirfidh an BOO suas le hiompar den chineál sin i gcás aon fhostaí nó aon duine eile ó thaobh na hoibre nó an ionaid oibre de.

Bulaíocht

Rinneadh cur síos ar bhulaíocht san ionad oibre mar *"iompar, idir díreach agus indíreach, míchuí a tharlaíonn arís agus arís eile cibé acu an t-iompar ó bhéal, fisiciúil nó iompar de chineál eile atá i gceist; is iompar duine amháin nó níos mó atá i gceist, a chuireann isteach ar dhuine eile nó daoine eile ag an ionad oibre agus / nó i mbun fostaíochta, agus d'fhéadfadh breathnú ar an iompar sin le réasún mar iompar a bhaineann an bonn ó chearta an duine chun dínite ag an obair. De réir an tsainmhínithe seo, d'fhéadfadh go maslófaí dínit mar gheall ar eachtra aonair iompair ach nach mbreathnófaí ar eachtra aonuaire mar bhulaíocht".*

Ciapadh / Ciapadh Gnéasach

- Déantar cur síos ar chiapadh in alt 14A (7) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 mar *aon fhoirm d'iompar neamh-inmhianaithe a bhaineann le haon cheann de na forais idirdhealaitheacha a bhfuil sé mar aidhm nó toradh acu dínit an duine a shárú nó timpeallacht bhagrach, naimhdeach, mhaslach, náireach nó ghránna a chruthú don duine sin;*
- Déantar cur síos ar chiapadh gnéasach, in alt 14A(7) de S14A (7) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta mar *aon fhoirm d'iompar neamh-inmhianaithe de chineál gnéasach, ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiciúil a bhaineann le haon cheann de na forais idirdhealaitheacha a bhfuil sé mar aidhm nó toradh acu dínit an duine a shárú nó timpeallacht bhagrach, naimhdeach, mhaslach, náireach nó ghránna a chruthú don duine sin;*

Nós imeachta maidir le gearáin faoi Bhulaíocht / Ciapadh / Ciapadh Gnéasach a láimhseáil

- Leagtar amach go mionsonraithe sa bheartas ábhartha na nósanna imeachta um ghearáin maidir le Bulaíocht, Ciapadh agus Ciapadh Gnéasach, na nósanna imeachta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla san áireamh. Tá eolas ar fáil do bhaill foirne ó dhá theagmhálaí oilte sa BOO freisin;
- Tacóidh an BOO le haon duine ar a ndéantar bulaíocht, ciapadh nó ciapadh gnéasach agus cuirfidh an BOO deireadh le haon iompar den chineál sin. Dá sárófaí an beartas seo, d'fhéadadh go dtosófaí gníomh smachtaithe agus go n-aireofaí gach beart suas le dífhostú leis sin, agus dífhostú san áireamh;
- Spreagann an BOO réiteach áitiúil neamhfhoirmiúil na bhfadhbanna, más féidir. Tabhair do d'aire go gcuirtear idirghabháil ar fáil le haghaidh gach ceann de na nósanna imeachta. Molann an BOO úsáid na hidirghabhála mar mhodh éifeachtach chun ábhair choimhlinte a réiteach,

modh a dhéantar ar bhealach neamhchlaonta agus rúnda. Is próiseas deonach agus faoi rún é idirghabháil le haghaidh achrainn a réiteach, achrainn ina gcomhaontaíonn na páirtithe iarracht a dhéanamh le saincheisteanna an achrainn a réiteach le cúnamh ó idirghabhálaí seachtrach creidiúnaithe gairmiúil.

Nósanna Imeachta Casaoide

Is é is casaoid ann ná gearán atá agat faoi d'fhostaíocht, timpeallacht oibre nó caidrimh oibre phroifisiúnta. Ní gearán faoi bhulaíocht ná ciapadh ná pá agus coinníollacha a chomhaontaítear ag an leibhéal náisiúnta é casaoid.

Má chreideann fostaithe go bhfuil casaoid acu, moltar dóibh an Nós Imeachta Casaoide don Fhoireann a léamh, chomh maith leis an Meabhrán Tuisceana lena ngabhann, agus na nósanna imeachta a leagtar amach iontu a leanúint.

Is é beartas an an BOO:

- An bhainistíocht ag gach leibhéal a spreagadh le cainéil chumarsáide agus caidrimh oibre a fhorbairt a chuirfidh cosc le casaoid nó a íoslaghdóidh casaoidí;
- Dianiarracht a dhéanamh timpeallacht oibre agus caidrimh oibre a chothú ina ndéantar aighneas a réiteach go neamhfhoirmiúil, de ghnáth;
- Áiseanna éifeachtúla córa a chur ar fáil trínar féidir le baill foirne iarraidh ar shásamh i gcás casaoidí;
- Casaoidí a réiteach ar bhealach cóir taobh istigh de na tréimhsí ama a shonraítear do na céimeanna agus a luaithe is féidir tar éis do chasaoid(í) teacht chun cinn.

Nósanna Imeachta Smachtaithe

Foireann Teagaisc Leagtar amach i

CL0048/2017 na Nósanna Imeachta Leasaithe maidir le Múinteoirí agus Príomhoidí a Chur ar Fionraí agus a Bhriseadh as a bPost. Leagtar amach sna nósanna imeachta sin:

- Nósanna imeachta do Phríomhoidí maidir lena n-obair, iompar agus ábhair inniúlachta gairmiúla ina róil mar Phríomhoidí;
- Nósanna imeachta do Mhúinteoirí maidir le hábhair inniúlachta gairmiúla agus maidir lena n-obair, iompar agus ábhair eile nach ábhair inniúlachta gairmiúla iad.

Foireann nach Foireann Teagaisc iad

Baineann an Nós Imeachta Smachtaithe don Fhoireann a úsáideann an Bord Oideachais agus Oiliúna le gach ball foirne an BOO, seachas Múinteoirí, Leas-Phríomhoidí agus Príomhoidí. Comhaontaítear an nós imeachta sin ag an leibhéal náisiúnta le roinnt ceardchumann. Leagtar amach ann conas a dhéileálfaidh an fostóir le ceisteanna a bhaineann le feidhmíocht oibre agus iompar nach bhfuil sásúil. Ní bhaineann forálacha an nós imeachta smachtaithe seo ach amháin le ceisteanna fostaíochta agus téann siad in ionad aon nós(anna) imeacht smachtaithe ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta a bhí ann

roimh an nós imeachta seo (seachas iad siúd a ndéantar foráil dó le dlí) a bhí ag oibriú in earnáil na mbord oideachais agus oiliúna.

N.16 Cosaint Mháithreachais

Measúnú Riosca 27

Bíonn feidhm ag na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007, Cuid 6, Caibidil 2, Mná ag Iompar Clainne, ag Céim na hIarbhreithe agus ag Cothú Cíche a Chosaint nuair a chuireann fostaí in iúl dá fostóir go bhfuil sí ag iompar clainne, gur rugadh leanbh di le déanaí nó go bhfuil sí ag cothú cíche agus nuair a chuireann sí teastas dochtúra cuí ar fáil. Ós rud é gurb iad na céimeanna is luaithe den toircheas na céimeanna is tábhachtaí ó thaobh fhorbairt an linbh de, tá sé chun leas an fhostaí a fostóir a chur ar an eolas go bhfuil sí torrach a luaithe is féidir.
Is rud nádúrtha é a bheith ag iompar clainne agus ní tinneas é. Ba cheart go mbeadh ball foirne nach mbuailtear ag aimhréidheanna le linn toirchis a bheith in ann a gcuid dualgas a chur i gcrích go héifeachtach éifeachtúil go dtí go dtosaíonn siad saoire mháithreachais. Ach tagann athruithe fiseolaíocha agus anatamaíocha ar mhná agus iad ag iompar clainne agus féadfar go mbeidh gá le hathruithe ar dhualgais ag teastáil mar a théann an toircheas ar aghaidh. Agus measúnú á dhéanamh ar an ngá le hathruithe den chineál sin, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais a bhaineann le dualgais an duine agus ba cheart a bheith stuama.

Cuireann an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007, (I.R. Uimh. 299 de 2007) oibleagáid ar an bhfostóir, a luaithe is a chuireann ball foirne in iúl don bhfostóir go bhfuil sí torrach, measúnú a dhéanamh ar aon riosca áirithe san áit oibre don bhall foirne agus a chinntiú nach nochtar an ball foirne atá torrach, ag céim na hiarbhreithe nó atá ag cothú cíche (laistigh de thréimhse 26 seachtain i ndiaidh bhreith an linbh) d'aon oibreáin, próisis nó coinníollacha oibre a dhéanfaidh damáiste do shábháilteacht nó leas an mhúinteora thorraigh agus / nó don leanbh i mbroinn.

Sa chás gur tugadh faoi mheasúnú riosca, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- Ba cheart an duine a chur ar an eolas maidir le toradh an mheasúnaithe riosca agus na bearta atá le glacadh. Tá an socrú mionsonraithe i dtaca leis na freagrachtaí atá ar an bhfostóir agus an duine faoi seach maidir le saoire sláinte agus sábháilteachta in Ailt 17 – 20 den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994;

- Sa chás gur aithníodh riosca agus ní féidir fáil réidh leis, ba cheart bearta cosantacha agus coisctheacha a ghlacadh chun sláinte aon duine lena mbaineann na forálacha a chosaint, ar nós:

    a. athrú sealadach ar timpeallacht oibre an duine lena mbaineann ionas go seachnaítear nochtadh don riosca, nó

b. sa chás nach féidir athrú den chineál sin a dhéanamh, an duine a aistriú chuig obair ailtéarnach oiriúnach nach bhfuil an riosca sin ag baint léi, nó

c. Muna bhfuil obair ailtéarnach den chineál sin ar fáil, agus tar éis dul i gcomhairle ón tSeirbhís Sláinte Ceirde (OSC) agus deimhniúchán a fháil uaithi, saoire sláinte agus sábháilteachta a thabhairt don mhúinteoir. Tá an ball foirne i dteideal teastas a fháil ina luaitear na cúiseanna lenar tugadh saoire di, ach é sin a iarraidh. Ní mór dáta tosaithe agus dáta deiridh measta na saoire a lua ar an teastas freisin. Is féidir Saoire Sláinte agus Sábháilteachta a bhaineann le Máithreachas a thabhairt i dtaca le níos mó ná tréimhse amháin den chineál sin, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i 9.1 agus 9.2 thuas i leith gach tréimhse atá i gceist.

Toircheas mic léinn

Ós rud é go bhfuil an dualgas cúraim céanna ag an ionad i leith mic léinn is atá i leith a bhall foirne, má chuireann mac léinn in iúl do bhainistíocht an ionaid go bhfuil sí ag iompar clainne, déanfar socruithe leis na rioscaí ar leith a bhaineann lena gníomhaíocht acadúil a mheasúnú agus bearta a ghlacadh chun a chinntiú nach nochtar í d'aon rud a dhéanfadh damáiste a dhéanamh dá sláinte nó do shláinte an linbh i mbroinn. Déanfar plé ar leith ar mheasúnú a dhéanamh ar ábhair phraiticiúla cosúil le hadhmadóireacht, miotalóireacht, eolaíocht, turais allamuigh etc. Ba cheart an nós imeachta a leagtar amach thuas, i dtaca le comhairliúchán agus aon mheasúnú riosca a roinnt, a leanúint.

Seolfar an mac léinn ar aghaidh freisin chuig na seirbhísí comhairleoireachta cuí agus déanfaidh Bainistíocht an Ionaid gach iarracht tacú leis an mac léinn cothromaíocht a aimsiú idir a freagrachtaí acadúla agus na riachtanais atá aici mar mhac léinn torrach.

N.17 Obair ar Airde

Measúnú Riosca 15

Pléann Cuid 4 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 le hObair ar Airde. Clúdaíonn na rialacháin na príomhriachtanais maidir le bearta coisctheacha, trealamh a úsáidtear, iniúchadh, taifid, coinníollacha oibre, etc.

Ciallaíonn obair ar airde obair a dhéantar in áit (seachas staighre in áit oibre bhuan) a bhféadfadh duine a bheith gortaithe dá dtitfeadh an duine uaithi, fiú má tá an obair á déanamh ar leibhéal na talún nó faoina bhun. I measc na samplaí ar ghníomhaíochtaí oibre a rangaítear mar obair ar airde san ionad, tá obair ar dhréimire nó dréimire taca.

De ghnáth, féadann gach ball foirne airíochais a bheith ag obair ar airde. Anuas air sin, aithneoidh an Bainisteoir Ionaid na catagóirí breise foirne sa scoil agus cinnteoidh sí go soláthrófar oiliúint chuí maidir le hobair ar airde.

Tá ordlathas simplí i bhfeidhm ag an scoil chun obair ar airde a bhainistiú:

- Seachain obair ar airde más féidir le réasún;

- Úsáid trealamh oibre nó bearta eile chun cosc a chur le titim agus / nó chun riosca titime a íoslaghdú sa chás nach féidir leat obair ar airde a sheachaint;
- Úsáide an trealamh atá ar fáil chun earraí atá stóráilte go hard, mar shampla dréimirí taca beaga le haghaidh comhdúcháin, limistéir stórála;
- NÁ SÍN do lámha an iomarca, déan cinnte go mbíonn trealamh san áit cheart;
- Nuair a oibríonn tú le dréimirí taca, ba cheart duit obair a sheachaint trína síneann tú i leataobh trí aghaidh na rungaí nó céimeanna a chur ar an ngníomhaíocht oibre;
- Ná úsáid dréimire ach nuair atá an oiliúint chuí ort é sin a dhéanamh.
- NÁ seas ar chathaoireacha, boscaí etc

N.18 Conraitheoirí a Bhainistiú

Déantar foráil le *hAlt 15 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*, sa chás go bhfuil duine i gceannas go feadh méid ar bith ar aon áit oibre, ar leith óna láthair oibre baile, ina n-oibríonn daoine nach a fostaithe nó a fhostaithe iad, go gcaithfidh an duine i gceannas a chinntiú, chomh fada agus is féidir le réasún, go bhfuil na bealaí isteach agus amach ón áit oibre sin, nó aon airteagal nó substaint a chuirtear ar fáil lena n-úsáid ag an áit oibre sin, sábháilte agus gan riosca don tsláinte.

Tá feidhm ag *Alt 15* aon áit a n-oibríonn fostaí in áitreabh nach bhfuil faoi rialú a scoile, cosúil le Conraitheoir.

Ba cheart go mbeifí in ann gach Conraitheoir a aithint go soiléir sula dtagann siad isteach agus an t-am ar fad atá siad san áitreabh.

Ó am go ham, bainfidh an t-ionad úsáid as seirbhísí cuideachta conarthaigh níos lú chun réimse tascanna tógála a dhéanamh, mar shampla pluiméir, leictreoir nó siúinéir etc. Má tá conraitheoir amháin i gceist leis an obair, níl aon riosca ar leith ann agus ní bheidh an tasc ar siúl ar feadh níos mó ná 30 lá oibre nó 500 lá duine, ba cheart aird a thabhairt ar na príomhphointí seo a leanas chun cloí leis na riachtanais sábháilteachta agus sláinte agus lena chinntiú go ndéantar an cineál oibre sin a dhéanamh go sábháilte gan ach cur isteach beag ar obair:

Déanann an Bainisteoir Ionaid cinnte de go bhfuil an conraitheoir inniúil. I mbeagán focal, ciallaíonn sé sin go bhfuil na cáilíochtaí agus taithí chuí ag an gconraitheoir. I measc na seiceálacha a dhéanfar, de ghnáth:

- An bhfuil siad cláraithe le comhlacht aitheanta? Mar shampla, ba cheart go mbeadh leictreoir cláraithe le Clár Chonraitheoirí Leictreachais na hÉireann (CCLÉ) nó le Cumann na gConraitheoirí Leictreachais um Chaighdeáin agus um Shábháilteacht (CCLCS);
- An ndearna siad obair den chineál céanna roimhe sin?

Go minic beidh liosta pearsanra cothabhála ag an ionad agus féadfar nach mbeidh gá le hé a athbhreithniú ach sa chás gur tháinig athrú ar aon rud.

Buailfidh an Conraitheoir agus an Bainisteoir Ionaid sula gcuirfear tús leis an tionscadal lena chinntiú go mbunaítear naisc chumarsáide roimh thús na hoibre agus le linn an chonartha. Ba cheart don chonraitheoir an Bainisteoir Ionaid a chur ar an eolas faoin bhfad is dócha a mhairfidh an obair agus na guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus conas a thabharfar aghaidh orthu. Ba cheart don chonraitheoir freisin cóip dá ráiteas sábháilteachta a chur ar fáil don Bhainisteoir Ionaid, lena n-áirítear

aon mheasúnú riosca ábhartha don tionscadal atá le déanamh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart don Bhainisteoir Ionaid an conraitheoir a chur ar an eolas faoi na réamhchúraim riachtanacha nach mór a bhreithniú, go háirithe má tá obair ar siúl le linn uaireanta scoile (tá Cead chun Oibre samplach in **Aguisín H**).

Sa sampla thuas, ainmníodh an Bainisteoir Ionaid mar an duine teagmhála don Chonraitheoir. Rinneadh é sin mar tá an Bainisteoir Ionaid freagrach as bainistíocht laethúil na scoile agus tá an Bainisteoir ullmhaithe go maith chun an obair sin a láimhseáil. Ach d'fhéadfadh an t-ionad cinneadh a dhéanamh oifigeach sábháilteachta a cheapadh agus an duine teagmhála cuí le haghaidh na hoibre ar fad a dhéanamh den oifigeach sin. Cibé córas is fearr a oireann don ionad atá i bhfeidhm, tá sé tábhachtach go dtugtar faoi chomhairliúchán ceart agus go bhfuil an Bord Bainistíochta / BOO, an Bainisteoir Ionaid, an tOifigeach Sábháilteachta agus an fhoireann go léir ar an eolas faoin obair atá le déanamh agus an tionchar a bheidh aige sin ar ghníomhaíochtaí oibre, aon athrú riachtanach is gá a dhéanamh san áireamh.

Sa chás go bhfuil obair thógála shuntasach a mhairfidh os cionn 30 lá nó 500 lá duine i gceist, ní mór don Bhainisteoir Ionaid an BOO a chur ar an eolas agus teagmháil a dhéanamh leis an BOO maidir le rialú na n-oibreacha sin.

Cuireadh na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun fáil réidh leis an riosca do Chonraitheoirí nó an riosca sin a íoslaghdú, agus ní mór na nósanna imeachta sin a fhorfheidhmiú go dian:

- Eagrófar obair na gconraitheoirí le bheith ar siúl le linn uaireanta sonraithe;
- Tá an t-ionad freagrach as a chinntiú go n-aslonnaítear an Conraitheoir go sábháilte i gcás éigeandála;
- Ní mór do chonraitheoirí cloí le rialacha sábháilteachta;
- Níor cheart dóibh dul isteach i limistéir neamhúdaraithe nach bhfuil cead acu cuairt a thabhairt orthu;
- Ní mór conraitheoirí a dhéanann obair ar an láthair a cheadú roimh thús na hoibre;
- Ní mór don Chonraitheoir beartaithe cóip shínithe dá sonraí árachais a chur isteach, chomh maith leis an Ráiteas Sábháilteachta nó Cód Cleachtais agus Ráitis Mhodha is déanaí, de réir mar is cuí. Ní cheadófar an Conraitheoir beartaithe go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar na doiciméid sin agus go gceadófar iad mar dhoiciméid chuí;
- Tá socruithe ann chun a chinntiú go gcosnaítear córais agus nósanna imeachta slándála agus, más féidir agus más cuí, go stóráiltear earraí luachmhara;
- Éilítear ar chonraitheoirí straitéisí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm is gá chun fáil réidh gach cleachtas oibre baolach agus iompar baolach i measc a bhfostaithe agus fochonraitheoirí, nó chun iad a rialú, chomh fada agus is féidir le réasún;
- Níl cead ag conraitheoirí trealamh an ionaid a úsáid.

Ní mór do chonraitheoirí:

- Cloí leis an reachtaíocht sábháilteachta ábhartha;
- Seachain teagmháil le mic léinn;
- Freastal ar aon ionduchtúchán sábháilteachta agus úsáid a bhaint as Córas Cead chun Oibre (**Aguisín H**);
- Cloí le bainistíocht riosca éifeachtach ach Cóid Chleachtais, Caighdeáin agus ábhair Treorach reatha arna bhfoilsiú ag na hÚdaráis a ghlacadh;

- Limistéir oibre, gléasra agus trealamh atá sábháilte, glan agus slachtmhar a chur ar fáil agus cothabháil a dhéanamh orthu;
- Leibhéil leordhóthanacha maoirseachta, faisnéise, oiliúna agus teagaisc a choinneáil;
- A chinntiú go gcuirtear oiliúint leordhóthanach ar a bhfostaithe agus go ndéantar taisc ar conradh go hinniúil;
- Na hárachais, ceadúnais, scileanna agus teastais riachtanacha ar fad a bheith acu le haghaidh na hoibre ar conradh.

Beidh Fostaithe nó Fochonraitheoirí an Chonraitheora ar an láthair freagrach as:

- An Feighlí agus/nó an duine ábhartha a chur ar an eolas nuair atá siad ar an láthair agus gan tús a chur le hobair go dtí go ndéantar Measúnú Conraitheora, go dtugtar faoi Ionduchtúcháin Sábháilteachta agus go n-eisítear Cead chun Oibre (más infheidhme);
- A n-áit oibre a choinneáil sábháilte, glan agus slachtmhar;
- Cloí le gach Ráitis Mhodha, Plean um Chórais Shábháilte Oibre (PCSOanna) nó Measúnuithe Riosca a bhaineann leis an obair;
- Gach timpiste, teagmhas nó neastimpiste a thuairisciú chuig an mBainistíocht;
- Gach guais a aithníonn siad a thuairisciú chuig an mBainistíocht;
- Iompar sábháilte a spreagadh agus aon treoir eile ón Scoil a chomhlíonadh;
- Taifid chuí maidir le Sláinte agus Sábháilteacht a choinneáil más gá faoi reachtaíocht áitiúil nó riachtanais chonartha;
- Nuair a chríochnaítear a n-obair, dul go dtí an Feighlí agus/nó duine ábhartha chun go gcuirfear an páipéarachas cuí i gcrích.

N.19 Cuairteoirí a Bhainistiú

Aithníonn an t-ionad go mbíonn gá le daoine den phobal agus cuairteoirí eile rochtain a fháil ar ár n-áitreabh. Aithníonn an t-ionad gur mó an seans go rachaidh ár nguaiseacha ceirde i bhfeidhm ar dhaoine den phobal, mar níl siad ar an eolas ar an láthair agus na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh. Mar sin, ní mór gach fostaí a chur ar an eolas ar na contúirtí a bhaineann le daoine den phobal a thógáil ar an láthair, agus ní mór dóibh gach beart réasúnach a ghlacadh chun a chinntiú nach ndéantar díobháil do dhuine den phobal ar shlí ar bith agus iad ar cuairt ar ár n-áitreabh.

Cuireadh na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun fáil réidh leis an riosca do Chuairteoirí nó an riosca sin a íoslaghdú, agus ní mór na nósanna imeachta sin a fhorfheidhmiú go dian:

- Tá an scoil/an t-ionad freagrach as a chinntiú go n-aslonnaítear an cuairteoir go sábháilte i gcás éigeandála;
- Ní mór do chuairteoirí cloí le rialacha sábháilteachta;
- Níor cheart dóibh dul isteach i limistéir neamhúdaraithe nach bhfuil cead acu cuairt a thabhairt orthu.

Déanfaidh an t-ionad cinnte de, i gcás imeachtaí ina bhfuil páirt ag líon mór cuairteoirí, go gcuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm chun sábháilteacht na gcuairteoirí sin a áirithiú.

N.20 Seiceálacha agus Seirbhísiú Trealaimh

Déanfaidh an Bainisteoir Ionaid cinnte do go gcuirtear socruithe cuí i bhfeidhm d'fhonn rialú a dhéanamh ar chothabháil agus iniúchadh ar threalamh. I measc an trealaimh sin, tá ardaitheoirí, trealamh ardaithe, trealamh adhmadóireachta agus trealamh eile den chineál sin (Féach **Aguisín I** le haghaidh Sampla de na hEarraí Nach Mór Cigireacht Reachtúil a Dhéanamh Orthu).

Ba cheart na rialuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm d'fhonn an riosca a bhaineann leis an trealamh a bhainistiú:

- Nuair a fhaightear trealamh, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil marc CE aige;
- Éilítear le Rialachán 30 agus Rialachán 31 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007, go ndéantar iniúchadh agus cothabháil ar an trealamh oibre ar fad go rialta;
- Chun trealamh a choinneáil i riocht mhaith oibre agus a chinntiú go bhfuil sé sábháilte lena úsáid, tá sé tábhachtach treoracha an déantúsóra a leanúint i dtaca le cothabháil agus athchóiriú an trealaimh ar fad;
- Ba cheart an trealamh ar fad a choinneáil glan, saor ó smionagar / deannach, saor ó shubstaintí guaiseacha cosúil le ceimiceáin agus oibreáin bhitheolaíochta agus ba cheart iniúchadh amhairc a dhéanamh air sula n-úsáidtear é chun a chinntiú nach bhfuil na codanna atá le feiceáil briste ná caite;
- Sonraíonn na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 - 2016, na freagrachtaí atá ar eagraíochtaí i dtaca le cigireacht reachtúil / scrúdú dian ar threalamh agus minicíocht na cigireachta. Féach **Aguisín I** le haghaidh liosta na n-earraí a bhíonn Cigireacht Reachtúil ag teastáil ina leith de ghnáth;
- Sonraíonn na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 - 2016, na freagrachtaí atá ar eagraíochtaí i dtaca le cigireacht reachtúil / scrúdú dian ar threalamh agus minicíocht na cigireachta;
- Ba cheart liosta iomlán cruinn an trealaimh ar fad i do scoil a bhfuil cigireacht reachtúil ag teastáil ina leith a fhorbairt agus a thaifeadadh i gclár trealaimh agus a sheoladh chuig láimhseálaí árachais i do BOO a dhéanfaidh na socruithe riachtanacha le go dtabharfar faoi na cigireachtaí. Féach **Aguisín J** faoi iamh;
- Ba cheart taifid Cigireachta Reachtúla a choinnéail do gach píosa trealaimh, más gá;
- Ba cheart trealamh fabhtach a aithint go soiléir, lipéad a chur air le cur in iúl nach bhfuil sé á úsáid agus é a stóráil as féin chun cosc a chur le húsáid de thaisme. Fabhtanna a thuairisciú chuig bainistíocht na scoile lena chinntiú go n-athchóirítear earraí fabhtacha nó go gcuirtear earraí nua ina n-ionad.

AGUISÍN O
Teimpléid le haghaidh Measúnú Riosca COVID-19

Ní mór do Bhainistíocht an Ionaid na Measúnuithe Riosca seo a leanas a chomhlíonadh le haghaidh gach ionaid:

1. Freagrachtaí Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde agus Córais Bhainistíochta
2. Scaradh Fisiciúil
3. Glantachán
4. Freagrachtaí Bainistíochta Foirgnimh, Tríú Páirtithe agus Éigeandála
5. Cianobair
6. Bainistíocht Cásanna
7. Meabhairshláinte agus Folláine
8. Oiliúint
9. Taisteal Gnó (más infheidhme)

MEASÚNÚ RIOSCA 1: Freagrachtaí / Córais Bhainistíochta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde							
Guais	**Riosca**	**Grúpa Riosca**	**Bearta Rialaithe**	**An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N**	**Bearta Eile atá ag Teastáil**	**Dáta Críochnaithe**	**Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)**
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Freagrachtaí Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	**Féach A-2, Prótacal C**				
			Ar cheap an fostóir duine nó foireann chun comhlíonadh na riachtanas COVID-19 a bhainistiú? **is é sin, Comhordaitheoir agus/nó Foireann um Bhainistíocht Freagartha do COVID-19**				
			Ar cheap an fostóir duine nó foireann chun tacú le feidhmiú riachtanais COVID-19 agus monatóireacht ar chomhlíonadh riachtanais COVID-19? **is é sin, Príomhionadaí na bhFostaithe um Covid-19 (PIFanna)**				
			An bhfuil líon na PIFanna i gcomhréir le líon na ndaoine san áit oibre?				
			An féidir le fostaithe na PIFanna sin a aithint go héasca?				

MEASÚNÚ RIOSCA 1: Freagrachtaí / Córais Bhainistíochta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde							
Guais	**Riosca**	**Grúpa Riosca**	**Bearta Rialaithe**	**An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N**	**Bearta Eile atá ag Teastáil**	**Dáta Críochnaithe**	**Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)**
			Ar cuireadh ar fáil an oiliúint ábhartha agus riachtanach?				
Guais	**Riosca**	**Grúpa Riosca**	**Bearta Rialaithe**	**An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N**	**Bearta Eile atá ag Teastáil**	**Dáta Críochnaithe**	**Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)**
COVID- 19 (Coróinvíreas)	**Freagrachtaí Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	Ar ceapadh **Duine Inniúil** chun Sláinte agus Sábháilteacht a bhainistiú? Féach: Alt 18 den Acht SSLO, 2005				
			An bhfuil socraithe i bhfeidhm le haghaidh **Comhairliúchán Sábháilteachta agus Ionadaithe Sábháilteachta**? *nó a chomhionann cosúil le Coiste Sábháilteachta.* Féach: Alt 25 & 26 den Acht SSLO, 2005				
			Féach E1-4, Prótacal				

MEASÚNÚ RIOSCA 1: Freagrachtaí / Córais Bhainistíochta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)
			An bhfuil Plean Gnó Freagartha do COVID-19 i bhfeidhm?	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach	14/5/20	**Íseal**
			An bhfuil Ráiteas Sábháilteachta suas chun dáta i bhfeidhm a léiríonn na hathruithe atá ann de bharr COVID-19?				
			Ar cruthaíodh agus ar nuashonraíodh Measúnuithe Riosca mar fhreagairt ar na guaiseacha a bhaineann le COVID-19?	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach	12/06/20	**Íseal**

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca ndiaidh rialuit (A,M,Í)
COVID- 19 (Coróinvíreas)	**Freagrachtaí Sláinte agus**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	An léiríonn na rialuithe Ordlathas na Rialuithe?				

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca ndiaidh rialuith (A,M,Í)
	Sábháilteachta Ceirde		An ndearnadh measúnuithe riosca aonair agus measúnuithe leighis le haghaidh fostaithe i gcatagóir ard riosca.				
			An ndearnadh beartais ghnó ábhartha (Acmhainní Daonna/Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde/GDPR), cosúil le hasláithreacht, saoire bhreoiteachta etc. a athbhreithniú agus a nuashonrú chun riachtanais maidir le COVID-19 a léiriú?	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach CL0024/2020 & CL0025/2020	27/03/20	**Íseal**

MEASÚNÚ RIOSCA 2: Scaradh Fisiciúil

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca ndiaid rialuith (A,M,
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Scaradh Fisiciúil**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	**Féach Prótacal 4c**				
			An féidir toilleadh an fhoirgnimh (líon na ndaoine) a laghdú? *Is é cianobair an rialú is fearr, más féidir.*				
			An bhfuil stáisiúin oibre/spásanna oifige/deasca 2 mhéadar ó chéile? Muna féidir é sin le réasún, ceadaítear achar 1 mhéadar amháin ar a laghad.				
			An bhfuil Scáileáin nó Sciath Fhisiceach ag teastáil?				
			An féidir stáisiúin oibre a athdhearadh nó a athchumrú?				
			An bhfuil rialuithe i bhfeidhm sa cheaintín? mar shampla maoirseacht, úsáid agaithe, uaireanta oscailte sínte, cathaoireacha/boird a bhaint, córais scuaine etc				
			An féidir le córais íocaíochta sna ceaintíní nó ar dháileoirí bia agus dí glacadh le híocaíochtaí gan tadhall?				

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádu Riosca ndiaid rialuith (A,M,
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Scaradh Fisiciúil**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	An féidir fostaithe agus foghlaimeoirí a eagrú ina bhfoirne a oibríonn le chéile agus a ghlacann sos le chéile an t-am ar fad?				
			Nuair a chuirtear lónadóireacht ar fáil, an féidir bia a chur i bpacáistí roimh ré nó roghanna ar an mbiachlár a laghdú?				
			An bhfuil rialú á dhéanamh ar úsáid ardaitheoirí? An spreagtar daoine le staighrí a úsáid?				
			An bhfuil rialú á dhéanamh ar dháileoirí uisce? Smaoinigh ar chosc a chur le húsáid coimeádán pearsanta nuair a bhíonn teagmháil ag teastáil le linn dáilte.				
			An féidir athrú a dhéanamh ar rialuithe rochtana chun teagmháil le doirse agus dromchlaí a íoslaghdú? (doirse inmheánacha nach doirse dóiteáin iad a oscailt, painéil aláraim etc)				
			An bhfuil comharthaí cuí maidir le Scaradh Sóisialta le haghaidh Covid-19 ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i bhfeidhm?				
			An féidir córas aontreo i bpasáistí agus pointí rochtana a chur i bhfeidhm?				

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádu Riosca ndiaid rialuith (A,M,
			I gcás fostaithe a úsáideann iompar poiblí - an bhfuil uaireanta solúbtha oibre á mbreithniú/á gcur ar fáil?				
Guais	**Riosca**	**Grúpa Riosca**	**Bearta Rialaithe**	**An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N**	**Bearta Eile atá ag Teastáil**	**Dáta Críochnaithe**	**Grád Riosc ndiaid rialuit (A,M,**
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Scaradh Fisiciúil**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	Dul isteach san fhoirgneamh agus amach uaidh: An féidir uaireanta agaithe a eagrú chun éascaíocht a dhéanamh ar rochtain? Muna féidir, an féidir scaradh fisiciúil a chur i bhfeidhm le haghaidh foirne, foghlaimeoirí agus/nó cuairteoirí a thagann ag an am céanna/thart ar an am céanna?				
			An bhfuil foirmeacha féindeimhnithe i bhfeidhm le haghaidh Cuairteoirí/Custaiméirí/Foghlaimeoirí? An bhfuil siad á gcoinneáil ar aon dul le riachtanais GDPR?				
			An bhfuil bearta rialaithe i bhfeidhm i seomraí locar/cithfholcadáin/áiseanna leasa eile?				
			Ar cuireadh i bhfeidhm polasaí maidir le cosc ar chroitheadh láimhe?				
			Ar tugadh treoir do bhaill foirne/foghlaimeoirí líon an-bheag giuirléidí pearsanta a thabhairt leo go dtí an áit oibre chun an riosca éillithe a sheachaint?				
			Róil a Dhéileálann le Custaiméirí - Féach Prótacal E6				

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca ndiaid rialuith (A,M,
			An bhfuarthas réidh le hidirghníomhaíocht idir fostaithe agus custaiméirí nó í a laghdú go suntasach?				
			An féidir fáil réidh le dlúth-theagmháil leis an bhfoireann fáiltithe nó í sin a laghdú? mar shampla, scáileáin, áit feithimh atá marcáilte.				
			An bhfuil rochtain ag baill foirne ar a ngléasanna cinn féin agus trealamh oibre féin, más gá?				

MEASÚNÚ RIOSCA 3: Glanadh

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Rios ndiaidh rialuith (A,M,Í)
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Glantachán**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	**Féach Prótacal 4c**				
			An bhfuil na socruithe glantacháin reatha oiriúnach don fheidhm?				
			Ar aithníodh pointí ardteagmhála lena nglanadh níos minice?				
			An bhfuil ábhair ghlantacháin oiriúnach lena n-úsáid? Ar cuireadh ábhair nua leis an liosta ceimiceán?				
			An bhfuil Díghalráin Lámh ar fáil ag áiteanna cuí? An bhfuil roghanna gan tadhall ar fáil?				

MEASÚNÚ RIOSCA 3: Glanadh

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Rios ndiaidh rialuith (A,M,Í)
			An bhfuil polasaí deisce glaine i bhfeidhm? Muna bhfuil - ní mór smaoineamh ar cheann a thabhairt isteach.				
			An bhfuil ábhair ghlantacháin ar fáil le haghaidh deasca agus trealamh TF? (mar shampla fóin, eochairchlár, deasc)				
			Ar cuireadh oiliúint athnuachana agus/nó ionduchtúcháin ar ghlantóirí?				
			Ar tugadh treoir do bhaill foirne a stáisiún oibre agus trealamh a ghlanadh agus a dhíghalrú ag tús agus deireadh gach seala oibre?				
			Ar cuireadh táirgí glantacháin ar fáil d'fhoghlaimeoirí/printísigh chun glantachán a dhéanamh ar bhonn leanúnach?				
Guais	**Riosca**	**Grúpa Riosca**	**Bearta Rialaithe**	**An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N**	**Bearta Eile atá ag Teastáil**	**Dáta Críochnaithe**	**Grádú Rio i ndiaid rialuith (A,M,Í**
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh	**Gach fostaí agus cuairteoir**	Ar tugadh treoir do bhaill foirne trealamh comhchoiteann (mar shampla fótachóipire, clódóir) a ghlanadh agus a dhíghalrú sula n-úsáideann siad é agus tar éis dóibh é a úsáid?				

MEASÚNÚ RIOSCA 3: Glanadh

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Rios ndiaidh rialuith (A,M,Í)
	féideartha do COVID-19. **Glantachán**		Ar cuireadh an TCP cuí ar fáil do ghlantóirí?				
			An ndéantar maoirseacht leordhóthanach ar shocruithe glantacháin?				
			An bhfuil comharthaí cuí maidir le Covid-19 ó FSS i bhfeidhm?				
			Ar cheart fearastú bog i limistéir chomhchoiteanna a bhaint? (e.g. cúisíní)				
			An bhfuil boscaí bruscair agus ceirtíní ar fáil do bhaill foirne chun deasca a ghlanadh agus chun fáil réidh le bruscar / ciarsúir pháipéir.				
			Ar cheart earraí eile ag pointí teagmhála a bhaint? (e.g. ornáidí)				
			An féidir teicneolaíocht gan tadhall a thabhairt isteach ag pointí teagmhála cosúil le pointí iontrála?				
			I gcás ról a dhéileálann le custaiméirí - an léiríonn an prótacal glantacháin glantachán feiceálach na bpointí teagmhála?				

MEASÚNÚ RIOSCA 4: Bainistíocht Foirgneamh, Tríú Páirtithe agus Nósanna Imeachta Éigeandála

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Ric ndiaidh ria (A,M,
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Córais Bhainistíochta Foirgnimh**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	**Féach Prótacal 7 D & E**				
			An bhfuil an Sceideal Pleanáilte le haghaidh Cothabháil Choisctheach suas chun dáta?				
			An ndearnadh tástáil ar Chórais Sábháilteachta Saoil agus an bhfuil siad ag feidhmiú mar is ceart? (mar shampla córais aláraim dóiteáin)				
			An ndearnadh iniúchadh ar chórais Aerchóirithe Téimh Aeraithe (HVAC)? Ar athraíodh scagairí? An bhfuil uasghrádú ag teastáil - féach riachtanais CIBSE.				
			Ar sruthlaíodh agus steirilíodh córais uisce?				
			Ar aeráladh gach seomra?				
			An ndearnadh na seiceálacha cothabhála ar fad de réir gnáthnós imeachta tar éis don fhoirgneamh a bheith dúnta ar feadh tamaill? (mar shampla, socruithe téimh/coire, bainistíocht dramhaíola, gníomhaíocht creimirí etc)				
			An féidir áiseanna stórála rothar sa bhreis a chur ar fáil?				
			An féidir spásanna páirceála sa bhreis a chur ar fáil?				

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Ric ndiaidh ria (A,M,
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Tríú Páirtithe a Bhainistiú: Conraitheoirí, Cuairteoirí, Custaiméirí**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	**Féach Prótacal C, 4C**				
			An bhfuil an nós imeachta Bainistíochta Conraitheoirí oiriúnach don fheidhm? mar shampla smaoinigh ar conas a chloífidh conraitheoirí le riachtanais nua maidir leis an suíomh/foirgneamh.				
			An bhfuil córas ann le cuairteanna ar an suíomh a thaifeadadh?				
			Ar breithníodh gníomhartha sa chás go dtagann tinneas/comharthaí ar fhoireann ar conradh nó foireann teagmhais nó nuair a aithníodh iad mar dhlúth-theagmhálaithe?				
			Ar cuireadh córas i bhfeidhm le haghaidh seachadtaí a fháil?				
			Ar breithníodh fógraí ó thríú páirtithe? mar shampla le cuairteoirí, bainistíocht seachadta, cúiréirí, soláthraithe poist, custaiméirí etc a chlúdach				
			An bhfuil áiseanna Níocháin Lámh agus/nó díghalráin ar fáil?				

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Ric ndiaidh ria (A,M,
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Práinnfhreagairt**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	**Féach Prótacal 7B**				
			Nósanna Imeachta Dóiteáin - an bhfuil athrú ag teastáil chun líon ball foirne nua, leagan amach nua etc a léiriú?				
			Garchabhair ag an Obair: An bhfuil athrú ag teastáil lena chinntiú go bhfuil go leor clúdaigh ann?				
			An bhfuil Freagróirí Garchabhrach ar an eolas faoi riachtanais nua COVID-19 nó ar tugadh eolas dóibh fúthu?				
			An bhfuil trealamh cosantach pearsanta ar fáil do gharchabhróirí? Tabhair do d'aire: Prótacal PHECC.				
			An féidir fostaithe a bhfuil comharthaí le sonrú orthu a leithlisiú i seomra oiriúnach nach n-úsáidtear ach chun na críche sin?				
			An bhfuil teastais oiliúna fós bailí do bhaill den Fhoireann Práinnfhreagartha?				

MEASÚNÚ RIOSCA 5: Cianobair

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)
COVID- 19 (Coróinvíreas)	**Cianobair**	**Fostaithe**	**Féach Prótacal 4c**				
			An bhfuil Beartas Cianoibre i bhfeidhm?				
			Ar cuireadh an Cuideachta Árachais ar an eolas maidir le socruithe cianoibre?	**T**	Dheimhnigh IPB ag an Leibhéal Corparáideach clúdach maidir le socruithe cianoibre	12/03/20	**Í**
			Ar tugadh tús áite d'fhostaithe leochaileacha ó thaobh cianoibre de?				
			Ar tugadh Foirmeacha Measúnaithe Riosca/Eirgeanamaíochta ar obair ón mbaile do gach duine agus ar cuireadh na foirmeacha sin i gcrích?				
			Ar cuireadh oiliúint ar fáil?				
			Ar cuireadh trealamh cuí TF agus eile ar fáil?				
			Sa chás gur aithníodh ábhair imní a bhaineann le cúrsaí eirgeanamaíochta - an dtuigeann an fostaí cé chuige a dtuairiscíonn sé amhail?				
			Ar sainíodh cainéil chumarsáide idir an fostóir agus fostaithe?				
			An bhfuil rialuithe maidir le ham oibre i bhfeidhm?				
			An bhfuil rialuithe GDPR i bhfeidhm?				

MEASÚNÚ RIOSCA 6: Bainistíocht Cásanna

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	BEARTA RIALAITHE	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grá Rios ndia rialu (A,M
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Bainistíocht Cásanna**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	**Féach E-4 Prótacal**				
			An bhfuil beartas tinnis maidir le COVID-19 i bhfeidhm? (D'fhéadfadh gur pháirt den Phlean Freagartha do COVID-19 é sin)	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach	14/5/20	**Í**
			An bhfuil an fhoirm Réamhfhillte ar Obair i bhfeidhm?				
			Cé atá freagrach as an bhfoirm a bhainistiú (eisiúint, athbhreithniú, cartlannú)?				
			An bhfuil gach fostaí ar an eolas ar an bpróiseas fógartha agus na hiarmhairtí a bheidh ann muna leanann siad na nósanna imeachta sa bheartas fógartha?				
			An gá athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas/nós imeachta asláithreachta/saoire breoiteachta?	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach – CL0024/2020 & CL0025/2020	27/3/20	**Í**
			An bhfuil duine freagrach as asláithreacht a rianú?	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach (Rannóg AD)	Tá sé ann cheana	**Í**

MEASÚNÚ RIOSCA 6: Bainistíocht Cásanna

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	BEARTA RIALAITHE	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grá Rios ndia rialu (A,M
Guais	**Riosca**	**Grúpa Riosca**	**BEARTA RIALAITHE**	**An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N**	**Bearta Eile atá ag Teastáil**	**Dáta Críochnaithe**	**Grá Rios ndia rialu (A,M**
COVID- 19 (Coróinvíreas)	Riosca ionfhabhtaithe mar gheall ar nochtadh féideartha do COVID-19. **Bainistíocht Cásanna**	**Gach fostaí agus cuairteoir**	An bhfuil duine freagrach as filleadh ar an obair a cheadú?				
			An bhfuil duine freagrach as logáil teagmhálaithe a dhéanamh?				
			An dtuigeann fostaithe cuspóir an loga teagmhálaithe?				
			An bhfuil duine freagrach as teagmháil a dhéanamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte?				
			An bhfuil duine freagrach as faisnéis faoi COVID-19 ó FSS a scaipeadh?				
			An dtuigeann fostaithe a gcuid freagrachtaí maidir le féin-aonrú?				
			An bhfuil conradh i bhfeidhm le soláthraí Seirbhíse Sláinte Ceirde nó soláthraí ginearálta leighis?	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach	Tá sé ann cheana	**Í**

MEASÚNÚ RIOSCA 7: Meabhairshláinte agus Folláine

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)
COVID- 19 (Coróinvíreas)	**Meabhairshláinte agus Folláine a Bhainistiú**	**Gach fostaí**	**Féach Prótacal 7c**				
			An bhfuil tacaíochtaí ar fáil d'fhostaithe a bhfuil fadhbanna Meabhairshláinte reatha nó nua acu, ar nós imní?	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach	Tá sé ann cheana	**Íseal**
			Ar cuireadh fostaithe ar an eolas faoi na tacaíochtaí sin nó ar cuireadh na tacaíochtaí sin i gcuimhne dóibh?				
			An gá athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá ann?				
			An bhfuil Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (CCF) i bhfeidhm?	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach	Tá sé ann cheana	**Íseal**
			Ar breithníodh tacaíochtaí atá ar fáil cheana ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte? Workplace Stress agus WorkPositive.				

MEASÚNÚ RIOSCA 8: Oiliúint agus Trealamh Cosanta Pearsanta

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	Bearta Rialaithe	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)
COVID- 19 (Coróinvíreas)	**Oiliúint**	**Gach fostaí**	Ar cruthaíodh oiliúint athionduchtúcháin/ionduchtúcháin?	**T**	I bhfeidhm ag an Leibhéal Corparáideach	14/5/20	**Íseal**
			Cé atá freagrach as an oiliúint a sholáthar?				
			An dtuigeann fostaithe a bhfreagrachtaí ó thaobh freastal ar oiliúint?				
			An bhfuil na córais soláthair oiliúna atá ann (córais ar líne san áireamh) oiriúnach don fheidhm?				
			An bhfuil na hábhair oiliúna reatha oiriúnach don fheidhm?				

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	BEARTA RIALAITHE	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)
COVID- 19 (Coróinvíreas)	**Trealamh Cosanta Pearsanta**	**Gach fostaí**	**Féach Prótacal 4c**				
			Ar tugadh faoi Mheasúnuithe Riosca le haghaidh gach taisc a bhféadfadh TCP a bheith ag teastáil ina leith?				

Guais	Riosca	Grúpa Riosca	BEARTA RIALAITHE	An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N	Bearta Eile atá ag Teastáil	Dáta Críochnaithe	Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)
			Ar úsáideadh suíomhanna gréasáin na FSS agus HPSC i dtaca le húsáid TCP?				
			An bhfuarthas agus ar cuireadh ar fáil TCP oiriúnach?				
			Ar nuashonraíodh an fardal/clár TCP chun riachtanais COVID-19 a léiriú?				
			Ar cuireadh oiliúint ar fhostaithe maidir le húsáid, glanadh, stóráil agus diúscairt cheart TCP?				
			An bhfuil socruithe i bhfeidhm le hiniúchadh a dhéanamh ar TCP?				
			An bhfuil léiriú ar shocruithe diúscartha sa nós imeachta Bainistíochta Dramhaíola?				

MEASÚNÚ RIOSCA 9: Taisteal Gnó/Feithiclí Gnó (más infheidhme)							
Guais	**Riosca**	**Grúpa Riosca**	**Bearta Rialaithe**	**An bhfuil an rialú i bhfeidhm? T/N**	**Bearta Eile atá ag Teastáil**	**Dáta Críochnaithe**	**Grádú Riosca i ndiaidh rialuithe (A,M,Í)**
COVID- 19 (Coróinvíreas)	**Taisteal Gnó/Feithiclí Oibre** **** Más Infheidhme***	**Gach fostaí**	**Féach Prótacal 4c**				
			Ar nuashonraíodh an Beartas Taistil chun srianta taistil COVID-19 a léiriú?	**T**	**Beartas Corparáideach i bhfeidhm**	16.06.20	**Í**
			Ar cuireadh na hathruithe sin in iúl d'fhostaithe?				
			Ar nuashonraíodh cleachtais maidir le roinnt carranna chun an riosca a léiriú?				
			Ar cuireadh díghalráin lámh agus trealamh glanta le haghaidh feithiclí oibre?				
			An bhfuil córais oiriúnacha cruinnithe ó chian ar fáil do gach fostaí chun taisteal a sheachaint?				

Rinneadh athbhreithniú ar an Ráiteas seo ar an 10ú Bealtaine 2022.

Síniú an Cathaoirligh:

Síniú an Phríomhoide:

Dáta: